RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/61 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Eanáir 2025

lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 18 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Imscrúduithe a rinneadh roimhe seo agus na bearta atá i bhfeidhm

(1) An 4 Bealtaine 2018, ghlac an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/683 ([2]) lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 ('boinn' nó 'táirge lena mbaineann') de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín').

(2) An 18 Deireadh Fómhair 2018, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1579 ([3]) lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an Rialachán frithdhumpála bunaidh').

(3) An 9 Samhain 2018, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1690 ([4]) lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe agus ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1579 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála cinntitheach agus lena mbailítear go gcinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/163 ('an Rialachán frith-fhóirdheontais bunaidh').

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Rialachán (AE) 2018/683 ón gCoimisiún an 4 Bealtaine 2018 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/163 (IO L 116, 7.5.2018, lch. 8).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1579 ón gCoimisiún an 18 Deireadh Fómhair 2018 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/163 (IO L 263, 22.10.2018, lch. 3).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1690 ón gCoimisiún an 9 Samhain 2018 lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe agus ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1579 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/163 (IO L 283, 12.11.2018, lch. 1).

(4) Tar éis do Chomhlachas Tionscail Rubair na Síne ('CRIA') agus Comhlachas Tráchtála Allmhaireoirí & Onnmhaireoirí Miotal, Mianraí agus Ceimiceán na Síne ('CCCMC') agóid a thaisceadh, chuir Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an Rialachán bunaidh ar neamhní an 4 Bealtaine 2022 ina breithiúnas i gcásanna uamtha T-30/19 agus T-72/19 ([5]) ('Breithiúnas na Cúirte'), na Rialacháin fhrithdhumpála bunaidh agus frith-fhóirdheontais bhunaidh a mhéid a bhaineann le roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin.

(5) Tar éis bhreithiúnas na Cúirte, d'athoscail an Coimisiún na himscrúduithe agus an 4 Aibreán 2023, d'ath-fhorchuir an Coimisiún dleacht frithdhumpála chinntitheach le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/737 ón gCoimisiún ([6]) ('an dara Rialachán frithdhumpála') agus dleacht frithchúitimh chinntitheach le Rialachán Cur Chun Feidhme 2023/738 ón gCoimisiún ([7]) ('an dara Rialachán frith-fhóirdheontais).

(6) An 6 Meán Fómhair 2024, d'fhoirceann an Coimisiún dhá pháirt-athbhreithniú eatramhacha ar na bearta frithdhumpála agus frithchúitimh is infheidhme maidir le hallmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe agus ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne. ([8]) ([9]).

(7) Is in euro in aghaidh na hítime atá na dleachtanna frithchúitimh atá i bhfeidhm faoi láthair, idir EUR 3,75 agus EUR 57,28 in aghaidh na hítime.

1.2. **Iarraidh ar athbhreithniú éaga**

(8) Tar éis foilsiú fógra maidir le dul in éag ([10]) atá le tarlú, fuair an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') iarraidh ar athbhreithniú de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ('an bun-Rialachán').

(9) Is í an Chomhghuaillíocht in aghaidh allmhairí éagóracha bonn ('an t-iarratasóir') a chuir an iarraidh ar athbhreithniú isteach an 11 Lúnasa 2023 thar ceann thionscal an Aontais maidir le haerbhoinn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121, de réir bhrí Airteagal 10(6) den bhun-Rialachán. Bhí an iarraidh ar athbhreithniú bunaithe ar an bhforas gur dócha, ar dhul in éag na mbeart, go leanfar den dumpáil agus den díobháil nó go ndéanfar an fóirdheonú agus an díobháil do thionscal an Aontais an athuair.

([5]) Breithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Deichiú Dlísheomra, Comhdhéanamh Méadaithe) an 4 Bealtaine 2022, *Comhlachas Tionscail Rubar na Síne (CRIA) agus Comhlachas Tráchtála Allmhaireoirí & Onnmhaireoirí Miotal, Mionraí & Ceimiceán na Síne (CCCMC)* v *An Coimisiún Eorpach*, T-30/19 agus T-72/19, EU:T:2022:226.

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/737 ón gCoimisiún an 4 Aibreán 2023 lena n-ath-fhorchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta i gcásanna uamtha T-30/19 agus T-72/19 (IO L 96, 5.4.2023, lgh. 9-44).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/738 ón gCoimisiún an 4 Aibreán 2023 lena n-ath-fhorchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta i gcásanna uamtha T-30/19 agus T-72/19 (IO L 96, 5.4.2023, lch. 45).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2217 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2024 lena bhfoirceanntar an páirt-athbhreithniú eatramhach ar na bearta frith-fhóirdheontais is infheidhme maidir le hallmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchta, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, agus ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2219 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2024 lena bhfoirceanntar an páirt-athbhreithniú eatramhach ar na bearta frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchta, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, agus ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

([10]) IO C 62, 20.2.2023, lch. 4.

1.3. **Athbhreithniú éaga a thionscnamh**

(10) Arna chinneadh don Choimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú le hAirteagal 25(1) den bhun-Rialachán, gur leor an fhianaise a bhí ann chun athbhreithniú éaga a thionscnamh, thionscain sé athbhreithniú éaga an 10 Samhain 2023 maidir le hallmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchta, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tír lena mbaineann') isteach san Aontas ar bhonn Airteagal 18 den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ([11]) ('an fógra tionscnaimh').

1.4. **Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(11) Leis an tréimhse ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023 ('an tréimhse scrúdaithe athbhreithnithe') cumhdaíodh an t-imscrúdú i dtaobh an leanfar den fhóirdheonú nó an dtarlóidh sé arís,. An t-imscrúdú ar na treochtaí atá ábhartha chun a mheas an dócha go leanfar den díobháil nó go ndéanfar an athuair í, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go deireadh thréimhse an imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

1.5. **Páirtithe leasmhara**

(12) San fhógra tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun páirt a ghlacadh san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an t-iarratasóir, na táirgeoirí aitheanta i nDaon-Phoblacht na Síne agus údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne, na hallmhaireoirí aitheanta, chomh maith le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach, ar an eolas go sonrach faoi thionscnamh an athbhreithnithe éaga agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach ann.

(13) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh an athbhreithnithe éaga agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála.

1.6. **Sampláil**

(14) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

Táirgeoirí an Aontais a shampláil

(15) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn na nithe seo a leanas:

— Ionadaíocht fhoriomlán i dtéarmaí mhéid tháirgeacht agus mhéid díolachán an táirge chomhchosúil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe;

— ionadaíochas na leibhéal ([12]) i dtéarmaí mhéid tháirgeacht agus mhéid díolachán an táirge chomhchosúil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe;

— raon geografach agus ionadaíochas tháirgeoirí an Aontais i dtéarmaí catagóire, is é sin idir FBManna agus cuideachtaí níos mó.

(16) Is é a bhí sa sampla sin sé tháirgeoir de chuid an Aontais. Chuimsigh táirgeoirí sampláilte an Aontais breis agus 25 % de mhéid iomlán táirgeachta agus díolachán measta an táirge chomhchosúil san Aontas.

(17) I gcomhréir le hAirteagal 27 den bhun-Rialachán, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt faoin sampla sealadach. Níor cuireadh aon bharúil faoina bhráid. Measadh dá bhrí sin go raibh an sampla ionadaíoch do thionscal an Aontais.

([11]) Fógra tionscnaimh maidir le hathbhreithniú éaga ar na bearta frith-fhóirdheontais is infheidhme i dtaca le hallmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe agus ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne IO C 711, 10.11.2023.

([12]) Mínítear an deighilt idir leibhéil i roinn 2.4.

Allmhaireoirí a shampláil

(18) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san fógra tionscnaimh a sholáthar.

(19) Chuir allmhaireoir neamhchomhlachaithe amháin é féin in iúl don Choimisiún ach níor sholáthair sé an fhaisnéis a iarradh ná níor thoiligh sé a bheith san áireamh sa sampla. Níor tháinig aon allmhaireoir neamhchomhlachaithe eile chun cinn.

Táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne a shampláil

(20) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta i nDaon-Phoblacht na Síne an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne agus ar chomhlachais táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.

(21) Sholáthair trí cinn de tháirgeoirí onnmhairiúcháin nó de ghrúpaí táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh agus d'aontaigh siad a bheith curtha san áireamh sa sampla. Chumhdaigh dhá ghrúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin thart ar 50 % den mhéid tuairiscithe a onnmhairíodh chuig an Aontas Eorpach le linn na tréimhse Iúil 2022-Meitheamh 2023 agus fuarthas nach raibh méid onnmhairí an tríú táirgeoir onnmhairiúcháin suntasach. I gcomhréir le hAirteagal 27 den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de dhá ghrúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú laistigh den tréimhse a bhí ar fáil. I gcomhréir le hAirteagal 27 den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann agus le húdaráis na tíre lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla. Níor tugadh aon bharúil.

(22) San imscrúdú bunaidh, d'aontaigh 49 dtáirgeoir onnmhairiúcháin go n-áireofaí sa sampla iad. San imscrúdú athbhreithnithe reatha cé gur liostaíodh níos mó ná 140 táirgeoir onnmhairiúcháin sa ghearán, níor thug ach 3 tháirgeoir onnmhairiúcháin nó grúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin freagra samplála.

(23) Chuimsigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha thart ar 50 % de mhéid iomlán allmhairí bonn ón tSín isteach san Aontas Eorpach agus bhí níos lú ná 2 % de tháirgeadh iomlán bonn sa tSín i gceist leo. Ós rud é go raibh sciar thart ar 5,4 % de mhargadh an Aontais ag allmhairí ón tSín le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, mheas an Coimisiún go soláthródh leath de na hallmhairí sin faisnéis leordhóthanach chun measúnú a dhéanamh ar an bpraghas onnmhairiúcháin agus ar leanúnachas nó atarlú an fhóirdheonaithe le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus, dá bhrí sin, is féidir a mheas go bhfuil siad ionadaíoch ar iomlán na n-allmhairí ón tSín.

1.7. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(24) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig an dá ghrúpa sampláilte onnmhaireoirí agus chuig na sé tháirgeoir shampláilte an Aontais. Cuireadh an ceistneoir céanna ar fáil ar líne freisin lá an tionscnaimh. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún ceistneoir chuig an iarratasóir.

(25) Fuarthas freagraí ar an gceistneoir ón dá ghrúpa shampláilte de tháirgeoirí onnmhairiúcháin agus ó shé tháirgeoir de chuid an Aontais. Bhí an freagra a fuarthas ó tháirgeoir amháin de chuid an Aontais, Recauchutagem São Mamede, Lda ('RSM') easnamhach agus d'iarr an Coimisiún ar an táirgeoir sin a fhreagra a chomhlánú. Ní bhfuarthas aon fhreagra eile, agus chuir an Coimisiún in iúl do RSM go bhfuil sé ar intinn aige Airteagal 28 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm agus úsáid a bhaint as na fíorais atá ar fáil. Ní bhfuarthas aon bharúil eile ón táirgeoir sin de chuid an Aontais.

(26) Dá bhrí sin, d'úsáid an Coimisiún na sonraí a sholáthair na cúig tháirgeoir eile de chuid an Aontais. Gan sonraí a fháil ó RSM, ní raibh ach tionchar imeallach aige sin ar ionadaíochas an tsampla. Na cúig tháirgeoir eile de chuid an Aontais, baineann breis agus 25 % de mhéid iomlán measta tháirgeacht agus dhíolacháin an táirge chomhchosúil san Aontas leo go fóill. Dá bhrí sin, measadh go raibh an sampla eile sin de chúig tháirgeoir de chuid an Aontais ionadaíoch do thionscal an Aontais.

(27) Chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir.

(28) Dá bhrí sin, is in áitribh na gcuideachtaí seo a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán, agus sna háitribh sin amháin:

(1) ***Táirgeoirí an Aontais***

— Lapin Kumi Oy, an Fhionlainn

— RuLa-BRW GmbH, an Ghearmáin

— Marangoni S.P.A, an Iodáil

— dhá tháirgeoir de chuid an Aontais a d'iarr rúndacht

(2) ***Táirgeoirí sampláilte sa tSín***

(a) Grúpa Giti:

— Giti Tire (an tSín) Investment Co., Shanghai, an tSín;

— GITI Radial Tire (Anhui) Ltd., Hefei, an tSín;

— Giti Tire (Fujian) Co. Ltd., Fujian, an tSín;

(b) Grúpa Hankook:

— Chongqing Hankook Tire Co. Ltd., Chongqing, an tSín;

— Jiangsu Hankook Tire Co. Ltd., Jiangsu, an tSín;

2. AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ, AN TÁIRGE LENA MBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. An táirge faoi athbhreithniú

(29) Is é an táirge atá faoi réir an athbhreithnithe seo aerbhoinn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121, atá faoi chóid AC 4011 20 90 agus ex 4012 12 00 (cód TARIC 4012 12 00 10) faoi láthair. Is ar mhaithe le faisnéis amháin a thugtar na cóid AC agus TARIC, agus gan dochar d'aon athrú a dhéanfaí ar an aicmiú taraife ina dhiaidh sin ('an táirge faoi athbhreithniú').

(30) Cumhdaítear leis an táirge faoi athbhreithniú aerbhoinn nua agus atráchtaithe araon le haghaidh busanna nó leoraithe a bhfuil na bunsaintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna acu. Tá an dá chineál táirge lena mbaineann déanta as an ionchur céanna (fiú má tá an teicneolaíocht lena mbaineann éagsúil) agus tá struchtúr comhchosúil acu. Tugann an éagsúlacht in amhábhair agus struchtúr tréithe feidhmíochta éagsúla.

2.2. Modh monaraíochta

2.2.1. *Boinn nua*

(31) Tá na nithe seo a leanas i gceist le próiseas monaraíochta na mbonn nua leoraithe agus busanna: (1) rubar a chumasc agus a mheascadh; (2) ullmhú comhpháirteanna bonn; (3) déanamh bonn (glas); (4) cruachan (volcánú); agus (5) an chigireacht deiridh. Déantar gach bonn leoraí agus bus as na hamhábhair bhunúsacha chéanna, eadhon rubar nádúrtha, rubar sintéiseach, cruach, dubh carbóin, ceimiceáin agus olaí eile chomh maith le fabraic agus tá na comhpháirteanna céanna acu, eadhon crios tráchta, taobh-bhalla, cásáil istigh, sreanga coirníní, criosanna cruach, cordaí cásála, fiú má aimsítear éagsúlacht áirithe idir táirgeoirí éagsúla an táirge seo.

(32) Fuarthas amach freisin go raibh teicneolaíochtaí éagsúla i gceist le próiseas monaraíochta na mbonn nua leoraithe agus bus, rud nach raibh tionchar aige, áfach, ar thorthaí foriomlána na hidirmhalartachta.

2.2.2. *Boinn atráchtaithe*

(33) Go bunúsach, is próiseas athchúrsála é atráchtadh trína ndéantar boinn chaite a athchóiriú tríd an trácht a athsholáthar ar sheanchásáil. Is príomhghnéithe den phróiseas atráchta iad cásálacha, agus, dá bhrí sin, is cuid shubstaintiúil de ghníomhaíocht an atráchtóra iad cásálacha atá oiriúnach lena n-atráchtú a roghnú agus a fháil. Dá bhrí sin, is iad cásálacha príomhionchur an phróisis táirgthe agus is ionann iad — ag brath ar a gcáilíocht — agus fíortháirge 'leathchríochnaithe' nó dramhaíl.

(34) Arís, d'fhéadfadh teicneolaíochtaí éagsúla a bheith i gceist leis an bpróiseas sin gan tionchar a imirt ar thorthaí idirmhalartachta an Choimisiúin.

2.3. **Úsáidí agus cineálacha bonn**

(35) Táirgtear boinn leoraithe agus busanna i réimse leathan cineálacha agus méideanna a fhaightear ar raon leathan feithiclí tráchtála, ó leoraithe seachadta áitiúla agus busanna i suíomhanna uirbeacha nó réigiúnacha go dtí na leoraithe agus na busanna cianaistir de réir a méide agus a sonraíochtaí innéacs ualaigh. Níl siad oiriúnach lena n-úsáid ar fheithiclí paisinéirí ná ar fheithiclí tráchtála éadroma eile ná le haghaidh feithiclí atá go hiomlán lasmuigh den bhóthar amhail tarracóirí talmhaíochta.

(36) Díoltar boinn le haghaidh leoraithe nó busanna in dhá chineál agus i gceithre chatagóir. Is rogha níos traidisiúnta é bonn de chineál feadáin; tá feadán istigh aige, a bhfuil a chomhla féin aige, atá curtha taobh istigh den bhonn. I mbonn gan feadán, déanann an bonn agus imeall an rotha séala aerdhíonach, agus an comhla suite go díreach ar an imeall. Is boinn gan feadán iad tromlach mór na mbonn le haghaidh leoraithe nó busanna a dhíoltar san Aontas. Is iad seo a leanas na ceithre chatagóir bonn le haghaidh leoraithe nó busanna: stiúradh, tiomáint, leantóir agus ilsuíomh. Tá boinn stiúrtha deartha lena n-úsáid ar an acastóir tosaigh chun cabhrú le stiúradh ach is féidir iad a úsáid i ngach suíomh ar na leoraithe nó ar an mbus ag brath ar úsáid na feithicle. Tá boinn tiomána deartha don traein tiomána agus soláthraíonn siad tarraingt níos fearr. Tá boinn leantóra deartha lena bhfeistiú ar leantóirí, agus tá boinn ilsuímh deartha lena n-úsáid i ngach suíomh ar fheithicil ag brath ar a n-úsáid.

(37) Tá boinn, bídís nua nó atráchta, faoi réir na gceanglas sábháilteachta céanna ar mhargadh an Aontais agus atá leagtha amach i dTreoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]).

2.4. **Deighilt i dtrí leibhéal de mhargadh an Aontais le haghaidh bonn**

(38) Léiríonn an fhaisnéis a bhailigh agus a fuair an Coimisiún go bhfuil margadh an Aontais do bhoinn busanna agus leoraithe deighilte ina thrí leibhéal nó ina thrí dheighleog. Cé nach bhfuil aon línte deighilte soiléire i measc na leibhéal, tá comhaontú ginearálta i measc na bpáirtithe leasmhara agus torthaí an Choimisiúin maidir leis an gcatagóiriú seo a leanas.

(39) Le boinn leibhéal 1 cumhdaítear boinn nua phréimhe le branda suaitheanta na bpríomhmhonaróirí. Is príomhthoisc é aitheantas branda do bhoinn ar an leibhéal sin agus tugann sé údar le praghsanna i bhfad níos airde le haghaidh feidhmíochtaí arda a bhfuiltear ag súil leo chomh maith le hinfheistíochtaí margaíochta an-láidir. Áirítear buntrealamh le haghaidh boinn leoraithe nó monaróirí busanna ('OE1') go príomha sa leibhéal sin. Áirithítear le cáilíocht bhoinn leibhéal 1 ardleibhéal in-atráchtaitheachta do na boinn atá deartha le bheith ina mboinn 'ilsaolré', rud a mhéadaíonn míleáiste an táirge bhunaidh i bhfad níos airde (suas le trí atráchtú le haghaidh gnáthúsáide). Tá leibhéal níos airde sábháilteachta ag baint le boinn leibhéal 1 freisin agus is minic a bhíonn leibhéal maith seirbhísí iardhíola ag gabháil leo.

(40) Cumhdaíonn boinn leibhéal 2 formhór na mbonn neamhphréimhe, idir bhoinn nua agus atráchta, agus praghsanna idir thart ar 65 % agus 80 % de phraghas bhoinn leibhéal 1. Féadfar buntrealamh le haghaidh bonn monaróirí leantóirí ('OE2') a áireamh ar an leibhéal sin. Tá aitheantas branda tábhachtach i gcónaí sa leibhéal sin agus is iondúil go mbíonn aithne mhaith ag ceannaitheoirí ar bhrandaí a bhíonn in ann na monaróirí bonn a shainaithint freisin. De ghnáth bíonn siad inatráchta uair amháin ar a laghad agus, cé go bhfuil siad níos teoranta ná boinn leibhéal 1, soláthraíonn siad dea-fheidhmíocht ó thaobh míleáiste de.

([13]) Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear creat chun mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá beartaithe le haghaidh feithiclí den sórt sin a cheadú (IO L 263, 9.10.2007, lch. 1).

(41) Cumhdaítear le boinn leibhéal 3 boinn nua agus boinn atráchta araon ag a bhfuil feidhmíochtaí míleáiste níos ísle agus in-atráchtaitheacht an-teoranta, más ann dóibh. Is iondúil go mbíonn praghas níos lú ná 65 % de phraghas agus d'fheidhmíocht mhíleáiste bhoinn leibhéal 1 orthu. Sa tsraith sin, is beag an t-aitheantas branda atá ann agus is é an praghas an fachtóir cinntitheach i gcinneadh an chustaiméara a cheannach. De ghnáth ní chuirtear seirbhísí iardhíola ar fáil dóibh.

(42) Is féidir boinn atráchta a aicmiú faoi leibhéal 2 nó leibhéal 3. Cé go bhfuil roinnt bonn Síneach inatráchta, is beag atráchtadh a dhéantar sa tSín. Tá atráchtadh forleathan, áfach, san Aontas agus i margaí eile, mar shampla sa Bhrasaíl. Is éard atá sa ghníomhaíocht atráchta san Aontas:

— atráchtairí comhtháite atá ag gníomhú faoi ainm, branda nó sainordú táirgeora bonn nua. Feictear iad go bhfuil siad ag leanúint na mbrandaí a dhíolann na boinn nua. Comhfhreagraíonn sé sin do bhoinn leibhéal 2,

— atráchtóirí neamhspleácha a chlúdaíonn margaí agus méideanna geografacha i bhfad níos lú de ghnáth. Díolann siad boinn faoina n-ainm nó a mbranda féin agus bíonn siad ag brath ar a saineolas féin. Is FBManna iad a bhformhór (níos mó ná 400 táirgeoir san Aontas). Comhfhreagraíonn sé sin do bhoinn leibhéal 3.

(43) Chuir an Coimisiún an mhapáil chéanna ar bhoinn nua agus atráchta i bhfeidhm de réir branda agus a cuireadh i bhfeidhm san imscrúdú bunaidh. Chuir an gearánach an fhaisnéis sin ar fáil freisin agus cuireadh ar fáil í do na páirtithe leasmhara uile lá an tionscnaimh.

2.5. **An táirge lena mbaineann**

(44) Is é an táirge lena mbaineann an t-imscrúdú seo an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an táirge lena mbaineann').

2.6. **An táirge comhchosúil**

(45) Faoi mar a suíodh san imscrúdú bunaidh, is amhlaidh a deimhníodh leis an imscrúdú den athbhreithniú éaga sin go bhfuil na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna, mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna, ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre na tíre lena mbaineann;

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin leis an gcuid eile den domhan; agus

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(46) Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 2(c) den bhun-Rialachán.

3. **FÓIRDHEONÚ**

(47) I gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, agus mar a shonraítear san fhógra tionscnaimh, scrúdaigh an Coimisiún an dócha go leanfar d'fhóirdheonú an táirge lena mbaineann de thionscnamh na Síne nó go dtarlóidh sé arís de thoradh dhul in éag na mbeart atá ann cheana.

(48) Chinn an Coimisiún, i bhfianaise na dtorthaí thíos lena ndeimhnítear gur ann d'fhóirdheonú leanúnach i ndáil leis na fóirdheontais a frithchúitíodh san imscrúdú bunaidh, chomh maith le fóirdheontais bhreise nua a bheith ann, eadhon nótaí glactha bainc, nach raibh aon ghá imscrúdú a dhéanamh ar na fóirdheontais uile a líomhnaíonn an t-iarratasóir a bheith ann. Go deimhin, de bhun Airteagal 18 den bhun-Rialachán, ba cheart don Choimisiún scrúdú a dhéanamh an bhfuil fianaise ann go bhfuiltear ag leanúint le fóirdheonú, gan beann ar a mhéid.

3.1. **Fóirdheontais a fhrithchúitíodh san imscrúdú bunaidh**

(49) Ar bhonn na faisnéise a bhí san iarraidh ar athbhreithniú agus ar bhonn an fhógra tionscnaimh, rinne an Coimisiún imscrúdú ar na cleachtais fóirdheonaithe seo a leanas:

(i) Iasachtaí beartais tosaíochta, línte creidmheasa, díoltóirí onnmhairiúcháin agus creidmheasanna ceannaitheoirí onnmhairiúcháin, maoiniú eile, agus ráthaíochtaí;

(ii) Árachas creidmheasa onnmhairiúcháin atá fabhrach,

(iii) Cláir deontais

(iv) Ioncam ligthe thar ceal trí chláir um Cháin Dhíreach a Dhíolmhú agus a Laghdú

(v) Ioncam ligthe thar ceal trí Chláir um Chánacha Indíreacha agus Taraifí Iompórtála

(vi) Soláthar earraí nó seirbhísí ag rialtas le haghaidh luach saothair atá níos lú ná luach saothair leordhóthanach (LTAR)

(50) Maidir le soláthar earraí ar íocaíocht nach leordhóthanach le haghaidh ábhair ionchuir, cosúil lena thorthaí san imscrúdú bunaidh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh aon tairbhe ann do cheannacháin intíre na n-ábhar ionchuir is coitianta a úsáidtear, eadhon rubar nádúrtha, rubar sintéiseach, dubh carbóin, corda níolóin. Dá bhrí sin, san athbhreithniú éaga atá ann faoi láthair, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh gá le himscrúdú a dhéanamh ar scéim den sórt sin.

3.2. **Neamh-chomhoibriú agus úsáid na bhfíoras atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 28(1) den bhun-Rialachán**

(51) An 15 Márta 2024, chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Iarradh ar Rialtas na Síne freisin ceistneoirí a chur ar aghaidh a bhí beartaithe do bhainc agus d'institiúidí airgeadais eile arb eol do Rialtas na Síne gur sholáthair siad iasachtaí do thionscal na mbonn sa tSín, don Chinese Export & Credit Insurance Corporation ('Sinosure') agus do tháirgeoirí agus do dháileoirí cruach teorollta agus fuar-rollta a sholáthair ionchuir chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh.

(52) Níor thug Rialtas na Síne, ná aon duine d'fhaighteoirí beartaithe eile na gceistneoirí thuasluaite freagra ar iarraidh an Choimisiúin.

(53) Trí Nóta Briathartha an 26 Aibreán 2024, chuir an Coimisiún in iúl d'údaráis na Síne, i ndiaidh neamh-chomhoibriú ó Rialtas na Síne agus ó tháirgeoirí Síneacha an táirge faoi athbhreithniú, go raibh sé beartaithe ag an gCoimisiún a thorthaí a bhunú ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 28(1) den bhun-Rialachán. Cuireadh in iúl dóibh freisin go bhféadfadh cinneadh bunaithe ar fhíorais a bheith níos lú fabhar ná mar a bheadh dá mba rud é gur chomhoibrigh Rialtas na Síne agus táirgeoirí. Níor cuireadh aon bharúil faoi bhráid an Choimisiúin.

(54) Dá réir sin, i gcomhréir le hAirteagal 28 den bhun-Rialachán, mheas an Coimisiún go raibh gá le fíorais a úsáid chun a shuí an leanfar den fhóirdheonú nó an dtarlóidh sé arís maidir leis an táirge lena mbaineann ar de thionscnamh na Síne é.

(55) Dá réir sin, d'úsáid an Coimisiún na fíorais ar fad a bhí ar fáil dó dá anailís, go háirithe:

(a) an iarraidh;

(b) torthaí an imscrúdaithe bunaidh ([14]);

([14]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2018/1690 ón gCoimisiún an 9 Samhain 2018 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aerbhonn áirithe, nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe agus g a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 283, 12.11.2018, lch. 1).

(c) torthaí na n-imscrúduithe frith-fhóirdheontais agus na n-athbhreithnithe éaga is déanaí a rinne an Coimisiún maidir le tionscail spreagtha sa tSín, amhail rothair leictreacha ([15]) ('an rothar leictreach'), táirgí cruach a bhfuil bratú orgánach orthu ([16]) ('OCS'), cáblaí snáthoptaice ([17]) ('OFC') agus scragall tiontaire alúmanaim, ([18])fabraicí snáithíní gloine ([19]) ('GFF'), táirgí snáithíní gloine filiméad ([20])('GFR'), páipéar mín brataithe, ([21])táirgí cothroma teorollta ([22]) ('HRF'), agus BEV, ([23])inar scrúdaíodh fóirdheontais chomhchosúla;

(d) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le saobhadh suntasach ar gheilleagar na Síne chun críche imscrúdú cosanta trádála ('an Tuarascáil maidir leis an tSín'). ([24])

3.3. **Cur i láthair phleananna, thionscadail agus dhoiciméid eile Rialtas na Síne**

(56) Sula ndearna an Coimisiún anailís ar an bhfóirdheonú líomhnaithe i bhfoirm fóirdheontas nó cláir fóirdheontais (ranna 3.4 agus ar lean thíos) rinne sé measúnú ar phleananna, tionscadail agus doiciméid eile an rialtais, nithe a bhí ábhartha maidir le níos mó ná ceann amháin de na fóirdheontais nó na cláir fóirdheontais. Shuigh sé go bhfuil na fóirdheontais nó na cláir fóirdheontais uile atá á measúnú ina gcuid de chur chun feidhme phleanáil lárnach Rialtas na Síne ar na cúiseanna seo a leanas.

(57) Dearbhaítear torthaí an imscrúdaithe bunaidh bunaithe ar phleananna rialtais a bhí i bhfeidhm ag an am sin san athbhreithniú éaga reatha. Shuigh an Coimisiún san imscrúdú athbhreithniúcháin go léirítear i roinnt doiciméad beartais gur tionscal 'Spreagtha' é tionscal na mbonn. Baineann sé sin go háirithe leis an 14ú Clár Nuálaíochta Teicneolaíochta Tionsclaíche Cúig Bliana arna eisiúint ag an Aireacht Tionscail agus Teicneolaíochta Faisnéise. ([25])

([15]) Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/72 ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO L 16, 18.1.2019, lch. 5).

([16]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/688 ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí áirithe cruach le bratú orgánach orthu de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 116, 3.5.2019, lch. 39).

([17]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/72 ón gCoimisiún an 18 Eanáir 2022 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2011 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon Phoblacht na Síne (IO L 12, 19.1.2022, lch. 34)

([18]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2287 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2021 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí scragaill tiontaire alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE)2021/2170 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí scragaill tiontaire alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 458, 22.12.2021, lch. 344).

([19]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/776 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2020 lena bhforchuirtear dleachtanna cinntitheacha frithchúitimh ar allmhairí fabraicí snáithíní gloine fite agus/nó fuaite áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hÉigipte agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear bearta cinntitheacha frithdhumpála ar allmhairí fabraicí snáithíní gloine fite agus/nó fuaite áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hÉigipte (IO L 189, 15.6.2020, lch. 1)

([20]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/328 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí táirgí de shnáithín gloine filiméadach leanúnach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 65, 25.2.2021, lch. 1).

([21]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/328 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí táirgí de shnáithín gloine filiméadach leanúnach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 65, 25.2.2021, lch. 1).

([22]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1123 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí táirgí comhréidhe teorollta áirithe, ar táirgí iarainn, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 148, 8.6.2023, lch. 84).

([23]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2754 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha nua atá ceaptha chun daoine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a iompar (IO L, 2024/2754, 29.10.2024).

([24]) Ar fáil ag https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=SWD(2024)91&lang=en.

([25]) https://www.gov.cn/zhengce/2022-04/10/content_5684320.htm.

(58) Sa 14ú plean cúig bliana ([26]) don tréimhse 2021 go 2025, leagtar béim ar fhís straitéiseach Rialtas na Síne chun príomhthionscail a fheabhsú agus a chur chun cinn. Ina Chuid a Trí, Airteagal VIII, leagtar amach físeanna straitéiseacha Rialtas na Síne chun tionscail thraidisiúnta a chlaochlú agus a uasghrádú. Ina theannta sin, luaitear in Airteagal IX an ais forbartha do thionscail straitéiseacha atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear tionscail na n-ábhar nua, feithiclí nua fuinnimh, agus trealamh ardleibhéil. Cuimsíonn sé sin tionscal na mbonn trí thacaíocht atá dírithe ar rubar nó ar pheitriceimiceáin. Dírítear sa phlean freisin ar phríomhtheicneolaíochtaí a úsáidtear chun boinn a mhonarú, i.e. peitriceimiceáin, rubar, cruach agus teicstíl.

(59) Cuirtear an 14ú Plean Cúig Bliana chun feidhme a thuilleadh trí phleananna earnála, lena leagtar síos treo na mbeartas atá le cur chun feidhme chun tionscail agus earnálacha straitéiseacha a fhorbairt. Sna 'Tuairimí Treorach maidir le Forbairt ardcháilíochta thionscal na bpeitriceimiceán agus na gceimiceán a chur chun cinn le linn an 14ú Plean Cúig Bliana' áirítear boinn faoin tionscal rubair.

(60) Is beartas tionsclaíoch faoi stiúir an Stáit é 'Made in China 2025' a fhéachann leis an tSín a dhéanamh ceannasach i monaraíocht ardteicneolaíochta dhomhanda trí fhóirdheontais rialtais, Fiontair faoi Úinéireacht Stáit, agus éadáil maoine intleachtúla, agus ar an gcaoi sin dul in ionad acmhainneacht eachtrach. Áirítear ann bearta a bhaineann go díreach le monarú bonn, a dhíríonn ar bhoinn agus ar ionchuir lena dtáirgeadh araon. Faoi Threochlár Made in China 2025, sainmhínítear "ábhair nua bhunúsacha" mar ábhair lena n-áirítear *iarann agus cruach, neamhfheiriúil, peitriceimiceach, ábhair thógála, tionscal éadrom, teicstílí agus ábhair bhunúsacha eile sna hábhair ardleibhéil' (mór-ionchuir i dtáirgeadh bonn). Tagraíonn an beartas freisin 'd'úsáid cistí tionsclaíocha, ioncam caipitil faoi úinéireacht stáit, agus bealaí eile a fhiosrú chun tacú le domhandú [...] gluaisteán, [...] agus trealaimh eile agus acmhainneachtaí tionsclaíocha dea-shuite, agus chun infheistíocht thar lear agus M&A a chur chun feidhme.*' ([27]) Dá bhrí sin, trí bhoinn agus ionchuir riachtanacha lena monarú a áireamh sna 'príomhthionscail' agus 'ábhair nua' atá 'á spreagadh' faoin mbeartas 'Made in China 2025', tá rochtain ag tionscal bonn na Síne ar chistiú suntasach ón Stát.

(61) San imscrúdú bunaidh, shuigh an Coimisiún, ag tagairt do 'Chinneadh Uimh. 40 ón gComhairle Stáit' ([28]) ('Cinneadh Uimh. 40'), gur ordú ón gComhairle Stáit é an gníomh sin, i.e. an comhlacht riaracháin is uachtaraí sa tSín, agus go bhfuil sé fós ina cheangal dlí ar chomhlachtaí poiblí agus ar oibreoirí eacnamaíocha eile. Faoi Chinneadh Uimh. 40, sainaithnítear roinnt earnálacha atá ábhartha mar earnálacha atáthar a spreagadh, go háirithe peitriceimiceáin, míncheimiceáin, bithcheimiceáin, iompar agus iompar poiblí uirbeach (busanna). Faigheann earnálacha spreagtha roinnt fóirdheontas. Go háirithe, aicmítear boinn Trucaile, Bhus agus Ghathacha (TBR) faoin gcatagóir 'spreagtha' (faoi 'tionscal na bpeitriceimiceán agus na gceimiceán') in eagrán 2019 den Chatalóg Threorach mar a leanas: *Bonn gathacha ardfheidhmíochta (lena n-áirítear bonn gathacha trucailí gan feadán, bonn gathacha innealtóireachta ollmhór (os cionn 49 orlach), trasghearradh íseal agus cothrom (níos lú ná 55 Sraith)) agus teicneolaíocht agus trealamh monaraíochta cliste, bonn eitlíochta, bonn gathacha talmhaíochta agus tacú le hábhair agus trealamh speisialta, rubar nádúrtha de chineál nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.* ([29]) Spreagtar earnálacha eile atá ábhartha go díreach do mhonarú bonn freisin mar rubar nádúrtha, rubar sintéiseach, trealamh monaraíochta, athchúrsáil, teicstíle agus cruach. Thairis sin, áirítear freisin in eagrán 2022 de Chatalóg na dTionscal Spreagtha le haghaidh Infheistíocht Eachtrach roinnt tionscal a bhaineann le boinn, amhail táirgeadh rubair nádúrtha agus shintéisigh, trealamh monaraíochta agus teicstílí ([30]).

([26]) NPC, 2021, Achoimre ar an 14ú Clár Cúig Bliana d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta Náisiúnta Dhaon-Phoblacht na Síne agus Fís Fhadtéarmach 2035, le fáil ó: http://www.gov.cn/xinwen/2021-03/13/content_5592681.htm.

([27]) Fógra ón gComhairle Stáit maidir le Foilsiú 'Made in China 2025' (ar fáil ag: https://cset.georgetown.edu/wp-content/uploads/t0432_made_in_china_2025_EN.pdf).

([28]) Cinneadh ón gComhairle Stáit maidir le Cur i bhFeidhm agus Cur chun Feidhme na bhForálacha Sealadacha maidir le Coigeartú ar Struchtúr Tionsclaíoch a Chur Chun Cinn Uimh. 40 (2005); Catalóg Threorach maidir le hOiriúnú an Struchtúir Thionsclaíoch (2019) (ar fáil ag: https://www.gov.cn/xinwen/2019-11/06/5449193/files/26c9d25f713f4ed5b8dc51ae40ef37af.pdf).

([29]) Catalóg Threorach maidir le hOiriúnú an Struchtúir Thionsclaíoch (2019), lch. 17 (ar fáil ag: https://www.gov.cn/xinwen/2019-11/06/5449193/files/26c9d25f713f4ed5b8dc51ae40ef37af.pdf).

([30]) Catalóg na dTionscal Spreagtha le haghaidh Infheistíocht Eachtrach (Eagrán 2022), ar fáil ag: https://www.tjftz.gov.cn/tisip/upload/files/2023/1/Catalogue%20of%20Encouraged%20Industries%20for%20Foreign%20Investment%20(2022_Edition).pdf).

(62) Déantar foráil freisin sna príomhphleananna tionsclaíocha arna n-eisiúint ag Rialtas na Síne maidir le tacaíocht do thionscail atá fíor-riachtanach do tháirgeadh bonn, go háirithe:

(a) Peitriceimiceáin (rubar sintéiseach agus dubh carbóin): D'fhoilsigh an Aireacht Tionscail agus Teicneolaíochta Faisnéise ('MIIT') an 14ú Plean 5 Bliana lena ndírítear ar fhorbairt thionscail na n-amhábhar ([31]), mar aon le *Tuairimí Treorach maidir le Forbairt Ardcháilíochta Thionscal na bPeitriceimiceán agus na gCeimiceán a Chur Chun Cinn le linn an 14ú Plean 5 Bliana*.

(b) Rubar Aiceanta: is é an príomhdhoiciméad *Imlíne Treorach an 14ú Plean Cúig Bliana maidir le forbairt an tionscail Rubair*. Díríonn an imlíne ar shlabhra soláthair iomlán an tionscail rubair agus leagann sé amach cuspóirí agus stiúrann sé acmhainní i ngach réimse ([32]). Go sonrach, déantar rubar nádúrtha a tháirgeadh agus a dhíol faoi threoirlínte Chomhlachas Tionscail Rubair na Síne ('CRIA') lena gcinntear spriocanna táirgthe 1,5 billiún cuid de tháirgí rubair.

(c) Cruach (téada agus slat sreinge): Tá tacaíocht fhorleathan Rialtas na Síne don tionscal cruach seanbhunaithe ar fud raidhse tuarascálacha agus imscrúduithe ón gCoimisiún ([33]). Tá cruach fós ina príomhthionscal do Rialtas na Síne, mar a léiríodh le tuairimí *Treorach a eisíodh go luath in 2022 maidir le forbairt ardcháilíochta an Tionscail Iarainn agus Cruach a chur chun cinn*, chun an 14ú Plean Cúig Bliana agus an *14ú Plean Cúig Bliana chun Tionscal Amhábhar a Fhorbairt a chur chun feidhme*.

(d) Fuinneamh: chinn an Coimisiún roimhe seo go mbaineann úsáideoirí móra tionsclaíocha leictreachais sa tSín tairbhe as praghsanna leictreachais laghdaithe ([34]).

(e) Teicstíl: Faoi chuimsiú an 14ú Plean Cúig Bliana, d'eisigh an Roinn Tionscail agus Teicneolaíochta Faisnéise fógra maidir le *Seoladh Gníomhaíochtaí Teicstíle agus Éadaigh 2022 'Soláthar a Fheabhsú agus Uasghrádú a Chur Chun Cinn'* ar dá réir atá Comhairle Náisiúnta Teicstílí agus Éadaí na Síne freagrach as tascanna a phleanáil agus a chur i bhfeidhm ([35]) faoi mhaoirseacht na Comhairle Stáit. Leis an gcomhcheangal idir an smacht atá aige ar an tionscal agus an tacaíocht a dheonaítear dó, ceadaítear do Rialtas na Síne a áirithiú go dtairgtear na hionchuir teicstíle le haghaidh táirgeadh bonn ar phraghsanna atá faoi bhun phraghsanna an mhargaidh.

(63) Tá tionscal bonn na Síne á threorú tuilleadh ag imlíne Treorach an 14ú Plean Cúig Bliana maidir le forbairt an tionscail Rubair, arna fhoilsiú ag CRIA, a dhíríonn ar shlabhra soláthair iomlán an tionscail rubair agus a leagann amach cuspóirí agus acmhainní díreacha.

(64) Dá bhrí sin, tá táirgeadh bonn féin chomh maith lena shlabhra soláthair iomlán mar chuid de na tionscail atá 'á spreagadh' ag Rialtas na Síne agus, mar thoradh air sin, tairbhí thacaíocht Rialtas na Síne, lena n-áirítear rochtain ar mhaoiniú fabhrach agus ar ionchuir ar luach saothair nach bhfuil leordhóthanach (talamh, leictreachas, rubar (sintéiseach), etc.).

([31]) 'An Ceathrú Plean Cúig Bliana Déag' d'fhorbairt thionscal na n-amhábhar, Aireacht Tionscail agus Teicneolaíochta Faisnéise, Aireacht Eolaíochta agus Teicneolaíochta, Aireacht Acmhainní Nádúrtha (ar fáil ag: https://cset.georgetown.edu/wp-content/uploads/t0284_14th_Five_Year_Plan_EN.pdf).

([32]) Scaoileadh an '14ú Plean Cúig Bliana' den tionscal rubair, ag cruthú ré nua glóire, Cumann Tionscail Rubair na Síne, Samhain 2020.; Treoirlínte don '14ú Plean Cúig Bliana' de chuid an Tionscail Rubair, Samhain 2020 (ar fáil ag: https://www.cria.org.cn/c174).

([33]) Féach, mar shampla, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1123 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí táirgí comhréidhe teorollta áirithe, ar táirgí iarainn, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, aithrisí 44 agus s.

([34]) Féach Rialachán 2018/1690, aithris 469, agus Fógra maidir le dlús a chur le trádáil cumhachta margadhbhunaithe agus sásraí trádála a fheabhsú, arna eisiúint ag NDRC agus ag an Údarás Náisiúnta Fuinnimh, an 18 Iúil 2018.

([35]) Fógra ó Oifig Ghinearálta na hAireachta Tionscail agus Teicneolaíochta Faisnéise maidir le Gníomhaíochtaí Teicstíle agus Éadaigh 'Soláthar Sármhaith agus Cur Chun Cinn an Uasghrádaithe' 2022 a dhéanamh, an Aireacht Tionscail agus Teicneolaíochta Faisnéise, Nollaig 2022 (ar fáil ag: https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2022-10/12/content_5717806.htm).

3.4. *Iasachtú fabhrach*

3.4.1. *Iasachtaí*

(65) San imscrúdú bunaidh ([36]), shuigh an Coimisiún gur chomhlachtaí poiblí iad bainc faoi úinéireacht an Stáit toisc gur fheidhmigh siad údarás an rialtais.

(66) Maidir leis na bainc a thug iasachtaí do na táirgeoirí a chomhoibrigh san imscrúdú bunaidh, bhí tromlach na mbanc sin faoi úinéireacht an Stáit. Léirigh an fhaisnéis a bhí ar fáil ón imscrúdú bunaidh agus ó na himscrúduithe frith-fhóirdheontais is déanaí a luaitear in aithris (55) thuas go raibh formhór na mbanc mór fós faoi úinéireacht an Stáit, lena n-áirítear na príomhbhainc tráchtála sa tSín, amhail Bank of China, China Construction Bank, Agricultural Bank of China agus Industrial and Commercial Bank of China. Ina theannta sin, fuarthas freisin go raibh áit cheannasach sa mhargadh ag na bainc thráchtála sin faoi úinéireacht an Stáit agus ina gcáil mar chomhlachtaí poiblí go raibh iasachtaí á dtairiscint acu ag rátaí úis faoi bhun an mhargaidh. Dá réir sin, thángthas ar an gconclúid go raibh beartas ag Rialtas na Síne iasachtú fabhrach a sholáthar do thionscal na mbonn.

(67) Shuigh an Coimisiún freisin, ar bhonn, inter alia, Airteagail 34 de Dhlí na Síne maidir le Bainc Tráchtála ('an dlí baincéireachta') agus Airteagail 17 agus 18 de Chinneadh Uimh. 40, gur chuir Rialtas na Síne de chúram ar bhainc tráchtála faoi úinéireacht phríobháideach sa tSín agus gur threoraigh sé dóibh iasachtaí fabhracha a sholáthar do thionscal na mbonn, mar iasachtaí a bhaineann leis an gcatagóir 'spreagtha', i gcomhréir le hAirteagal 3(1)(a)(iv) den bhun-Rialachán.

(68) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go ndearnadh ranníocaíocht airgeadais le táirgeoirí bonn i bhfoirm aistriú díreach cistí ó Rialtas na Síne de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(i) den bhun-Rialachán; agus gur chuir an rialtas de chúram freisin ar bhainc faoi úinéireacht phríobháideach nó gur threoraigh sé iad chun ranníocaíochtaí airgeadais a sholáthar do na táirgeoirí céanna de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(iv) den bhun-Rialachán.

(69) Bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthair an t-iarratasóir san iarraidh agus ar fhaisnéis ó na himscrúduithe a rinneadh le déanaí a luaitear thuas in aithris (55), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach soláthraíonn rátálacha creidmheasa na Síne meastachán iontaofa ar riosca creidmheasa na sócmhainne foluití. Ar an mbonn sin, fiú má bhronn gníomhaireacht rátála Síneach rátáil chreidmheasa mhaith ar chuid de na cuideachtaí sampláilte san athbhreithniú éaga reatha, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil na rátálacha sin iontaofa.

(70) Fuarthas go raibh tairbhe de réir bhrí Airteagail 3(2) agus 6(b) den bhun-Rialachán ann sa mhéid gur deonaíodh na hiasachtaí rialtais ar théarmaí níos fabhraí ná mar a d'fhéadfadh an faighteoir a fháil ar an margadh. Ós rud é gur suíodh nach soláthraítear tagarmharc margaidh iomchuí (bainc faoi úinéireacht phríobháideach arna gcur de chúram agus arna dtreorú ag Rialtas na Síne) le hiasachtaí neamh-rialtais sa tSín, cruthaíodh tagarmharc den sórt sin ar bhonn ráta iasachta caighdeánach People's Bank of China. Coigeartaíodh an ráta sin chun gnáthriosca margaidh a léiriú tríd an bpréimh chuí mheasta ar bhannaí arna n-eisiúint ag gnólachtaí a bhfuil rátáil bannaí 'grád neamh-infheistíochta' acu (ag ráta BB) a chur leis.

(71) Fuarthas go raibh an clár fóirdheontais sin sonrach de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán, toisc gur bhain tionscal na mbonn leis an gcatagóir spreagtha de réir Chinneadh Uimh. 40.

(72) Ina theannta sin, fuarthas go raibh an clár ina chlár sonrach faoi Airteagal 4(2)(b) den bhun-Rialachán, toisc go rabhthas ag spreagadh agus ag treorú tacaíocht airgeadais don tionscal cruach, i réigiúin gheografacha shonracha na Síne freisin, leis na pleananna agus doiciméid áirithe rialtais.

(73) D'athraigh an ráta fóirdheontais a suíodh san imscrúdú bunaidh do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ó 0,34 % go 48,37 %.

([36]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2018/1690 ón gCoimisiún an 9 Samhain 2018 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aerbhonn áirithe, nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe agus g a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 283, 12.11.2018, lch. 1).

3.4.1.1. Leanúint den chlár fóirdheontais

(74) San iarraidh ([37]), chuir an t-iarratasóir fianaise ar fáil gur lean táirgeoirí bonn na Síne de thairbhe a bhaint as iasachtú fabhrach agus rátaí úis faoi bhun an mhargaidh ó bhainc intíre na Síne.

(75) Sholáthair an t-iarratasóir fianaise ar láithreacht shuntasach agus cheannasacht margaidh leanúnach SOBanna in earnáil bhaincéireachta na Síne. Liostaíodh san iarraidh na SOBanna móra a thug iasacht ar théarmaí fabhracha do tháirgeoirí bonn sa tSín.

(76) Ar deireadh, thug an t-iarratasóir le fios go raibh bainc phríobháideacha fós á gcur de chúram agus á dtreorú ag Rialtas na Síne chun iasachtaí fóirdheonaithe a sholáthar, de réir bhrí Airteagal 3.1(a)(iv) den bhun-Rialachán.

(77) In éagmais comhoibriú ó Rialtas na Síne agus ós rud é nár chuir páirtithe leasmhara aon argóint i láthair le linn an imscrúdaithe a chuirfeadh i gcoinne na fianaise a chuir an t-iarratasóir i láthair maidir le staid reatha chóras baincéireachta na Síne, tá an Coimisiún den tuairim go leanann a thorthaí ón imscrúdú bunaidh de bheith infheidhme.

(78) Thairis sin, deimhníodh na fíorais chriticiúla atá ábhartha chun an clár fóirdheonaithe sin a bhunú agus chun leanúint leis, eadhon gníomhú SOBanna mar chomhlachtaí poiblí, a gceannasacht in earnáil na baincéireachta, cúram agus treo na mbanc príobháideach, le torthaí na n-imscrúduithe ([38]) is déanaí maidir le OCS, gloine snáithín, scragall alúmanaim, agus BEV.

3.4.1.2. Sochar

(79) Rinne an Coimisiún méid an fhóirdheontais in-fhrithchúitithe a ríomh ansin. Le haghaidh an ríomha sin, rinne sé measúnú ar an sochar a bronnadh ar na faighteoirí le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. De réir Airteagal 6(b) den bhun-Rialachán, is é an sochar a thugtar d'fhaighteoirí an difríocht idir an méid úis a d'íoc an chuideachta ar iasacht an rialtais agus an méid a íocann an chuideachta ar iasacht tráchtála inchomparáide, a d'fhéadfadh an chuideachta a fháil ar an margadh.

(80) Mar a rinneadh san imscrúdú bunaidh, ríomh an Coimisiún an tairbhe ó na cleachtais iasachtaithe fhabhraigh le haghaidh gach grúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar bhonn aonair agus leithdháil an tairbhe sin ar an táirge lena mbaineann.

3.4.1.3. Grúpa Hankook

(81) Tá staid airgeadais an-difriúil ag an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin de chuid Grúpa Hankook ('Hankook'). Is gnó aibí é an chéad chuideachta, Jiangsu Hankook Tire Co. Ltd ('JHKT'), a raibh brabúis leanúnacha aige le linn na tréimhse 2020-2023. Chruinnigh an dara cuideachta, Chongqing Hankook Tire Co. Ltd ('CHKT'), caillteanais throma ó cuireadh tús leis in 2010, cé go ndearna sé glanbhrabús in 2020 agus 2023. Deimhníodh an measúnú sin le linn na cuairte fíorúcháin. Tá an cóimheas idir fiachas agus sócmhainní íseal go leor sa chéad chás agus sách ard sa dara cás.

(82) Thug an Coimisiún dá aire gur bhronn institiúidí airgeadais na Síne faoi úinéireacht stáit rátálacha creidmheasa AAA-ar JHKT cé gur bhronn na hinstitiúidí airgeadais céanna faoi úinéireacht stáit rátálacha creidmheasa ó A go AA ar CHKT. I bhfianaise shaobhadh foriomlán rátálacha creidmheasa na Síne a luaitear i roinn 3.4.1.1 thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh an rátáil sin iontaofa.

(83) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, fuair ceann de na táirgeoirí roinnt cistí ó iasachtaí gearrthéarmacha trína n-earraí infhaighte onnmhairiúcháin a dhíol le bainc na Síne. Níor ghlac CHKT aon iasacht agus níor úsáid sé ach comhthiomsú airgid idir cuideachtaí chun a chuid oibríochtaí a mhaoiniú.

([37]) Féach aithrisí 74 go 136 den iarraidh agus na hiarscríbhinní comhfhreagracha.
([38]) Féach aithris litir c)

(84) Mheas an Coimisiún go gcomhfhreagraíonn staid fhoriomlán airgeadais an ghrúpa do rátáil BB, arb í an rátáil is airde í nach gcáilíonn a thuilleadh mar 'grád infheistíochta'. Ciallaíonn 'grád infheistíochta' go mbreithníonn an ghníomhaireacht rátála go bhfuil bannaí arna n-eisiúint ag an gcuideachta sách dóthanach chun oibleagáidí íocaíochta a chomhlíonadh go gceadaítear do bhainc infheistiú iontu.

(85) Cuireadh an phréimh a rabhthas ag súil léi ar bhannaí arna n-eisiúint ag gnólachtaí a bhfuil an rátáil sin acu (BB) i bhfeidhm ansin ar ráta iasachta caighdeánach People's Bank of China ('PBOC') chun ráta an mhargaidh a chinneadh.

(86) Cinneadh an mharcáil suas trí ríomh an raoin choibhneasta idir na hinnéacsanna US AA bannaí corparáideacha arna rátáil le bannaí corparáideacha US BB arna rátáil bunaithe ar shonraí Bloomberg le haghaidh deighleoga tionsclaíocha. Cuireadh an raon difríochta coibhneasta a ríomhadh ar an gcaoi sin leis na rátaí úis tagarmhairc arna bhfoilsiú ag PBOC ar an dáta a deonaíodh an iasacht, ([39])agus ar feadh na tréimhse céanna leis an iasacht atá i gceist. Rinneadh é seo ina aonar le haghaidh gach iasachta a cuireadh ar fáil don chuideachta.

(87) Sna barúlacha ar an nochtadh deiridh, mhaígh Hankook nár cheart JHKT a íosghrádú toisc nach bhfuil údar leis. Líomhain an chuideachta nár cheart tionchar a bheith ag staid airgeadais an ghrúpa iomláin ar an measúnú ar rátáil na cuideachta. Rinne an Coimisiún an measúnú ar staid airgeadais na gcuideachtaí bunaithe ar na sonraí a bailíodh san imscrúdú. Chuir an Coimisiún staid airgeadais an ghrúpa iomláin san áireamh mar gheall ar na dlúthnaisc agus an gaol idir cuideachtaí an Ghrúpa. Ní hamháin go bhfuil idirbhearta a bhaineann go díreach ag na cuideachtaí ach tá baint acu freisin leis na scéimeanna maoinithe amhail comhthiomsú airgid, billí lascainithe. Dá bhrí sin, tugadh neamhaird ar na héilimh agus níl aon athrú ar mheasúnú rátaí creidmheasa na gcuideachtaí.

3.4.1.4. Grúpa GITI

(88) Tá staid airgeadais an-éagsúil ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid Ghrúpa GITI ('GITI'), Giti Radial Anhui, Giti Fujian agus CHKT. Bhí brabús le baint as ceann amháin acu le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí ceann eile brabúsach freisin le linn na tréimhse lena mbaineann, cé is moite den bhliain 2022. Thairis sin, tá táscairí airgeadais eile, amhail an cóimheas fiachais le sócmhainní, ag an leibhéal os cionn 50 %. Mar sin féin, bhí táirgeoir eile ag déanamh caillteanais le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú agus is mó a dhliteanais ná na sócmhainní. Ina ainneoin sin, ní raibh aon iasachtaí aige ó institiúid airgeadais agus bhí sé maoinithe ag an máthairchuideachta.

(89) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid san imscrúdú bunaidh gurbh iomchuí maidir leis an nGrúpa GITI an tagarmharc BB a úsáid mar a leagtar amach in aithrisí (65) go (80) thuas ar leibhéal na ngníomhaíochtaí grúpa chun an tairbhe fhoriomlán a thugtar do bhoinn a ríomh, tairbhe a dhíorthaítear ó easpa measúnú riosca cuí.

(90) Mar gheall ar an easpa comhoibriú ó na bainc agus gan aon athruithe suntasacha ar staid airgeadais na cuideachta le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil an tagarmharc sin fós iomchuí.

3.4.1.5. Sainiúlacht

(91) Bhí an clár fóirdheontais atá i gceist fós sonrach de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) agus Airteagal 4(2)(b) den bhun-Rialachán, ós rud é nár athraigh an staid dhlíthiúil a thuairiscítear i roinn 3.4.1 i gcomparáid leis an tráth a rinne an Coimisiún measúnú air le linn an imscrúdaithe bunaidh agus i bhfianaise an 14ú Plean Cúig Bliana nua d'earnáil na bpeitriceimiceán agus na gceimiceán, lena ndeimhnítear gur tionscal spreagtha iad na boinn faoi thionscal an rubair.

([39]) I gcás iasachtaí úis seasta. I gcás iasachtaí ar ráta úis athraitheach, glacadh an ráta tagarmhairc PBOC le linn IP.

3.4.1.6. Conclúid

(92) Dá réir sin, chinn an Coimisiún go bhfuil dóthain fianaise ann lena léirítear gur leanadh de na hiasachtaí mar fhóirdheontas in-fhrithchúitithe le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(93) Is ionann méid an fhóirdheontais a bunaíodh maidir leis na hiasachtaí le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe do na grúpaí cuideachtaí sampláilte agus:

Iasachtaí

Cuideachta/Grúpa	Méid foriomlán an Fhóirdheontais
Grúpa Giti	0,42%
Grúpa Hankook	0,02%

3.4.2. *Línte creidmheasa*

3.4.2.1. Barúlacha ginearálta

(94) Is é an cuspóir atá le líne chreidmheasa teorainn iasachta a bhunú is féidir leis an gcuideachta a úsáid ag aon am chun a chuid oibríochtaí reatha a mhaoiniú, rud a chiallaíonn go mbeidh maoiniú caipitil oibre solúbtha agus ar fáil láithreach nuair is gá. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur cheart, i bprionsabal, maoiniú gearrthéarmach na gcuideachtaí sampláilte, amhail iasachtaí gearrthéarmacha, dréachtaí glactha bainc etc., a chumhdach le hionstraim um líne chreidmheasa.

3.4.2.2. Torthaí an imscrúdaithe athbhreithniúcháin

(95) Cosúil leis an imscrúdú bunaidh, léirigh imscrúdú an athbhreithnithe gur sholáthair institiúidí airgeadais na Síne línte creidmheasa freisin i ndáil le hiasachtaí aonair a sholáthar do gach ceann de na cuideachtaí sampláilte. Is éard a bhí i gceist leo sin creat-chomhaontuithe, faoina ligfeadh an banc do na cuideachtaí sampláilte suas le huasmhéid áirithe cistí a aistarraingt i bhfoirm ionstraimí fiachais éagsúla (iasachtaí, billí doiciméadacha, maoiniú trádála, nóta glactha bainc etc.). Faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh, bheadh línte creidmheasa den sórt sin faoi réir táille 'socrúcháin' nó 'gealltanais' mar a thugtar orthu de ghnáth chun costais agus rioscaí an bhainc a chúiteamh, chomh maith le táillí athnuachana a ghearrtar ar bhonn luath chun bailíocht na línte creidmheasa a athnuachan. Shuigh an Coimisiún, áfach, gur bhain gach ceann de na cuideachtaí sampláilte tairbhe as línte creidmheasa a cuireadh ar fáil saor in aisce.

(96) I gcomhréir le hAirteagal 6(d)(ii) den bhun-Rialachán, meastar gurb é atá sa sochar a bhronntar ar na faighteoirí an difríocht idir an méid a íocann an chuideachta as soláthar línte creidmheasa ag institiúidí airgeadais na Síne agus an méid a d'íocfadh an chuideachta as líne chreidmheasa tráchtála inchomparáide a bheadh le fáil ar an margadh.

(97) Cuireadh leibhéal na dtáillí a úsáideadh mar thagarmharc i bhfeidhm *pro rata* ar mhéid gach líne creidmheasa a bhí i gceist chun méid an fhóirdheontais a fháil (lúide aon táillí a íocadh iarbhír). I gcásanna ina raibh fad na líne creidmheasa níos mó ná bliain amháin, leithdháileadh méid iomlán an fhóirdheontais thar fhad na líne creidmheasa agus méid iomchuí a sannadh don tréimhse imscrúdúcháin.

3.4.2.3. Sainiúlacht

(98) Mar a luaitear in aithris (67), de réir Chinneadh Uimh. 40, soláthróidh institiúidí airgeadais tacaíocht chreidmheasa do thionscail atáthar a spreagadh.

(99) Mheas an Coimisiún gur foirm de thacaíocht fhabhrach airgeadais ó institiúidí airgeadais iad línte creidmheasa chun tionscail amhail an tionscal bonn atáthar a spreagadh. Mar atá sonraithe i Roinn 3.3 thuas, tá an tionscal bonn i measc na dtionscal atáthar a spreagadh agus dá bhrí sin tá sí incháilithe do gach tacaíocht airgeadais is féidir.

3.4.2.4. Méid an fhóirdheontais a ríomh

(100) I gcomhréir le hAirteagal 6(d)(ii) den bhun-Rialachán, mheas an Coimisiún gurb ionann an sochar a bhronntar ar na faighteoirí agus an difríocht idir an méid a d'íoc siad mar tháille as institiúidí airgeadais na Síne a oscailt nó a athnuachan, agus an méid a d'íocfaidís as líne chreidmheasa tráchtála inchomparáide a fuarthas ar ráta neamhshaofa an mhargaidh.

(101) Bunaíodh na tagarmharcanna iomchuí don táille socraithe agus don táille athnuachana ag 1,5 % agus 1,25 % faoi seach trí thagairt a dhéanamh do shonraí a bhí ar fáil go poiblí ([40]) agus do thagarmharcanna a úsáideadh in imscrúduithe roimhe seo a liostaítear in aithris (55) thuas.

(102) I bprionsabal, beidh an táille socraithe agus an táille athnuachana iníoctha ar bhonn cnapshuime tráth oscailte líne creidmheasa nua nó tráth a dhéantar líne chreidmheasa atá ann cheana a athnuachan faoi seach. Chun críocha ríomha, áfach, chuir an Coimisiún san áireamh línte creidmheasa a osclaíodh nó a athnuadh roimh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ach a bhí ar fáil do na grúpaí sampláilte le linn na tréimhse imscrúdaithe agus freisin na línte creidmheasa a osclaíodh le linn na tréimhse imscrúdaithe. Ansin, ríomh an Coimisiún an sochar bunaithe ar an tréimhse laistigh de thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a raibh an líne chreidmheasa ar fáil lena linn.

(103) Tar éis an nochta, mhaígh Giti nach raibh an tagarmharc a úsáideadh oiriúnach agus go raibh an Coimisiún ag brath go míchuí ar línte creidmheasa in GBP arna n-eisiúint ag banc beag agus gur tháinig sé ar an gconclúid gur fóirdheontas a bhí i gceist leis an easpa táillí a ghearr bainc sa tSín as línte creidmheasa a oscailt. Mhaígh Giti freisin gurb é a bhí i gcuid de na línte creidmheasa athnuachan na gcinn roimhe sin, ach gur chuir an Coimisiún tagarmharc na táille tosaigh i bhfeidhm maidir leo.

(104) Mheas an Coimisiún nach raibh an tagarmharc a úsáideadh níos airde gan údar. Go deimhin féin, bhí sé an-ghar dó sin a úsáideadh in imscrúduithe roimhe seo agus bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí. Measadh nach raibh an fíoras nár fheidhmigh táirgeoirí in GBP ábhartha chun oiriúnacht an tagarmhairc roghnaithe a chinneadh, agus gurb é atá tábhachtach ná na dálaí margaidh a tairgeadh chun airgead a fháil ar iasacht (gan beann ar an airgeadra). Ina theannta sin, níor thuairiscigh Giti aon líne chreidmheasa sa fhreagra ar an gceistneoir agus le linn na cuairte fíorúcháin amháin fuair an Coimisiún amach go raibh línte creidmheasa gníomhacha ag an gcuideachta le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Mar sin féin, níor chuir an t-onnmhaireoir aon chruthúnas ar fáil, amhail comhaontú i scríbhinn, a léiríonn gurb é atá sna línte creidmheasa sin athnuachan na gcinn roimhe sin. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún an tagarmharc táille tosaigh i bhfeidhm sna cásanna sin.

(105) Mhaígh Hankook freisin gur cheart don Choimisiún dul i muinín na sonraí atá ar fáil i dtír na forála ar dtús. Maíonn an chuideachta go soláthraíonn brainse Bhanc na Cóiré sa tSín línte creidmheasa le haghaidh na táille agus dá bhrí sin ba cheart feidhm a bheith ag an táille sin maidir le ríomh an tsochair le haghaidh línte creidmheasa uile an onnmhaireora. Chuir an Coimisiún na táillí ó na tríú tíortha i bhfeidhm agus ní raibh sé in ann teacht ar aon líne chreidmheasa a deonaíodh do na cuideachtaí sampláilte a bheadh faoi réir aon cheann de na táillí a bheadh iníoctha ar an margadh de ghnáth. Dá bhrí sin, fiú más rud é, i ndáiríre, go soláthraíonn banc Síneach ag a bhfuil caipiteal eachtrach línte creidmheasa leis an táille, mar a líomhnaíonn an t-onnmhaireoir, níl an táille sin iníoctha ná an-saofa. Ag féachaint do neamh-chomhoibriú bhainc na Síne san imscrúdú atá ar siúl faoi láthair, níl an Coimisiún in ann an fhaisnéis sin a fhíorú san imscrúdú seo. Thairis sin, níor chuir an t-onnmhaireoir aon chruthúnas eile ar fáil go ngearrtar an táille sin sa tSín, seachas an t-asphrionta ó shuíomh gréasáin anaithnid sa Chóiré (a aistríodh go páirteach). Dá bhrí sin, rinneadh neamhaird den mhaíomh sin.

(106) Is ionann méid an fhóirdheontais a suíodh maidir leis an iasachtú fabhrach le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe do na grúpaí cuideachtaí sampláilte agus:

([40]) Rótharraingtí Gnó agus Tráchtála | Metro Bank (metrobankonline.co.uk).

Línte creidmheasa

Cuideachta/Grúpa	Méid foriomlán an Fhóirdheontais
Grúpa Giti	2,72%
Grúpa Hankook	0,06%

3.4.3. *Dréachtaí glactha bainc*

3.4.3.1. Barúlacha ginearálta

(107) Is táirge airgeadais iad dréachtaí glactha bainc atá dírithe ar mhargadh airgid intíre níos gníomhaí a fhorbairt trí shaoráidí creidmheasa a leathnú. Is cineál maoinithe ghearrthéarmaigh é a d'fhéadfadh 'costas an chiste a laghdú agus éifeachtúlacht chaipitil a fheabhsú' don tarraingeoir ([41]). Ina theannta sin, mar a shonraítear ag an PBOC ar a láithreán gréasáin, *is féidir leis an dréacht maidir le glacadh bainc bunú agus comhlíonadh an chonartha idir an ceannaitheoir agus an díoltóir a ráthú, chomh maith le láimhdeachas caipitil a chur chun cinn trí idirghabháil chreidmheas Bhanc na Síne* ([42]). Ina theannta sin, ar a láithreán gréasáin Fógraíonn DBS Banc dréachtaí glacadh bainc mar bhealach chun *caipiteal oibre a fheabhsú trí íocaíochtaí a chur siar* ([43]).

(108) Bhunaigh an Coimisiún cheana féin in imscrúduithe a rinneadh roimhe seo go n-úsáidtear dréachtaí de ghlacadh banc den chuid is mó mar mhodh íocaíochta in idirbhearta tráchtála in ionad ordú airgid, rud a éascaíonn láimhdeachas airgid agus caipiteal oibre an tarraingeora ([44]). Ó thaobh airgid thirim de, deonaíonn an ionstraim *de facto* don tarraingeoir dáta dlite iarchurtha 6 mhí nó 1 bhliain toisc go dtarlaíonn íocaíocht iarbhír in airgead tirim mhéid an idirbhirt tráth aibíochta an dréachta glactha bainc agus ní tráth a raibh ar an tarraingeoir a sholáthróir a íoc. In éagmais ionstraim airgeadais den sórt sin, d'úsáidfeadh an tarraingteoir a chaipiteal oibre féin, a mbeadh costas ag baint leis, nó dhéanfadh sé iasacht ghearrthéarmach caipitil oibre a chonradh le banc chun íoc as a chuid soláthróirí, agus bheadh costas ag baint leis freisin. Go deimhin, trí íoc le dréachtaí glactha bainc, úsáideann an tarraingteoir na hearraí nó na seirbhísí arna soláthar ar feadh tréimhse 3 mhí go 1 bhliain gan aon airgead tirim a airleacan agus gan aon chostas a sheasamh.

(109) De réir gnáthchúinsí margaidh, mar ionstraim airgeadais, bheadh costas maoinithe don tarraingteoir i gceist le dréachtaí a bhaineann le glacadh bainc. Léirigh imscrúdú an athbhreithnithe gur bhain Grúpa GITI úsáid as dréachtaí glacachta bainc le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus nár íoc sé ach coimisiún as an tseirbhís glacachta a chuir an banc ar fáil, arbh ionann é go ginearálta agus 0,05 % d'aghaidhluach an dréachta. Mar sin féin, ní raibh costas ar an maoiniú trí dhréachtaí glacachta bainc trí íocaíocht in airgead tirim an tsoláthair earraí agus seirbhísí a chur siar. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur thairbhigh na cuideachtaí de chuid Grúpa GITI a ndearnadh imscrúdú orthu de mhaoiniú i bhfoirm dréachtaí glacachta bainc nach raibh aon chostas orthu ina leith. Níor aimsíodh aon fhianaise ar an sochar sin do Hankook.

(110) I bhfianaise an méid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur chuir an córas glactha banc a cuireadh ar bun sa tSín saormhaoiniú ar a n-oibríochtaí reatha ar fáil do tháirgeoirí onnmhairiúcháin, lenar tugadh sochar in-fhrithchúitithe mar a shonraítear in aithrisí (115) go (120) thíos, i gcomhréir le hAirteagal 3(1)(a)(i) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán.

([41]) Féach suíomh gréasáin People's Bank of China: https://www.boc.cn/en/cbservice/cncb6/cb61/200811/t20081112_1324239.html, arna rochtain go deireanach 30 Lúnasa 2024.
([42]) Ibid.
([43]) Féach suíomh gréasáin DBS Bank: https://www.dbs.com.cn/corporate/financing/working-capital/bank-acceptance-draft-bad-issuance, arna rochtain 30 Lúnasa 2024.
([44]) Chun tuairisc níos sonraí a fháil ar an gcaoi a n-úsáidtear dréachtaí de ghlacadh na mbanc go ginearálta, féach cás na bhfabraicí snáithíní gloine dá dtagraítear i bhfonóta 19 thuas, aithrisí 359 go 370.

(111) Bhunaigh an Coimisiún le linn imscrúdaithe ([45]) roimhe seo go ndréachtaíonn glacadh na mbanc an cuspóir céanna agus na héifeachtaí céanna agus atá ag iasachtaí caipitil oibre gearrthéarmacha, toisc go n-úsáideann cuideachtaí iad chun a n-oibríochtaí reatha a mhaoiniú seachas iasachtaí caipitil oibre gearrthéarmacha a úsáid, agus ba cheart, dá bhrí sin, go n-iompródh siad costas atá coibhéiseach le maoiniú gearrthéarmach iasachta caipitil oibre.

3.4.3.2. Sainiúlacht

(112) Maidir le sainiúlacht, mar a luaitear in aithris (71) de réir Chinneadh Uimh. 40, soláthróidh institiúidí airgeadais tacaíocht chreidmheasa do thionscail atáthar a spreagadh.

(113) Mheas an Coimisiún gur cineál eile de thacaíocht fhabhrach airgeadais ó institiúidí airgeadais chun tionscail amhail an tionscal bonn atáthar a spreagadh iad dréachtaí glactha na mbanc. Go deimhin, mar a shonraítear i Roinn 3.3 thuas, tá an tionscal bonn i measc na dtionscal atáthar a spreagadh agus dá bhrí sin tá sí incháilithe do gach tacaíocht airgeadais is féidir. Tá dréachtaí glactha bainc, mar chineál maoinithe, mar chuid den chóras fabhrach tacaíochta airgeadais ag institiúidí airgeadais chun tionscail atáthar a spreagadh, amhail an tionscal bonn.

(114) Níor cuireadh aon fhianaise ar fáil gur féidir le haon ghnóthas sa tSín (seachas laistigh de thionscail atáthar a spreagadh) sochar a bhaint as dréachtaí a bhaineann le glacadh bainc faoi na téarmaí agus coinníollacha fabhracha céanna.

3.4.3.3. Méid an fhóirdheontais a ríomh

(115) Chun méid an fhóirdheontais in-fhrithchúitithe a ríomh, rinne an Coimisiún measúnú ar an sochar a thugtar d'fhaighteoirí le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(116) Chinn an Coimisiún gur bhain Grúpa GITI úsáid as dréachtaí glacachta bainc chun aghaidh a thabhairt ar a riachtanais maidir le maoiniú gearrthéarmach gan luach saothair a íoc.

(117) Chinn an Coimisiún gur cheart go n-íocfadh tarraingteoirí glactha na mbanc luach saothair don tréimhse maoinithe. Mheas an Coimisiún gur cuireadh tús leis an tréimhse maoinithe ar dháta eisiúna an dréachta maidir le glacadh an bhainc agus gur tháinig deireadh léi ar dháta aibíochta an dréachta maidir le glacadh an bhainc. Maidir le dréachtaí a eisíodh roimh thréimhse imscrúdaithe an athbhreithnithe agus na dréachtaí glactha bainc a raibh dáta aibíochta acu tar éis dheireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rinne an Coimisiún an sochar a ríomh don tréimhse maoiniúcháin a chumhdaítear le tréimhse imscrúdaithe an athbhreithnithe, agus don tréimhse sin amháin.

(118) I gcomhréir le hAirteagal 6(b) den bhun-Rialachán, ós rud é gur foirm maoinithe ghearrthéarmaigh iad na dréachtaí glactha bainc agus go bhfuil an cuspóir céanna acu go bunúsach agus atá ag iasachtaí caipitil oibre gearrthéarmacha, mheas an Coimisiún gurb é an sochar a bhronntar ar na faighteoirí an difríocht idir an méid a d'íoc an chuideachta mar luach saothair as dréachtaí glactha bainc den mhaoiniú agus an méid ba cheart dó a íoc trí ráta úis maoinithe gearrthéarmach a chur i bhfeidhm.

(119) Chinn an Coimisiún an sochar a thiocfadh as neamh-íocaíocht costais maoinithe ghearrthéarmaigh. Mheas an Coimisiún, mar a bunaíodh in imscrúduithe roimhe seo ([46]), gur cheart go n-iompródh dréachtaí glactha bainc costas atá coibhéiseach le maoiniú iasachtaí gearrthéarmacha. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún an mhodheolaíocht chéanna i bhfeidhm maidir le maoiniú iasachtaí gearrthéarmacha a ainmnítear in CNY .

(120) Is ionann méid an fhóirdheontais a suíodh maidir leis an iasachtú fabhrach le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe do na grúpaí cuideachtaí sampláilte agus:

Dréachtaí glactha bainc

Cuideachta/Grúpa	Méid foriomlán an Fhóirdheontais
Grúpa Giti	2,09%

([45]) Féach an Rialachán maidir le fabraicí snáithíní gloine a luaitear i bhfonóta 6, aithris 385.
([46]) Féach aithris (55) litir c)

3.4.4. *Conclúid maidir le hiasachtú fabhrach*

(121) Léirigh imscrúdú an athbhreithnithe gur thairbhigh an dá ghrúpa sampláilte de tháirgeoirí onnmhairiúcháin d'iasachtú fabhrach le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ós rud é gur ann do ranníocaíocht airgeadais, do shochar do na táirgeoirí onnmhairiúcháin agus do shainiúlacht, ba cheart na hiasachtaí, na línte creidmheasa agus na dréachtaí glactha bainc sin a mheas mar fhóirdheontas in-fhrithchúitithe.

(122) Is ionann méid an fhóirdheontais a suíodh maidir leis an iasachtú fabhrach le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe do na grúpaí cuideachtaí sampláilte agus:

Iasachtú fabhrach

Cuideachta/Grúpa	Méid foriomlán an Fhóirdheontais
Grúpa Giti	3,48%
Grúpa Hankook	0,08%

3.5. ***Árachas creidmheasa onnmhairiúcháin***

(123) San iarraidh, líomhain an t-iarratasóir gur sholáthair Sinosure árachas creidmheasa onnmhairiúcháin ar théarmaí fabhracha do tháirgeoirí an táirge lena mbaineann.

3.5.1. *An bunús dlí*

(124) Is iad seo a leanas bunús dlí na bhfóirdheontas a sholáthraíonn Sinosure:

— an Fógra maidir le Cur chun feidhme na Straitéise maidir leis an Trádáil a chur chun cinn tríd an Eolaíocht agus an Teicneolaíocht trí bhíthin Úsáid Árachais Creidmheasa Onnmhairiúcháin (Shang Ji Fa [2004] No. 368), arna eisiúint ag MOFCOM agus Sinosure i gcomhpháirt;

— Eolaire Onnmhairiúcháin Táirgí Ardteicneolaíochta agus Nuatheicneolaíochta na Síne 2006; an plean 840 mar a thugtar air san Fhógra ón gComhairle Stáit an 27 Bealtaine 2009;

— an plean 421 mar a thugtar air san Fhógra maidir leis na saincheisteanna chun socruithe speisialta a chur i bhfeidhm maidir le maoiniú árachais ar onnmhairiú foirne móra iomlána trealaimh, arna eisiúint i gcomhar ag an Aireacht Tráchtála agus ag an Aireacht Airgeadais an 22 Meitheamh 2009; agus

(125) an Fógra maidir le Saothrú agus Forbairt ón gComhairle Stáit maidir le Dlús a chur leis na Tionscail atá ag teacht chun cinn i dtaca le Cinneadh Straitéiseach (Guofa [2010] Uimh. 32 an 18 Deireadh Fómhair 2010), arna eisiúint ag an gComhairle Stáit agus a Treoirlínte Cur Chun Feidhme (Guofa[2011] Uimh. 310 an 21 Deireadh Fómhair 2011) ([47]).

3.5.2. *Torthaí an imscrúdaithe ar an athbhreithniú éaga*

(126) In imscrúduithe frith-fhóirdheontais a rinneadh le déanaí, ([48])chinn an Coimisiún gur comhlacht poiblí é Sinosure de réir bhrí Airteagal 2(b) den bhun-Rialachán. Go sonrach, amhail i gcomhthéacs an iasachtaithe fabhraithe thuas, tá an chonclúid go bhfuil Sinosure dílsithe le húdarás chun feidhmeanna rialtais a fheidhmiú bunaithe ar fhíorais atá ar fáil a bhaineann le húinéireacht an Stáit, comharthaí foirmiúla maidir le rialú an rialtais chomh maith le fianaise lena léirítear go bhfuil smacht fónta ag Rialtas na Síne ar iompar Sinosure fós.

(127) Mar a deimhníodh in imscrúduithe eile a rinneadh le déanaí, ([49])feidhmíonn an rialtas úinéireacht iomlán agus rialú airgeadais ar Sinosure. Is úinéireacht aonair Stáit é Sinosure, atá 100% faoi úinéireacht na Comhairle Stáit. Luaitear sna hAirteagail Chomhlachais gurb í an Aireacht Airgeadais roinn inniúil ghnó na cuideachta. Ceanglaítear ar Sinosure tuarascálacha airgeadais agus cuntasaíochta agus tuarascáil bhuiséadach a chur faoi bhráid na hAireachta Airgeadais lena scrúdú agus lena bhformheas.

([47]) Féach aithris (148) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1647 ón gCoimisiún.
([48]) Féach aithris (54) litir b)
([49]) Féach aithris (54) litir c)

(128) Maidir le rialú an rialtais, mar dhílseánacht aonair Stáit, níl Bord Stiúrthóirí ag Sinosure. Maidir leis an mBord Maoirseoirí, ceapann an Chomhairle Stáit na maoirseoirí go léir agus déanann siad a ndualgais i gcomhréir leis an 'Rialachán Eatramhach maidir le Bord Maoirseoirí um Institiúidí Airgeadais Tábhachtacha faoi úinéireacht an Stáit.' Ceapann an rialtas bainistíocht shinsearach Sinosure chomh maith.

(129) San imscrúdú bunaidh, chinn an Coimisiún gur chuir Sinosure comharthaí foirmiúla de rialú rialtais i láthair maidir le tionscal na mbonn. Thug an Coimisiún dá aire, de réir an Fhógra maidir le Cur Chun Feidhme na Straitéise maidir leis an Trádáil a Chur Chun Cinn tríd an Eolaíocht agus an Teicneolaíocht trí bhíthin Úsáid Árachais Creidmheasa Onnmhairiúcháin, go rabhthas ag súil go méadódh Sinosure a thacaíocht do phríomhthionscail agus do tháirgí ardteicneolaíochta. Déantar tagairt shonrach do tháirgí a luaitear go sonrach i gCatalóg Onnmhairiúcháin na Síne 2006 de Tháirgí Ardteicneolaíochta, lena n-áirítear 'Boinn ghathacha neomatacha nua d'fheithiclí paisinéirí nó lasta (tagraíonn do bhoinn rubair do mhótarfheithiclí, leithead trasghearrthach ≥ 24 orlach),' ([50]).

(130) San iarraidh, mhaígh an t-iarratasóir go bhfuil Catalóg Onnmhairiúcháin na dTáirgí Ardteicneolaíochta fós infheidhme maidir leis an dáta sin, gan aon léiriú ar mhodhnuithe intuartha uirthi.

(131) Ar bhonn na n-eilimintí thuas agus in éagmais comhoibriú ó Rialtas na Síne, ba é conclúid an Choimisiúin gur comhlacht poiblí é Sinosure toisc go bhfuil sé dílsithe le húdarás chun feidhmeanna rialtais a fheidhmiú. Thángthas ar na conclúidí céanna in imscrúduithe frith-fhóirdheontais roimhe seo maidir le tionscail atáthar a spreagadh sa tSín, mar a mhínítear thuas in aithris (55).

(132) Ós rud é gur comhlacht poiblí é Sinosure atá dílsithe le húdarás rialtais agus a fhorghníomhaíonn dlíthe agus pleananna rialtais, ranníocaíocht airgeadais i bhfoirm aistriú díreach féideartha cistí ón rialtas is ea soláthar árachais creidmheasa onnmhairiúcháin do tháirgeoirí bonn agus de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(i) den bhun-Rialachán.

3.5.3. *Sochar*

(133) Ar bhonn na faisnéise a soláthraíodh san iarraidh agus ar na torthaí sna himscrúduithe a rinneadh le déanaí, ba é conclúid an Choimisiúin gur ann do shochar de réir bhrí Airteagal 3(2) agus Airteagal 6(c) den bhun-Rialachán ós rud é go soláthraíonn Sinosure, mar shainordú beartais, árachas creidmheasanna onnmhairiúcháin ar théarmaí níos fabhraí ná mar a d'fhéadfadh an faighteoir a fháil ar an margadh de ghnáth, nó go soláthraíonn sé cumhdach árachais nach mbeadh ar fáil ar chor ar bith ar an margadh murach sin. Sainiúlacht

(134) Braitheann na fóirdheontais ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin de réir bhrí Airteagal 4(4)(a) den bhun-Rialachán, agus dá bhrí sin tá siad sonrach.

3.5.4. *Méid an fhóirdheontais a ríomh*

(135) Fuarthas amach gur thairbhigh ceann de na cuideachtaí sampláilte den scéim, is é sin Grúpa Hankook. Tá an tairbhe don táirgeoir sin ríofa ag an gCoimisiún. Níor aimsigh an Coimisiún fianaise go bhfuair Grúpa Giti aon tairbhe ón scéim fóirdheontais sin.

(136) Ós rud é gurb ionann Sinosure agus thart ar 90 % den mhargadh intíre le haghaidh árachas onnmhairiúcháin sa tSín, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún préimh árachais intíre mhargadhbhunaithe a aimsiú. I gcomhréir le himscrúduithe frith-fhóirdheontais a rinneadh roimhe seo, bhain an Coimisiún úsáid dá bhrí sin as an tagarmharc seachtrach is iomchuí, a raibh faisnéis ar fáil go héasca ina leith, i.e. na rátaí préimhe a chuir Banc Onnmhairiúcháin-Allmhairiúcháin ('Ex-Im Bank') Stáit Aontaithe Mheiriceá i bhfeidhm ar institiúidí neamhairgeadais le haghaidh onnmhairí chuig tíortha ECFE.

(137) Caitheadh le haisíocaíochtaí préimheanna árachais onnmhairiúcháin arna ndámhachtain le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe mar dheontas. Ós rud é nach raibh aon fhianaise ann ar chostais bhreise arna dtabhú ag na cuideachtaí a mbeadh coigeartú ag teastáil ina leith, ríomhadh an sochar mar mhéid iomlán na haisíocaíochta a fuarthas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

([50]) Fógra ón Aireacht Eolaíochta agus Teicneolaíochta, ón Aireacht Airgeadais, ón Údarás Stáit um Chánachas agus ón Údarás Ginearálta Custaim maidir le heagrán 2006 de Chatalóg Onnmhairiúcháin Tháirgí Ardteicneolaíochta na Síne a eisiúint (ar fáil ag: http://policy.mofcom.gov.cn/claw/clawContent.shtml?id=4139)

(138) Tar éis an nochta deiridh, tugann Hankook Group le fios nár cheart an tairbhe iomlán as na honnmhairí uile a shannadh sa ríomh d'onnmhairí an táirge lena mbaineann chuig an Aontas, agus orthu sin amháin. Cheartaigh an Coimisiún an earráid, gan aon athrú suntasach a dhéanamh ar mhéid an fhóirdheonaithe a suíodh, agus shann sé an sochar do láimhdeachas iomlán na n-onnmhairí uile.

(139) Is ionann méid an fhóirdheontais a suíodh maidir leis an scéim sin le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus:

Maoiniú agus árachas atá fabhrach: árachas creidmheasa onnmhairiúcháin

Cuideachta/Grúpa	Ráta Fóirdheontais
Grúpa Hankook	0,02%

3.6. **Ionchuir a sholáthar ar luach saothair nach leordhóthanach**

(140) Níor thug aon cheann de na táirgeoirí rubair nádúrtha, rubair shintéisigh, corda dubh carbóin agus níolóin a sholáthair ionchuir do na cuideachtaí sampláilte freagra ar na ceistneoirí sonracha, ar iarr an Coimisiún ar Rialtas na Síne iad a chur ar aghaidh chucu.

(141) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon fhaisnéis maidir le rialachas corparáideach na dtáirgeoirí faoi úinéireacht an stáit a chuir ionchuir ar fáil do na cuideachtaí sampláilte, agus nach bhfuair sé aon fhaisnéis chuideachta-shonrach maidir le socrú praghsanna na n-ionchur arna soláthar ag soláthróirí na n-ionchur do na cuideachtaí sampláilte, bhí ar an gCoimisiún brath ar na fíorais a bhí ar fáil dá thorthaí maidir le rubar nádúrtha, rubar sintéiseach, corda dubh carbóin agus níolón a sholáthar ar luach saothair nach leordhóthanach i gcomhréir le hAirteagal 28(1) den bhun-Rialachán.

3.6.1. *Soláthar leictreachais ar íocaíocht nach leordhóthanach*

(142) Cheannaigh na cuideachtaí sampláilte uile an leictreachas bunaithe ar chonradh leis na soláthraithe fuinnimh. Lean praghsanna ceannaigh leictreachais ón eangach na leibhéil praghsanna a bunaíodh go hoifigiúil ar leibhéal cúigeach do chliaint mhóra thionsclaíocha. Mar a cinneadh in imscrúduithe roimhe seo, ([51])in ainneoin chur i bhfeidhm an athchóirithe a bhaineann le léirscaoileadh phraghas an mhargaidh ar an bhfuinneamh, tá an margadh ceannacháin leictreachais fós á rialú go mór.

(143) Le linn an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, shuigh an Coimisiún gur bhain na cuideachtaí sampláilte tairbhe as laghduithe nó aisíocaíochtaí ar chuid dá gcostas leictreachais.

3.6.1.1. An bunús dlí

(144) Seo a leanas an bunús dlí:

— Ciorclán ón gCoimisiún Náisiúnta um Fhorbairt agus Athchóiriú agus ón Údarás Náisiúnta Fuinnimh maidir le hIdirbhearta Cumhachta Margadh-dhírithe a Chur Chun Cinn go Gníomhach agus Tuilleadh Feabhais a Chur ar an Sásra Trádála, Fa Gua Yun Xing [2018] Uimh. 1027, arna eisiúint an 16 Iúil 2018;

— Roinnt Tuairimí ó Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne agus ón gComhairle Stáit maidir le hAthchóiriú an Chórais Cumhachta a Neartú a Thuilleadh (Zhong Fa [2015] Uimh. 9);

([51]) Aithrisí (560) go (572) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2287 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2021 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí scragaill tiontaire alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE)2021/2170 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí scragaill tiontaire alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 458, 22.12.2021, lch. 344). Aithrisí (524) go (530) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/72 ón gCoimisiún an 18 Eanáir 2022 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2011 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon Phoblacht na Síne (IO L 12, 19.1.2022, lch. 34).

— Fógra maidir le Léirscaoileadh Iomlán a dhéanamh ar an bPlean do Ghiniúint Leictreachais agus do Thomhaltais d'Úsáideoirí Oibriúcháin Tráchtála (An Coimisiún Náisiúnta Forbartha agus Athchóirithe [2019] Uimh. 1105);

— Rialacha maidir le Trádáil Leictreachais d'Idirbhearta Meántéarmacha agus Fadtéarmacha i gCúige Jiangsu;

— Bearta Eatramhacha maidir leis an scéim phíolótach le haghaidh cumhacht dhíreach phríomhúsáideoirí leictreachais Jiangsu agus fiontair giniúna cumhachta, arna n-eisiúint ag Coimisiún Eacnamaíoch agus Teicneolaíochta Faisnéise Jiangsu, an 13 Bealtaine 2014;

— Fógra Tairgthe Idirlín Leictreachais Chúige Jiangsu do Mhárta-Aibreán 2017;

— Fógra maidir leis an scéim phíolótach um thrádáil dhíreach leictreachais a eisiúint in Chongqing, Oifig Yu Fu [2016] Uimh. 167.

— Fógra maidir le hAthchóiriú Margadh-dhírithe ar Phraghsanna Leictreachais ar an Eangach le haghaidh Giniúint Cumhachta Gualbhreoslaithe a Neartú a Thuilleadh ag Athchóiriú Praghsanna an Choimisiúin um Fhorbairt agus Athchóiriú Náisiúnta [2021] Uimh. 1439

3.6.1.2. Torthaí an imscrúdaithe athbhreithniúcháin

(145) Shuigh an Coimisiún gur cheannaigh cuideachtaí sampláilte an leictreachas agus gur bhain siad tairbhe as laghduithe nó aisíocaíochtaí/coigeartuithe ar chuid dá gcostas leictreachais toisc gur ghlac na cuideachtaí sin páirt sa chlár píolótach d'idirbhearta leictreachais margadh-dhírithe.

(146) Ós rud é nach raibh aon fhoirm chomhair ann ó Rialtas na Síne, bhraith an Coimisiún ar an bhfaisnéis ón imscrúdú bunaidh. Ina theannta sin, chinn an Coimisiún go gceadaítear do chuideachtaí a ndearna imscrúdú orthu leictreachas a cheannach go díreach ó ghineadóirí cumhachta trí chomhaontuithe ceannaigh dhírigh a shíniú seachas é a cheannach ón eangach. Foráiltear leis na conarthaí sin do chainníocht áirithe leictreachais ar phraghas áirithe, rud atá níos ísle ná na praghsanna oifigiúla a shocraítear ar leibhéal cúigeach le haghaidh úsáideoirí tionsclaíocha móra.

(147) Mar a suíodh sna himscrúduithe roimhe seo ([52]), níl an fhéidearthacht conarthaí díreacha den sórt sin a dhéanamh ar fáil faoi láthair do gach tomhaltóir mór tionsclaíoch. Ar an leibhéal náisiúnta, i dTuairimí ó Lárchoiste Pháirtí Cumannach na Síne agus ón gComhairle Stáit maidir le hAthchóiriú an Chórais Cumhachta a Neartú a Thuilleadh sonraítear mar shampla, 'na fiontair nach gcomhlíonann an beartas tionsclaíoch náisiúnta agus a gcuirtear a dtáirgí agus a bpróisis as an áireamh, níor cheart iad a bheith rannpháirteach in idirbhearta díreacha' ([53]). Sonraítear sna Tuairimí céanna freisin *tar éis na caighdeáin rochtana a chinneadh, ba cheart dúinn uasghrádú a dhéanamh ar chatalóga na bhfiontar giniúna cumhachta áitiúil agus na miondíoltóirí leictreachais a chomhlíonann na caighdeáin a dhéanann rialtais a phoibliú gach bliain agus rialáil dhinimiciúil ar an gcatalóg úsáideoirí a chur chun feidhme. Is féidir leis na fiontair ghiniúna cumhachta, miondíoltóirí agus úsáideoirí leictreachais atá sa chatalóg clárú dá ndeoin féin leis na hinstitiúidí trádála chun a bheith ina ngníomhaithe margaidh*. Dá bhrí sin, d'fhonn a bheith rannpháirteach sa chóras trádála dírí, ba cheart do chuideachta caighdeáin áirithe a chomhlíonadh agus í a chur san áireamh sa 'chatalóg úsáideora'.

(148) Sa chleachtas, is iad na cúigí a chuireann trádáil leictreachais i bhfeidhm. Ní mór do chuideachtaí iarratas a chur isteach chuig údaráis chúige le go bhformheasfar iad le bheith rannpháirteach sa scéim phíolótach leictreachais dhírigh agus ní mór dóibh critéir áirithe a chomhlíonadh. I gcás cuideachtaí áirithe, ní ann d'aon phróiseas caibidlíochta margadhbhunaithe ná aon phróiseas tairisceana margadhbhunaithe, ós rud é nach bunaithe ar an bhfíorsholáthar ná ar an bhfíoréileamh atá na méideanna a cheannaítear faoi chonarthaí díreacha. Go deimhin, ní saor iad gineadóirí cumhachta ná úsáideoirí cumhachta a gcuid leictreachais uile a dhíol ná a cheannach go díreach. Tá siad srianta ag cuótaí cainníochtúla a leithdháileann an rialtas áitiúil orthu. Thairis sin, cé go bhfuiltear in ainm praghsanna a chaibidliú go díreach idir gineadóirí cumhachta agus an t-úsáideoir cumhachta nó trí chuideachtaí seirbhíse idirghabhálaí, is í Cuideachta Eangach an Stáit a eisíonn na sonraisc do na cuideachtaí. Ar deireadh, ní mór gach conradh sínithe maidir le ceannach díreach a chur faoi bhráid an rialtais áitiúil ionas go mbeidh taifead ann de.

([52]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2287 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2021 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí scragaill tiontaire alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE)2021/2170 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí scragaill tiontaire alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne C/2021/9713 (IO L 458, 22.12.2021, lch. 344).

([53]) Roinnt Tuairimí ó Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne agus ón gComhairle Stáit maidir le hAthchóiriú an Chórais Cumhachta a Neartú a Thuilleadh (Zhong Fa [2015] Uimh. 9), Roinn III (4).

(149) In 2018 d'eisigh Rialtas na Síne Ciorclán ón gCoimisiún um Fhorbairt agus Athchóiriú Náisiúnta agus ón Údarás Fuinnimh Náisiúnta maidir le hIdirbearta Cumhachta Margadh-dhírithe a Chur Chun Cinn go Gníomhach agus Tuilleadh Feabhais a Chur ar an Sásra Trádála. Cé gurb é is aidhm don Chiorclán an líon idirbheart díreach ar an margadh leictreachais a mhéadú, luaitear tionscail áirithe go sonrach ann a bhaineann tairbhe as léirscaoileadh an mhargaidh leictreachais agus a dtacaítear leo trí bhíthin an léirscaoilte chéanna, lena n-áirítear na tionscail ardteicneolaíochta amhail an tionscal bonn. Go háirithe, Roinn III. 'Oscailt amach chun úsáideoir a chomhlíonann ceanglais a ligint isteach', pointe (2) 'maidir le tionscail atá ag teacht chun cinn a bhfuil breisluach ard ag baint leo, mar shampla na tionscail ardteicneolaíochta, tionscail idirlín, tionscail mórshonraí agus tionscail monaraíochta ardleibhéil, chomh maith le fiontair a bhfuil buntáistí agus saintréithe ar leith acu agus inneachar ardteicneolaíochta, go dtacófar leo chun a bheith rannpháirteach in idirbhearta saor ó leibhéil voltais agus ó shrianta ar ídiú cumhachta'.

(150) Ina theannta sin, de réir an Fhógra maidir le Léirscaoileadh Iomlán a dhéanamh ar an bPlean do Ghiniúint Leictreachais agus do Thomhaltais d'Úsáideoirí Oibriúcháin Tráchtála, a bhfuil sé mar aidhm aige an margadh leictreachais a léirscaoileadh tuilleadh, foráiltear 'i measc úsáideoirí tráchtála leictreachais, ní ghlacfaidh na húsáideoirí leictreachais sin nach gcomhlíonann na beartais náisiúnta tionscal páirt go sealadach in idirbhearta margadh-dhírithe, agus na húsáideoirí leictreachais a mbaineann a dtáirgí agus a bpróisis leis na catagóirí díchurtha agus catagóirí a bhfuil srianta orthu den 'Catalóg Treorach don Tionscal', déanfaidh siad an beartas reatha maidir le praghsanna difreálacha a chur chun feidhme go docht le haghaidh leictreachas.'

(151) Dá bhrí sin, déantar foráil sa reachtaíocht maidir le hidirbhearta díreacha a chur i bhfeidhm go roghnaíoch ar mhargadh an leictreachais atá teoranta do thionscail áirithe amhail na tionscail atá i gcomhréir leis na beartais náisiúnta tionsclaíochta, agus béim ar leith á leagan ar thionscail ardteicneolaíochta. Mar thoradh air sin, íocann na tionscail seo praghsanna níos ísle ar leictreachas.

(152) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur fóirdheontas é an ráta leictreachais laghdaithe agus na haisíocaíochtaí/coigeartuithe a eascraíonn as trádáil dhíreach leictreachais, inar ghlac na cuideachtaí sampláilte páirt, de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(ii) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán. Tá ranníocaíocht airgeadais i bhfoirm ioncam atá ligthe thar ceal ag Rialtas na Síne (i.e. oibreoir na heangaí) a thugann tairbhe do na cuideachtaí lena mbaineann. Is ionann an tairbhe d'fhaighteoirí agus an coigilteas ar chostas leictreachais, bíodh sin trí phraghsanna laghdaithe leictreachais nó trí aisíocaíochtaí/coigeartuithe, ós rud é gur soláthraíodh an leictreachas ar phraghas níos ísle ná gnáthphraghas na heangaí a íocann úsáideoirí tionsclaíocha móra eile nach bhféadfadh leas a bhaint as an soláthar díreach nó nach raibh ina chuid den tionscadal píolótach le haghaidh soláthar díreach.

(153) Is fóirdheontas sonrach é de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán toisc go ndéantar sa reachtaíocht féin cur i bhfeidhm na scéime seo a theorannú d'fhiontair a chomhlíonann cuspóirí beartais thionsclaíoch áirithe arna gcinneadh ag an Stát agus a mheastar a dtáirgí nó a bpróisis a bheith incháilithe.

(154) Dá réir sin tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh an scéim fóirdheontais i bhfeidhm le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus gur fóirdheontas sonrach é de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) agus Airteagal 4(3) den bhun-Rialachán.

3.6.1.3. Méid an fhóirdheontais a ríomh

(155) Rinneadh méid an fhóirdheontas in-fhrithchúitithe a ríomh i dtéarmaí an tsochair a tugadh do na faighteoirí i rith na tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ríomhadh an tairbhe mar an difríocht idir an praghas iomlán leictreachais is iníoctha de réir ghnáthráta na heangaí agus an praghas leictreachais iomlán is iníoctha faoin ráta laghdaithe.

(156) Tar éis an nochta deiridh, sa ríomh le haghaidh cuideachta amháin ón ngrúpa, CHKT, mhaígh Hankook nár bhain an Coimisiún úsáid as leagan athbhreithnithe den chomhad a chuir an chuideachta isteach ar an bhfreagra ceistneora. Ríomh an chuideachta ar dtús na táillí is infheidhme maidir leis na méideanna a íocadh as an leictreachas bunaithe ar na rátaí gan na táillí rialtais a áireamh, idir an dá linn, áirítear na táillí sin sna rátaí eangaí. Dá bhrí sin, chuir an chuideachta isteach an leagan athbhreithnithe de na praghsanna leictreachais a d'íoc CHKT roimh an gcuairt fíorúcháin. Mhaígh CHKT gur cheart don Choimisiún an sochar a ríomh bunaithe ar na rátaí athbhreithnithe. Rinne an Coimisiún anailís ar an maíomh sin, chinn sé go raibh údar leis. Dá bhrí sin, cheartaigh an Coimisiún an earráid agus ríomh sé an sochar bunaithe ar na rátaí a d'íoc CHKT lena n-áirítear na táillí rialtais.

(157) Ina theannta sin, líomhain Hankook gur chuir an Coimisiún modh 'nialasaithe' i bhfeidhm go mícheart agus thug sé neamhaird ar na hidirbhearta ar an mbonn míosúil nuair nár suíodh an sochar. Mheabhraigh an Coimisiún gur ríomhadh an sochar agus gach idirbheart á chur san áireamh, agus ansin gur cuireadh i gcomparáid leis na rátaí eangaí iad chun a fhíorú ar soláthraíodh an tseirbhís don chuideachta ar íocaíocht nach leordhóthanach. Rinneadh an chomparáid idir na seirbhísí céanna nó na seirbhísí is cosúla, mar shampla an ráta céanna (éileamh an-ard, éileamh ard, gnáthéileamh, éileamh íseal), an tréimhse chéanna agus an limistéar céanna. Dá bhrí sin, nuair nár aimsíodh an sochar i gcásanna áirithe, níor cuireadh na hidirbhearta sin san áireamh sa sochar iomlán. Níor aimsigh an Coimisiún aon chúis a thabharfadh údar leis an modh frithchúitimh, a mhaígh an chuideachta gur cheart é a bheith ann, agus lena chur i bhfeidhm agus mhéid an fhóirdheontais á ríomh, agus dá bhrí sin diúltaíodh don mhaíomh.

(158) Is ionann méid an fhóirdheontais a suíodh maidir leis an scéim sin le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus:

Soláthar leictreachais ar íocaíocht nach leordhóthanach

Cuideachta/Grúpa	Ráta Fóirdheontais
Grúpa Giti	0,20%
Grúpa Hankook	0,03%

3.6.2. *Cearta úsáide talún*

3.6.2.1. Réamhrá

(159) San imscrúdú bunaidh, shuigh an Coimisiún gur thairbhigh an tionscal bonn sa tSín de sholáthar talún agus, go sonrach, de sholáthar ceart úsáide talún ar luach saothair nach leordhóthanach.

3.6.2.2. An bunús dlí

(160) Tagann an fhoráil maidir le ceart úsáide talún sa tSín faoi Dhlí Riaracháin Talún Dhaon-Phoblacht na Síne. Ina theannta sin, tá na doiciméid seo a leanas mar chuid den bhunús dlí freisin:

(1) Dlí Maoine Dhaon-Phoblacht na Síne (Ordú ó Uachtarán Dhaon-Phoblacht na Síne Uimh. 62) ([54]);

(2) Dlí Riaracháin Talún Dhaon-Phoblacht na Síne (Ordú ó Uachtarán Dhaon-Phoblacht na Síne Uimh. 28) ([55]);

(3) Dlí Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Riarachán Réadmhaoine Uirbí (Ordú Uimh. 29 ó Uachtarán Dhaon-Phoblacht na Síne) ([56]);

(4) Rialacháin eatramhacha Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Sannadh agus Aistriú an Chirt chun Úsáid na Talún atá faoi Úinéireacht Stáit i Limistéir Uirbeacha (Foraithne Uimh. 55 ó Chomhairle Stáit Dhaon-Phoblacht na Síne) ([57]);

(5) Rialachán maidir le Cur Chun Feidhme Dhlí Riaracháin Talún Dhaon-Phoblacht na Síne (Ordú ó Chomhairle Stáit Dhaon-Phoblacht na Síne [2014] Uimh. 653) ([58]);

(6) Foráil maidir le Sannadh an Chirt Úsáide ar Thalamh Foirgníochta atá faoi Úinéireacht Stáit trí Chuireadh Tairisceana, Ceant agus Luachan (Fógra Uimh. 39 de CSRC) ([59]); agus

([54]) Féach Dlí Maoine na Síne an 16 Márta 2007, atá ar fáil ag: http://www.npc.gov.cn/zgrdw/englishnpc/Law/2009-02/20/content_1471118.htm.
([55]) Féach an Rialachán maidir le Dlí Riaracháin Talúnt na Síne a Chur Chun Feidhme an 27 Nollaig 1998, arna leasú, le fáil ag: https://www.fao.org/faolex/results/details/en/c/LEX-FAOC170451,.
([56]) Féach https://law.pkulaw.com/chinalaw/d8db5e659bc282b9bdfb.html.
([57]) Féach https://law.pkulaw.com/chinalaw/66cde758ad66f43bbdfb.html.
([58]) Féach https://law.pkulaw.com/chinalaw/6ef282863f024c04bdfb.html.
([59]) https://law.pkulaw.com/chinalaw/58891db210496a5fbdfb.html?keyword=%E5%9B%BD%E6%9C%89%E5%BB%BA%E8%AE%BE%E7%94%A8%E5%9C%B0%E4%BD%BF%E7%94%A8%E6%9D%83.

(7) Fógra ón gComhairle Stáit maidir leis na Saincheisteanna Ábhartha a bhaineann le Neartú an Rialaithe Talún (Guo Fa (2006) Uimh. 31) ([60])

3.6.2.3. Torthaí an imscrúdaithe athbhreithniúcháin

(161) De réir Airteagal 10 de 'Foráil maidir le Sannadh an Chirt Úsáide ar Thalamh Foirgníochta atá faoi Úinéireacht Stáit trí Chuireadh Tairisceana, Ceant agus Luachan', socraíonn údaráis áitiúla praghsanna talún de réir chóras luachála na talún uirbí, córas nach ndéantar a nuashonrú ach gach 3 bliana, agus de réir bheartas tionsclaíoch an rialtais.

(162) In imscrúduithe a rinneadh roimhe seo ([61]), chinn an Coimisiún nach raibh na praghsanna a íocadh ar chearta úsáide talún sa tSín ionadaíoch ar phraghas margaidh a chinnfidh de réir soláthar agus éileamh an mhargaidh shaoir, toisc gur cinneadh go raibh an córas ceantála doiléir, neamh-thrédhearcach agus nach raibh sé ag feidhmiú sa chleachtas, agus cinneadh go ndearna na húdaráis praghsanna a shocrú go treallach. Mar a luaitear san aithris roimhe seo, shocraigh na húdaráis na praghsanna de réir chóras meastóireachta na talún uirbí, a thugann treoir dóibh i measc critéir eile beartas tionsclaíoch a mheas freisin agus an praghas ar thalamh tionsclaíoch á shocrú acu.

(163) I gcomhthéacs na rochtana fabhraí ar thalamh tionsclaíoch le haghaidh cuideachtaí atá i dtionscail áirithe, thug an Coimisiún dá aire nach mór beartas tionsclaíoch an rialtais a chur san áireamh sa phraghas a shocraíonn na húdaráis áitiúla, mar a luaitear thuas. Laistigh den bheartas tionsclaíochta sin, tá an tionscal bonn liostaithe mar thionscal atáthar a spreagadh. Ina theannta sin, de réir Chinneadh Uimh. 40 ón gComhairle Stáit, déanfaidh údaráis phoiblí a chur san san áireamh 'An Chatalóg Threorach maidir le hAthstruchtúrú Tionsclaíochta' agus na beartais tionsclaíochta agus talamh á soláthar. In Airteagal XVIII de Chinneadh Uimh. 40 cuirtear in iúl go soiléir nach mbeidh rochtain ar chearta úsáide talún ag tionscail atá 'srianta'. Fágann sé sin go bhfuil an fóirdheontas sonrach de réir Airteagal 4(2)(a) agus 4(2)(c) den bhun-Rialachán toisc go bhfuil soláthar fabhrach na talún teoranta do chuideachtaí a bhaineann le tionscail áirithe, an tionscal bonn sa chás seo, agus tá cleachtais an rialtais sa réimse seo doiléir agus gan a bheith trédhearcach.

(164) Níor léirigh an t-imscrúdú athbhreithniúcháin aon athrú suntasach i ndáil leis na táirgeoirí sampláilte. Níor cheannaigh ach táirgeoir onnmhairiúcháin amháin ó Giti Group dáileacht nua talún faoi dheireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(165) Deimhnítear le torthaí an imscrúdaithe seo go bhfuil an staid maidir le soláthar agus éadáil talún sa tSín neamh-thrédhearcach agus gur shocraigh na húdaráis na praghsanna go treallach.

3.6.2.4. Méid an fhóirdheontais a ríomh

(166) Mar a tharla in imscrúduithe roimhe seo ([62]) agus i gcomhréir le hAirteagal 6(d)(ii) den bhun-Rialachán, baineadh úsáid as praghsanna talún ó Chríoch Chustaim Leithleach na Téaváine, Penghu, Kinmen agus Matsú ('an Téaváin') mar thagarmharc seachtrach ([63]). Déantar an tairbhe a thugtar do na faighteoirí a ríomh tríd an difríocht a thabhairt san áireamh idir an méid a d'íoc gach ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte go hiarbhír (i.e., an praghas arna íoc go hiarbhír faoi mar a shonraítear sa chonradh agus, de réir mar is infheidhme, an praghas a luaitear sa chonradh arna laghdú le méid na n-aisíocaíochtaí/ndeontas rialtais áitiúil) ar chearta úsáide talún agus an méid ar cheart a bheith íoctha ar bhonn thagarmharc na Téaváine.

(167) Mheas an Coimisiún gur tagarmharc seachtrach oiriúnach í an Téaváin ar na cúiseanna seo a leanas:

(a) an fhorbairt eacnamaíoch, an olltáirgeacht intíre (OTI) agus an struchtúr eacnamaíoch sa Téaváine a bheith ar leibhéal inchomparáide le tromlach na gcúigí agus na gcathracha sa tSín ina bhfuil na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte bunaithe;

(b) gaireacht fhisiceach na Síne agus na Téaváine;

(c) ardleibhéal an bhonneagair thionsclaíoch sa Téaváin agus in go leor cúigí de chuid na Síne araon;

(d) na naisc láidre eacnamaíocha agus an trádáil trasteorann idir an Téaváin agus an tSín;

(e) an dlús ard daonra i gcuid mhaith de chúigí na Síne agus sa Téaváin;

([60]) Féach https://www.gov.cn/zwgk/2006-09/05/content_378186.htm.
([61]) Féach aithris (55) litir c)
([62]) Féach aithris (55)(54)() litir c).
([63]) Sheas an Chúirt Ghinearálta leis i gCás T-444/11 Gold East Paper agus Gold Huacheng Paper i gcoinne na Comhairle, Breithiúnas ón gCúirt Ginearálta an 11 Meán Fómhair 2014 ECLI:EU:T:2014:773.

(f) an chosúlacht idir an cineál talún agus na hidirbhearta a úsáidtear chun an tagarmharc ábhartha a thógáil sa Téaváin agus iad siúd sa tSín; agus

(g) na saintréithe comhchoiteanna déimeagrafacha, teanga agus cultúrtha idir an Téaváin agus an tSín.

(168) De réir na modheolaíochta a cuireadh i bhfeidhm in imscrúduithe roimhe seo ([64]) ([65]), d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas talún in aghaidh an mhéadair chearnaigh atá bunaithe sa Téaváin arna cheartú i leith boilsciú agus forás OTI ó dhátaí na gconarthaí ceart úsáide talún faoi seach. Fuarthas an fhaisnéis a bhaineann le praghsanna talún tionsclaíche ó 2015 ar aghaidh ó shuíomh gréasáin Bhiúró Tionscail Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha na Téaváine ([66]). Le blianta beaga anuas, ceartaíodh na praghsanna trí úsáid a bhaint as na rátaí boilscithe agus as éabhlóid OTI per capita ag praghsanna reatha in USD don Téaváin mar a d'fhoilsigh CAI do 2015.

(169) Tar éis an nochta, líomhain dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin nach bhfuil an Téaváin iomchuí le haghaidh tagarmhairc ós rud é nach bhfuil, i measc nithe eile, an leibhéal céanna forbartha eacnamaíche ag an Téaváin, agus go bhfuil tíortha eile ann a bhfuil an leibhéal céanna bonneagair thionsclaíoch acu. Mhaígh Grúpa Hankook gur cheart don Choimisiún, dá bhrí sin, an Téalainn a úsáid mar thagarmharc iomchuí, mar a rinne an Ríocht Aontaithe. Mhaígh Giti nach bhfuil tagarmharc na Téaváine iomchuí toisc nach léiríonn sé dálaí an mhargaidh sa tSín ach oiread agus nár coigeartaíodh na praghsanna talún ar bhealach ar bith chun dálaí an mhargaidh ar mhórthír na Síne a chur san áireamh.

(170) Mheas an Coimisiún go raibh rogha na Téaváine mar thagarmharc seachtrach oiriúnach bunaithe ar an scrúdú ar roinnt tosca a liostaítear in aithris (168) den Rialachán agus san imscrúdú a rinneadh le déanaí ([67]) a thug údar lena rogha mar thagarmharc bailí, lena n-áirítear comparáid idir na criosanna tionsclaíocha sa Téaváin agus na cúigí tionsclaíocha ábhartha sa tSín a chur san áireamh. Thug an Coimisiún dá aire, áfach, fiú dá mbeadh difríochtaí áirithe i ndálaí an mhargaidh idir cearta úsáide talún ar mhórthír na Síne agus díol na talún sa Téaváin, nach mbeidís difriúil a ndóthain chun roghnú na Téaváine mar thagarmharc bailí a chur ó bhailíocht. Níorbh fhéidir leis an gCoimisiún aon tagarmharc leordhóthanach eile ná modh coigeartaithe a shainaithint le linn an imscrúdaithe lena léireofaí go leormhaith na difríochtaí sin ar dhálaí an mhargaidh. Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid maidir leis an tagarmharc bunaithe ar a mheasúnú féin agus ar thoradh an imscrúdaithe agus ní ar thorthaí na dtríú tíortha eile ina nósanna imeachta féin. Ar an mbonn sin, b'éigean an maíomh sin a dhiúltú.

(171) Mhaígh Giti nár cheart an dáileacht, a bhfuair Giti na cearta di le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, nár cheart í a chur san áireamh agus an sochar á ríomh toisc nach n-úsáidtear é chun an táirge lena mbaineann a tháirgeadh. Admhaíonn an chuideachta féin gurb é an aidhm atá leis an talamh a fháil an mhonarcha nua a thógáil agus an táirgeadh a aistriú go dtí an suíomh seo sa deireadh. An fíoras nach ndéantar an táirgeadh faoi láthair, níl sé ábhartha do mhéid an fhóirdheontais a fhaigheann an chuideachta. Fuair an chuideachta an sochar agus dá bhrí sin cuireadh an dáileacht sin san áireamh freisin i ríomh mhéid an fhóirdheontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Diúltaíodh don mhaíomh.

(172) I gcomhréir le hAirteagal 7(3) den bhun-Rialachán, leithdháileadh méid an fhóirdheontais ar thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe trí úsáid a bhaint as gnáth-shaolré na gceart úsáide talún le haghaidh talamh úsáide tionsclaíche, i.e. 50 bliain. Leithdháileadh an méid sin ansin thar láimhdeachas iomlán na cuideachta faoi seach le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, toisc nach bhfuil an fóirdheontas ag brath ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin agus nár deonaíodh é faoi threoir na gcainníochtaí a monaraíodh, a táirgeadh, a onnmhairíodh nó a iompraíodh.

([64]) Féach aithris (55)() litir c), féach go háirithe imscrúdú maidir le fabraicí de shnáithín gloine.
([65]) Féach an Rialachán maidir le fabraicí snáithíní gloine, fonóta 6), aithrisí (506) agus (507).
([66]) https://lvr.land.moi.gov.tw, arna rochtain go deireanach an 31 Bealtaine 2024.
([67]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2754 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha nua atá ceaptha chun daoine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a iompar (L2024/2754), aithrisí (451) - (464)

(173) Is ionann méid an fhóirdheontais a suíodh maidir leis an bhfóirdheontas sin le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus:

Cearta úsáide talún a sholáthar ar luach saothair nach leordhóthanach

Cuideachta/Grúpa	Ráta Fóirdheontais
Grúpa Giti	2,44%
Grúpa Hankook	0,96%

3.7. Cláir um dhíolúine agus laghdú cánach dhíreacha

3.7.1. *Barúlacha ginearálta*

(174) De réir Dhlí Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Cáin Ioncaim Fiontar ('Dlí CIF'), fiontair ardteicneolaíochta agus nuatheicneolaíochta nua ar gá don Stát príomhthacaíocht a thabhairt dóibh, tugtar ráta cánach ioncaim fiontair atá laghdaithe dóibh, is é sin ráta 15 % seachas an gnáthráta 25 %.

(175) San imscrúdú bunaidh, shuigh an Coimisiún go raibh fóirdheontais in-fhrithchúitithe á bhfáil ag táirgeoirí bonn i bhfoirm cóir fhabhrach faoi chláir agus beartais ioncaim cánach agus cánach dírí eile.

(176) Maidir le trí chlár shonracha (i.e. pribhléidí Cánach Ioncaim Fiontair (EIT) do Tháirgí Acmhainne ó Úsáid Shineirgeach; Fritháireamh CIF le haghaidh speansas taighde agus forbartha; agus Díolúintí ó cháin ar úsáid talún), bhunaigh an Coimisiún, i bhfianaise easpa comhoibriú ó Rialtas na Síne, a thorthaí maidir leis an mbunús dlí, incháilitheacht, cineál an fhóirdheontais agus a shainiúlacht ar thorthaí imscrúduithe roimhe seo ([68]) agus ar fhreagraí fíoraithe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar an gceistneoir. Dá réir sin, bhí an Coimisiún in ann rátaí fóirdheontais aonair a ríomh do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte.

(177) Fuarthas go raibh an t-ioncam agus na cláir cánach dírí eile ina bhfóirdheontais de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(ii) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán i bhfoirm ioncam rialtais cinnte lena dtugtar tairbhe do na cuideachtaí is faighteoirí.

3.7.2. *An bunús dlí*

(178) Is é bunús dlí an chláir seo Airteagal 28 agus Airteagal 30(1) de Dhlí EIT agus Airteagal 93 de na Rialacha Cur Chun Feidhme maidir le Dlí EIT, chomh maith leis an méid seo a leanas:

— Ciorclán ón Aireacht Eolaíochta agus Teicneolaíochta, ón Aireacht Airgeadais agus ón Údarás Stáit um Chánachas maidir le 'Bearta Riaracháin le haghaidh Aithint Fiontar Ardteicneolaíochta' a athbhreithniú agus a eisiúint, G.K.F.H. [2016] Uimh. 32;

— Fógra ón Aireacht Eolaíochta agus Teicneolaíochta, ón Aireacht Airgeadais agus ón Údarás Stáit um Chánachas maidir le Treoir a Athbhreithniú, a Phriontáil agus a Eisiúint le haghaidh Bainistiú ar Aithint Fiontar Ardteicneolaíochta agus Nuatheicneolaíochta, GKFH [2016] Uimh. 195;

— Treoirlínte maidir leis na Príomhréimsí Forbartha Tosaíochta is Déanaí sna Tionscail Ardteicneolaíochta (2011), arna n-eisiúint ag an gCoimisiún um Fhorbairt agus Athchóiriú Náisiúnta, an Aireacht Eolaíochta agus Teicneolaíochta, an Aireacht Tráchtála agus an Oifig Náisiúnta um Maoin Intleachtúil;

— Fógra ón Aireacht Airgeadais agus, ón Údarás Stáit um Chánachas agus ón Aireacht Eolaíochta agus Teicneolaíochta maidir leis an mBeartas Asbhainte Réamhchánach maidir le Speansais Taighde agus Forbartha a Fheabhsú. (Cai Shui [2015] Uimh. 119); agus

— Fógra ón Údarás Stáit um Chánachas maidir le Saincheisteanna a bhaineann le Beartas Asbhainte Réamhchánach le haghaidh Speansais Taighde agus Forbartha na bhFiontar.

([68]) Féach aithris (55) litir c)

3.7.3. *Torthaí an imscrúdaithe athbhreithniúcháin*

(179) Ní fhéadfaidh ach cuideachtaí atá mar chuid de phríomhréimsí ardteicneolaíochta agus nuatheicneolaíochta áirithe a dtacaíonn an Stát leo, chomh maith leis na tosaíochtaí reatha maidir le réimsí ardteicneolaíochta a dtacaíonn an Stát leo, mar a liostaítear i dTreoirlínte na bPríomhréimsí Forbartha Tosaíochta is Déanaí sna Tionscail Ardteicneolaíochta, tairbhe a bhaint as an laghdú cánach. Luaitear go soiléir sna treoirlínte sin teicneolaíocht mhonaraíochta agus príomh-amhábhair do bhoinn mar réimse tosaíochta.

(180) Ní mór do chuideachtaí a bhaineann tairbhe as an mbeart sin a dtuairisceán cánach ioncaim agus na hiarscríbhinní ábhartha a chomhdú. Áirítear méid iarbhír na tairbhe sa tuairisceán cánach.

(181) Mheas an Coimisiún gur fóirdheontas é an fritháireamh cánach atá i gceist de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(ii) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán mar gurb ann do ranníocaíocht airgeadais i bhfoirm ioncam arna tharscaoileadh ag Rialtas na Síne lena dtugtar sochar do na cuideachtaí lena mbaineann. Tá an sochar do na faighteoirí comhionann leis an gcoigilteas cánach. Is fóirdheontas sonrach é de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán toisc go ndéantar sa reachtaíocht féin cur i bhfeidhm na scéime seo a theorannú d'fhiontair atá feidhmiú i réimsí ardteicneolaíochta tosaíochta áirithe arna gcinneadh ag an Stát, mar shampla roinnt príomhtheicneolaíochtaí laistigh den tionscal bonn.

3.7.4. *Méid an fhóirdheontais a ríomh*

(182) Rinneadh méid an fhóirdheontas in-fhrithchúitithe a ríomh i dtéarmaí an tsochair a tugadh do na faighteoirí i rith na tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ríomhadh an sochar sin mar an difríocht idir an cháin iomlán is iníoctha de réir an ghnáthráta cánach agus an cháin iomlán is iníoctha faoin ráta laghdaithe.

(183) Is ionann méid an fhóirdheontais a suíodh maidir leis an bhfóirdheontas sin le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus:

Cláir um dhíolúine agus laghdú cánach dhíreacha

Cuideachta/Grúpa	Ráta Fóirdheontais
Grúpa Giti	0,14%
Grúpa Hankook	0,43%

3.8. **Cláir um Cháin Indíreach agus um Tharaifí Allmhairí**

3.8.1. *Díolúintí CBL agus lacáistí taraife allmhairiúcháin le haghaidh úsáid a bhaint as trealamh agus teicneolaíocht allmhairithe*.

(184) Mar a suíodh san imscrúdú bunaidh, soláthraítear leis an gclár sin díolúine ó CBL agus ó tharaifí allmhairiúcháin le haghaidh allmhairí trealaimh chaipitil a úsáidtear ina dtáirgeadh. Sainaithníodh na díolúintí ó CBL agus ó dhleacht ar allmhairí araon le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe le haghaidh na gcuideachtaí sampláilte. Áiríodh leo sin díolúintí do threalamh a allmhairíodh i mblianta roimhe sin, ach a ndearnadh an sochar a amúchadh ina leith thar shaolré an trealaimh sin agus, dá bhrí sin, a leithdháileadh i bpáirt ar thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Cé nár aimsigh an Coimisiún aon fhianaise go raibh na díolúintí cánach infheidhme go díreach le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, shuigh an Coimisiún go bhfuair na cuideachtaí sampláilte roinnt tairbhí teoranta fós faoin gclár seo ó dhíolúintí is infheidhme le linn na mblianta roimhe sin.

(185) Mar a suíodh san imscrúdú bunaidh, soláthraítear leis an gclár seo ranníocaíocht airgeadais i bhfoirm ioncaim arna tharscaoileadh ag Rialtas na Síne de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(ii) mar Fhiontair Eachtracha Infheistithe ('FIEnna') agus scaoiltear fiontair intíre incháilithe eile ó CBL agus/nó taraifí a íoc a bheadh dlite murach sin. Tugann sé sochar freisin do na cuideachtaí is faighteoir de réir bhrí Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán.

(186) Tá an clár sonrach de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán. Leis an reachtaíocht ar dá bun a oibríonn an t-údarás deonúcháin, teorannaítear a rochtain ar fhiontair a infheistíonn faoi chatagóirí sonracha gnó arna sainmhíniú go uileghabhálach de réir dlí agus a bhaineann leis an gcatagóir spreagtha nó le catagóir srianta B faoin g*Catalóg chun treoir a thabhairt do thionscail le haghaidh infheistíochta coigríche agus aistriú teicneolaíochta* nó iad siúd atá ag teacht le *Catalóg na bpríomhthionscal, na dtáirgí agus na dteicneolaíochtaí a spreagann an Stát a bhforbairt*. Ina theannta sin, níl aon chritéar oibiachtúil ann chun incháilitheacht don chlár seo a theorannú agus níl aon fhianaise dhochloíte ann a thabharfadh le fios go bhfuil incháilitheacht uathoibríoch faoi Airteagal 4(2)(b) den bhun-Rialachán.

(187) Ríomhadh méid an fhóirdheontais in-fhrithchúitithe i dtéarmaí an tsochair a dámhadh ar na faighteoirí, rud a fhaightear amach gurb ann dó le linn tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Is é an sochar a thugtar do na faighteoirí an méid CBL agus dleachtanna atá díolmhaithe ar threalamh allmhairithe. D'fhonn a áirithiú nach gcumhdaítear leis an méid in-fhrithchúitithe ach tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rinneadh an sochar a fuarthas a amúch thar shaolré úsáideach an trealaimh de réir ghnáthnósanna imeachta cuntasaíochta na cuideachta.

(188) Bhain na cuideachtaí sampláilte uile tairbhe as lacáistí faoin scéim seo. Bunaíodh méid an fhóirdheontais a bunaíodh don scéim shonrach seo ar leibhéal 0,005 % do Ghrúpa Hankook agus 0,02 % do Ghrúpa GITI.

3.8.2. *Scéim aisíoca dleachta ar allmhairí chun rubar nádúrtha a cheannach*

(189) Shuigh an Coimisiún san imscrúdú bunaidh go raibh gach cuideachta shampláilte cáilithe mar 'fiontair trádála phróiseála'mar a thugtar orthu. Chinn an Coimisiún le linn an imscrúdaithe athbhreithniúcháin gur lean an scéim sin d'fheidhm a bheith aici le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(190) De réir Airteagal 3 de Bhearta Custaim Dhaon-Phoblacht na Síne chun Maoirseacht a dhéanamh ar Earraí Trádála Próiseála ([69]), tagraíonn *an téarma 'trádáil phróiseála' do ghníomhaíochtaí gnó ina n-allmhairíonn an fiontar oibriúcháin na hamhábhair, na páirteanna agus na comhpháirteanna, na comhpháirteanna agus na hábhair phacáistithe go léir nó cuid díobh, agus ina n-athonnmhairíonn sé na táirgí críochnaithe tar éis a bpróiseála nó a gcóimeála, lena n-áirítear ábhar arna sholáthar agus arna allmhairiú a phróiseáil*. De réir Airteagal 5 '*I gcás ina mbailítear cánacha le linn an allmhairithe de réir na bhforálacha ábhartha, déanfaidh na húdaráis chustaim na cánacha bailithe a aisíoc de réir chainníocht fhíoraithe na n-earraí a próiseáladh agus a athonnmhairíodh iarbhír tar éis onnmhairiú na n-earraí críochnaithe*'

3.8.2.1. An bunús dlí

(191) Is iad seo a leanas bunúis dlí an chláir seo:

— Dlí Custaim Dhaon-Phoblacht na Síne, Ordú ó Uachtarán Dhaon-Phoblacht na Síne Uimh. 81, 4 Samhain 2017;

— Bearta Chustaim Dhaon-Phoblacht na Síne chun Maoirseacht a dhéanamh ar Earraí Trádála Próiseála, Ordú ó Riarachán Ginearálta Custaim Uimh. 235, 20 Nollaig 2017;

— Bearta Chustaim Dhaon-Phoblacht na Síne chun Tomhaltas Aonaid a Riar sa Trádáil Phróiseála, Ordú ó Riarachán Ginearálta Custaim Uimh. 218, 13 Márta 2014;

— Réamhbhearta Riaracháin maidir le Bainistiú Creidmheasa Fiontair, Ordú ó Riarachán Ginearálta Custaim Uimh. 225, 4 Meán Fómhair 2014;

— Bearta Chustaim Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Riarachán Creidmheasa na bhFiontar a Cláraíodh agus a Comhdaíodh leis na Custaim, Ordú ó Riarachán Ginearálta Custaim Dhaon-Phoblacht na Síne, Uimh. 251, an 6 Meán Fómhair 2021,

([69]) Ordú Uimh. 235 ó Údarás Ginearálta Custaim, 20 Nollaig 2017.

3.8.2.2. Torthaí an imscrúdaithe athbhreithniúcháin

(192) Le linn an imscrúdaithe athbhreithnithe, chinn an Coimisiún go raibh na cuideachtaí sampláilte go léir cláraithe le custaim don scéim trádála próiseála agus go bhfuair siad go léir tarscaoiltí *cánacha a bailíodh le linn allmhairithe* (i.e. dleachtanna ar allmhairí) ar allmhairí rubair nádúrtha a úsáidtear i dtáirgeadh bonn onnmhairithe.

(193) Comhfhreagraíonn socrú den sórt sin do scéim aisíoca dleachta mar a shonraítear in Iarscríbhinn I(i) den bhun-Rialachán. De bhun phointe (i) d'Iarscríbhinn I, is féidir le córais aisíoca a bheith ina bhfóirdheontas onnmhairiúcháin sa mhéid is go mbíonn ró-aisíoc de thoradh orthu ar na muirir a toibhíodh ar allmhairí ar dtús ar na hionchuir a allmhairítear a bhfuil aisíoc á éileamh ina leith.

(194) Chun a chinneadh an raibh loghadh iomarcach den sórt sin ann, i gcomhréir le hIarscríbhinn III, pointe II den bhun-Rialachán, d'iarr an Coimisiún faisnéis bhreise ar Rialtas na Síne maidir leis an scéim trádála próiseála i gcoitinne, agus go sonrach maidir leis na nósanna imeachta faireacháin agus fíoraithe a ghabhann leis a bheith ann agus a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Níor chuir Rialtas na Síne aon fhaisnéis ar fáil ina leith sin. Dá réir sin, chinn an Coimisiún gurb ann don fhóirdheonú bunaithe ar thorthaí an imscrúdaithe bunaidh agus ar fhaisnéis a sholáthair na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte san imscrúdú athbhreithniúcháin.

(195) Mar a suíodh san imscrúdú bunaidh, chuir Rialtas na Síne creat reachtach i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar an gcóras trádála próiseála. Mar sin féin, thug an Coimisiún dá aire freisin go bhféadfadh míbhuntáistí iomarcacha a bheith mar thoradh ar roinnt gnéithe atá mar chuid den chóras:

(a) Tá an córas bunaithe den chuid is mó ar fhéindearbhuithe ó chuideachtaí.

(b) Murab ionann agus cleachtas a nglactar leis go ginearálta, déantar dleachtanna ar allmhairí a tharscaoileadh roimh ré. Ní choimeádann na húdaráis chustaim ceart chun iad a éileamh ar ais ach amháin ina dhiaidh sin.

(c) Tá déine na seiceálacha a dhéantar ar chuideachtaí bunaithe ar scór creidmheasa a shannadh, scór atá bunaithe é féin go príomha ar fhéindearbhú, agus lena n-áirítear pointí breise as a bheith mar chuid de thionscal spreagtha.

(d) Tá dearbhuithe custaim bunaithe ar rátaí tomhaltais caighdeánacha arna socrú ag na honnmhaireoirí.

(196) Thairis sin, le linn na gcuairteanna fíorúcháin leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, ba chosúil nár cuireadh an creat sin i bhfeidhm go héifeachtach sa chleachtas. Mar shampla, chinn an Coimisiún gur dhearbhaigh an t-onnmhaireoir sa chóras custaim leictreonach sonraí maidir le hallmhairí rubair nádúrtha agus cainníochtaí bonn onnmhairithe, lena n-áirítear an táirge lena mbaineann. Dearbhaítear tomhaltas an rubair bunaithe ar an tomhaltas caighdeánach agus ansin i gcomparáid leis an tomhaltas iarbhír. D'úsáid formhór na dtáirgeoirí sampláilte na rátaí tomhaltais céanna sa chóras próiseála trádála agus a d'úsáid siad ina dtáirgeadh, seachas ceann amháin. Le linn na cuairte fíorúcháin, chinn an Coimisiún gur thuairiscigh GITI Fujian tomhaltas chun an rubar a tháirgeadh nár úsáideadh iarbhír le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, ríomh an Coimisiún úsáid chineálacha áirithe an rubair agus chinn sé go n-athraíonn an t-ídiú iarbhír ón ídiú a thuairiscítear don chóras leictreonach custaim. Ní mór a thabhairt faoi deara gur tharla an difríocht d'ainneoin fíoruithe ar an láthair ag áitreabh na cuideachta sampláilte a rinne na húdaráis chustaim le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Cuireadh torthaí den sórt sin in iúl do Rialtas na Síne, d'fhonn ligean dó tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar na hidirbhearta atá i gceist.

(197) Mar thoradh air sin, níor íoc ceann de na honnmhaireoirí ó Grúpa GITI na dleachtanna allmhairiúcháin ar fad ba cheart a bheith dlite.

3.8.2.3. Conclúid

(198) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár cuireadh córas faireacháin Rialtas na Síne maidir le trádáil phróiseála i bhfeidhm go héifeachtach a mhéid a bhaineann le rubar nádúrtha. Thairis sin, chinn an Coimisiún go raibh loghadh iomarcach mar thoradh ar an gcóras trádála próiseála le haghaidh rubar nádúrtha a úsáidtear i mboinn onnmhairithe, ar fóirdheontas in-fhrithchúitithe iad de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(ii) den bhun-Rialachán, toisc go mbíonn aisíoc iomarcach ar na muirir ar allmhairí a gearradh i dtosach ar na hionchuir allmhairithe a bhfuil aisíocaíocht á héileamh ina leith mar thoradh orthu.

(199) Tá na loghtaí iomarcacha sin sonrach freisin, ós rud é go bhfuil siad ag brath ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin de réir bhrí Airteagal 4(4)(a) den bhun-Rialachán.

3.8.2.4. Méid an fhóirdheontais a ríomh

(200) Ríomhadh an sochar mar an difríocht idir méid na ndleachtanna ar allmhairí a bhí dlite le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus méid iarbhír na ndleachtanna ar allmhairí a íocadh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(201) Ba é seo a leanas méid an fhóirdheontais a suíodh maidir leis an gcineál sin fóirdheontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte:

Aisíoc dleachta ar allmhairí ar rubar nádúrtha

Cuideachta/Grúpa	Méid an Fhóirdheontais
Grúpa GITI	0,57 %

3.8.3. *Iomlán le haghaidh gach scéime indírí díolúine nó laghdaithe cánach*

(202) Ba mar seo a leanas méid iomlán an fhóirdheontais a suíodh maidir leis na scéimeanna cánach indírí agus na scéimeanna taraife uile ar allmhairí le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte:

Díolúintí agus laghduithe cánach indíreacha

Cuideachta/Grúpa	Méid an Fhóirdheontais
Grúpa GITI	0,59%
Grúpa Hankook	0,01%

3.9. **Cláir deontais**

(203) San imscrúdú bunaidh, chinn an Coimisiún gur bhain roinnt cuideachtaí sampláilte tairbhe as deontais éagsúla a bhaineann le cosaint an chomhshaoil agus le laghdú astaíochtaí agus as deontais a bhaineann le T&F, uasghrádú teicneolaíochta agus nuálaíocht.

(204) Cosúil leis an imscrúdú bunaidh, bhain an dá onnmhaireoir shampláilte tairbhe as roinnt deontas ad hoc.

3.9.1. *An bunús dlí*

(205) Bhí formhór mór na gclár a thuairiscigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte bunaithe ar na fógraí a d'eisigh údaráis áitiúla. Thairis sin, suíodh go léiríonn na cláir sin na beartais ghinearálta a cuireadh ar bun, inter alia, sna gníomhartha seo a leanas:

— an 13ú Plean Cúig Bliana agus an 14ú Plean Cúig Bliana;

— Déanta sa tSín 2025,

— Plean Forbartha Glas don Tionsclaíocht (2016-2020);

— Dlí Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Caomhnú Fuinnimh, leagan a athbhreithníodh agus a glacadh an 28 Deireadh Fómhair 2007, maille le leasuithe;

— Dlí Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Táirgeadh Níos Glaine a Chur Chun Cinn, Ordú Uimh. 54 ó Uachtarán Dhaon-Phoblacht na Síne;

— Bearta le haghaidh Bainistiú Cistí chun Truailliú Aeir a Chosc agus a Rialú (Foirgníocht Airgeadais) [2018], Uimh. 578;

— Príomhphointí Caomhnaithe Fuinnimh agus Úsáide Cuimsithí sa Tionscal in 2015, arna n-eisiúint ag MIIT an 3 Aibreán 2015;

— Bearta Bainistíochta an Chiste Speisialta um Chaomhnú an Chomhshaoil Chúige Shandong [2021];

— Fógra maidir le heisiúint an Phlean Cur Chun Feidhme maidir le Buaiceadh Carbóin i Réimsí Tionsclaíocha agus Príomhthionscail i gCúige Jiangsu [2023]; agus

— Bearta maidir le Riar Cistí le haghaidh Truailliú Aeir a Chosc agus a Rialú (C.J. [2018] Uimh. 578). [2018] Uimh. 578;

3.9.2. *Conclúid*

(206) I bhfianaise easpa comhoibriú ó Rialtas na Síne, bhunaigh an Coimisiún a thorthaí maidir le cláir deontais ar na fíorais a bhí ar fáil, lena n-áirítear an fhaisnéis a soláthraíodh san iarraidh ar athbhreithniú éaga agus an fhaisnéis a chuir na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte isteach. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go leanann na táirgeoirí onnmhairiúcháin de thairbhe a bhaint as cláir chomhchosúla le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, mar a suíodh san imscrúdú bunaidh.

(207) Mhaígh an t-iarratasóir san iarraidh go mbaineann onnmhaireoirí bonn ón tSín tairbhe as na cláir sin. Mar shampla, i mí na Bealtaine 2022, d'eisigh an Aireacht Airgeadais an Tacaíocht Fhioscach d'obair na Buice atá Neodrach ó thaobh Carbóin de chun 'sprioc na neodrachta carbóin a bhaint amach, beartais tacaíochta airgeadais agus an '14ú Plean Cúig Bliana' náisiúnta a neartú. Is é is aidhm don doiciméad sin, dá bhrí sin, beartais airgeadais rialtais a chur chun feidhme chun 'tacú le réigiúin agus le tionscail chun dlús a chur leis an gclaochlú glas agus ísealcharbóin'. Baineann tionscal na mbonn, chomh maith le geilleagar iomlán na Síne, tairbhe as na beartais chomhshaoil. D'fhonn tionscal níos glaise a chur chun cinn, d'eisigh MIIT an Plean Forbartha Glas Tionsclaíoch do na blianta 2016-2020. Dhírigh sé ar phríomhtheicneolaíochtaí truaillitheacha a úsáidtear chun boinn a mhonarú, i.e. peitriceimiceáin, rubar, cruach agus teicstíl. ([70])

(208) Thairis sin, mhaígh an t-iarratasóir go soláthraíonn an 14ú Plean Cúig Bliana tacaíocht do *speansais T&F agus dreasachtaí cánach d'fhiontair ardteicneolaíochta*. Áirítear sa 14ú Plean Cúig Bliana sna forálacha T&F tionscadail eolaíochta agus teicneolaíochta ([71]).

(209) Meastar gur fóirdheontais iad na cláir sin de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(i) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán toisc go n-aistríonn siad cistí ó Rialtas na Síne i bhfoirm deontas do tháirgeoirí an táirge lena mbaineann.

(210) Chinn an Coimisiún freisin go bhfuil na fóirdheontais sin sonrach de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán toisc nach bhfuil ach cuideachtaí atá ag feidhmiú i bpríomhréimsí nó i dteicneolaíochtaí mar a liostaítear sna treoirlínte, sna bearta riaracháin agus sna catalóga a fhoilsítear ar bhonn rialta incháilithe chun iad a fháil. Liostaítear na boinn agus/nó earnáil na gceimiceán (peitriliam) i measc na n-earnálacha incháilithe.

3.9.3. *Méid an fhóirdheontais a ríomh*

(211) Ríomhadh an sochar mar an méid a fuarthas i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, nó leithdháileadh é ar thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, i gcás inar dímheasadh an méid thar shaolré úsáide na sócmhainne seasta lena mbaineann an deontas ar an gcaoi chéanna leis an imscrúdú bunaidh.

([70]) Mír 222 den iarraidh.
([71]) Mír 233 den iarraidh.

(212) Ba é seo a leanas méid an fhóirdheontais a suíodh maidir leis an gcineál sin fóirdheontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte:

Deontais coigilte fuinnimh, caomhnaithe agus astaíochtaí

Cuideachta/Grúpa	Méid an Fhóirdheontais
Grúpa GITI	0,59%
Grúpa Hankook	0,16%

3.10. **Conclúid maidir le fóirdheonú**

(213) Ríomh an Coimisiún méid na bhfóirdheontas in-fhrithchúitithe i gcomhréir le forálacha an bhun-Rialacháin do na cuideachtaí sampláilte trí scrúdú a dhéanamh ar gach fóirdheontas nó clár fóirdheontais, agus chuir sé na figiúirí sin le chéile chun méid iomlán an fhóirdheonaithe a ríomh do gach táirgeoir onnmhairiúcháin do thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Leis an bhfóirdheonú foriomlán a ríomh thíos, rinne an Coimisiún ríomh ar dtús ar chéatadán an fhóirdheonaithe, arb ionann é agus méid an fhóirdheontais mar chéatadán de láimhdeachas iomlán na cuideachta. Ansin baineadh úsáid as an gcéatadán sin chun an fóirdheontas a ríomh, an fóirdheontas arna leithdháileadh ar onnmhairí an táirge i gceist chuig an Aontas i rith tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Rinneadh méid fóirdheontais in aghaidh an tona a ríomh ansin don táirge lena mbaineann a onnmhairíodh chuig an Aontas i rith thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, agus na corrlaigh thíos arna ríomh mar chéatadán de luach Costas, Árachais agus Last-táille ('CAL') de na honnmhairí céanna in aghaidh an tona.

(214) Rátaí fóirdheontais arna shloinneadh mar chéatadán den phraghas CAL ag teorainn an Aontais, dleacht neamhíoctha, meán ar leibhéal [4 – 8] % ar fud na tíre. Thángthas ar an gconclúid dá bhrí sin go raibh na scéimeanna fóirdheontais a imscrúdaíodh i bhfeidhm le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

3.11. **An dóchúlacht go leanfar den fhóirdheonú**

(215) Sa bhreis ar an toradh lena bhfuarthas gurbh ann d'fhóirdheonú le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rinne an Coimisiún imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 18(2) den bhun-Rialachán ar an dóchúlacht go leanfaí den fhóirdheonú, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm.

(216) Sa chomhthéacs sin, rinne an Coimisiún imscrúdú ar na gnéithe seo a leanas: an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tSín, an gaol idir praghsanna onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha agus leibhéal na bpraghsanna san Aontas agus tarraingteacht mhargadh an Aontais.

3.11.1. *Acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sa tSín*

(217) Scrúdaigh an Coimisiún an ndéanfaí méideanna suntasacha de na hallmhairí fóirdheonaithe ón tSín chuig an Aontas dá ligfí do na bearta dul in éag. De cheal comhoibriú ó Rialtas na Síne, shuigh an Coimisiún acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sa tSín ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil go poiblí agus na faisnéise a soláthraíodh san iarraidh ar athbhreithniú éaga.

(218) San iarraidh, thuairiscigh CRIA aschur táirgeachta 122.39 milliún bonn sa tSíne in 2021, le haghaidh acmhainneacht táirgeachta mheasta 141.76 milliún bonn sa bhliain chéanna, rud a léiríonn méadú 2.72 milliún ar bhoinn a táirgeadh leis an mbliain roimhe sin. Bheadh na rátaí úsáide acmhainneachta a dhíorthaítear ó na figiúirí sin cothrom le thart ar 86 %. In 2022, cuireadh 1,5 milliún aonad ar a laghad d'acmhainneachtaí táirgeachta bonn breise leis cheana féin, mar a thuairiscigh CRIA. Fágann sé sin go bhfuil acmhainneacht táirgeachta iomlán na mbonn cothrom le thart ar 143,25 milliún aonad in 2022. Dá nglacfaí leis na rátaí úsáide acmhainne céanna agus a bhí ann don bhliain 2021, bheadh aschur thart ar 123,67 milliún bonn táirgthe mar thoradh air sin. Dá bhrí sin, b'ionann an acmhainneacht neamhúsáidte a bhí ar fáil sa tSín in 2022 agus beagnach 20 milliún aonad, rud a bhí beagnach coibhéiseach leis an tomhaltas iomlán ar mhargadh an Aontais (arb ionann é agus thart ar 20 milliún aonad, mar a leagtar amach in aithris (232) thíos).

(219) Lean táirgeoirí bonn na Síne, i gcomhréir le beartais thionsclaíocha Rialtas na Síne agus Pháirtí Cumannach na Síne a leagtar amach thuas, dá n-acmhainneachtaí táirgeachta atá rófhorbartha cheana féin a mhéadú ó bhí an tréimhse imscrúdúcháin bhunaidh ann (thart ar 100 milliún a bhí ann). Le himscrúdú frithdhumpála na Brasaíle, in 2021, cuireadh i dtábhacht cheana féin gurb ann d'acmhainneachtaí táirgeachta suntasacha sa tSín, agus fianaise ann go ndearna mórtháirgeoirí bonn de chuid na Síne roinnt infheistíochtaí in acmhainneachtaí táirgeachta ([72]). Le himscrúdú frithdhumpála na hAfraice Theas in 2022, suíodh ar an gcaoi chéanna acmhainneacht táirgeachta iomarcach shuntasach tháirgeoirí bonn na Síne (30 % ar a laghad den acmhainneacht bhreise) ar dócha go mbeadh méadú ar onnmhairí an táirge faoi imscrúdú mar thoradh air ([73]).

3.11.2. *Tarraingteacht mhargadh an Aontais*

(220) Scrúdaigh an Coimisiún ar dhócha go leanfadh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne dá ndíolacháin onnmhairiúcháin ar phraghsanna fóirdheonaithe ar mhargadh an Aontais dá ligfí do na bearta dul in éag. Rinne an Coimisiún anailís ar dtús ar leibhéal praghsanna onnmhairí na Síne chuig margaí tríú tíortha agus chuir sé i gcomparáid iad le leibhéal praghsanna onnmhairí na Síne chuig margadh an Aontais, chun a chinneadh an raibh margadh an Aontais tarraingteach ó thaobh leibhéil praghsanna de.

(221) Scrúdaigh an Coimisiún leibhéal na bpraghsanna a thuairiscigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus shuigh sé i gcás idirbhearta inchomparáide (i.e. sonrasc tráchtála a socraíodh ar incoterms SAB) gurbh ionann praghas aonaid na mbonn trucaile a onnmhairíodh chuig tríú tíortha agus thart ar 80 % dá bpraghas aonaid san Aontas. Thairis sin, léiríodh tarraingteacht mhargadh an Aontais toisc, d'ainneoin na mbeart atá i bhfeidhm, gur fhan méideanna onnmhairí na Síne chuig an Aontas ag thart ar 30 % de mhéid na n-allmhairí a breathnaíodh le linn an imscrúdaithe bunaidh.

(222) Léiríonn staitisticí go bhfuil margadh an Aontais, an dara margadh is mó tar éis na Stát Aontaithe, tarraingteach d'onnmhairí na Síne ó thaobh praghsanna de. In 2023, bhí leibhéal praghsanna onnmhairí na Síne chuig an Aontas suas le 20 % ní b'airde i gcomparáid le meánphraghsanna onnmhairiúcháin na Síne chuig cinn scríbe eile, amhail Meicsiceo, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, an Indinéis, an Mhalaeisia, an Araib Shádach, an Nigéir, an Ailgéir, an Éigipt agus an Chéinia.

(223) Bunaithe ar a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur mhargadh tarraingteach a bhí i margadh an Aontais do tháirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha bonn trucailí i dtéarmaí a phraghsanna agus a mhéid araon.

3.11.3. *Cumas ionsúcháin féideartha margaí tríú tíortha*

(224) Ní dócha go n-úsáidfí acmhainneacht bhreise tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne chun onnmhairí chuig tríú tíortha seachas an tAontas a mhéadú. Chinn an Coimisiún go bhfuil bearta cosanta trádála ar allmhairí an táirge lena mbaineann ón tSín i bhfeidhm san Airméin, sa Bhotsuáin, sa Bhrasaíl, san Éigipt, sa Ríocht Esuaitíní, sa Chasacstáin, i bPoblacht na Cirgise, i Leosóta, sa Namaib, i gCónaidhm na Rúise, san Afraic Theas, sa Tuirc, sa Ríocht Aontaithe agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá ([74]). Mar thoradh air sin, níl na margaí tríú tíortha sin, ar tomhaltóirí suntasacha bonn trucailí iad, chomh tarraingteach céanna do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne.

3.11.4. *Conclúid*

(225) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, chinn an Coimisiún go rabhthas ag leanúint den fhóirdheonú. Léiríodh san imscrúdú gur lean na hallmhairí ón tSín de bheith ag teacht isteach i margadh an Aontais i méideanna arda (i gcomparáid le méid an mhargaidh) ar phraghsanna fóirdheonaithe le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

([72]) (camex.gov.br) RESOLUÇÃO GECEX Nº 198, DE 3 DE MAIO DE 2021 - RESOLUÇÃO GECEX Nº 198, DE 3 DE MAIO DE 2021 - DOU - Imprensa Nacional (in.gov.br)

([73]) 20220912111726_Report-700.pdf (itac.org.za)

([74]) Bunaithe ar fhaisnéis Thairseach Sonraí Leigheasanna Trádála EDT, le fáil ag: https://trade-remedies.wto.org/en, agus Thairseach Fógra Frithdhumpála EDT, le fáil ag: https://ad-notification.wto.org/

(226) Ina theannta sin, le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, shuigh an Coimisiún go raibh an acmhainneacht bhreise iomarcach sa tSín suntasach i gcomparáid le tomhaltas an Aontais. Léirigh tarraingteacht mhargadh an Aontais i dtéarmaí méide agus praghsanna díola freisin gur dócha go ndíreofaí onnmhairí na Síne ar mhargadh an Aontais, dá rachadh na bearta frithchúitimh in éag.

(227) Dá réir sin, chinn an Coimisiún gur dócha go méadóidh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne a n-onnmhairí bonn ar phraghsanna fóirdheonaithe chuig margadh an Aontais má ligtear do na bearta frithchúitimh dul in éag.

4. DÍOBHÁIL

4.1. Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais

(228) Rinne níos mó ná 400 táirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is iad atá i gceist le 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 9(1) den bhun-Rialachán.

(229) Suíodh táirgeacht iomlán an Aontais le linn thréimhse an imscrúdúchain athbhreithnithe ag thart ar 18 milliún bonn. Shuigh an Coimisiún figiúr táirgeachta iomlán an Aontais ar bhonn na faisnéise a sholáthair European Tyre & Rubber Manufacturers Association ('ETRMA'), an t-iarratasóir agus staidreamh Eurostat. Mar a léirítear in aithris (26), is ionann cúig tháirgeoir de chuid an Aontais sa sampla deiridh agus níos mó ná 25 % de tháirgeacht agus de dhíolacháin an Aontais maidir leis an táirge comhchosúil. Dá bhrí sin, scrúdaíodh na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn sonraí a fuarthas ó fhreagraí na gcúig tháirgeoir sin de chuid an Aontais.

(230) Fuarthas amach go ndearna cuid de na táirgeoirí sampláilte an táirge lena mbaineann a allmhairiú agus a athdhíol ar mhargadh an Aontais ón tSín. Mar sin féin, i gcomparáid lena ndíolacháin fhoriomlána, tá na hallmhairí fós imeallach (níos lú ná 1 % dá ndíolacháin fhoriomlána) agus ní dhéanann siad difear dá gcáilíocht mar tháirgeoirí de chuid an Aontais.

4.2. Tomhaltas an Aontais

(231) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn na faisnéise a sholáthair ETRMA agus Eurostat.

(232) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar thomhaltas an Aontais:

Tábla 1

Tomhaltas an Aontais (in ítimí)

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Tomhaltas iomlán an Aontais (in ítimí)	18 264 516	21 646 928	22 568 607	20 325 009
Innéacs	*100*	*119*	*124*	*111*

Foinse: ETRMA, Cóiméad Eurostat

(233) Tháinig méadú 11 % ar thomhaltas ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí méadú suntasach ann ó 2020 go 2022. Is dócha go mbeidh sé sin nasctha leis an téarnamh ó ghéarchéim Covid agus is é an míniú atá air go bhfuil dlúthnasc idir tomhaltas bonn agus ciliméadair arna dtaisteal ag na cabhlaigh, rud atá ag brath go mór, dá réir sin, ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch fhoriomlán agus go háirithe ar mhéid na n-earraí a iompraítear de bhóthar. Shroich an méadú ar thomhaltas a bhuaicphointe in 2022 agus mhoilligh sé le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

4.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

4.3.1. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(234) Shuigh an Coimisiún an méid allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat. Suíodh an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí ar bhonn thomhaltas an Aontais i dTábla 1.

(235) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 2

méid na n-allmhairí (in ítimí) agus an sciar den mhargadh

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
An méid allmhairí ón tír lena mbaineann (líon ítimí)	900 897	966 311	1 112 883	1 095 084
Innéacs	*100*	*107*	*124*	*122*
Sciar den mhargadh	4,9 %	4,5 %	4,9 %	5,4 %
Innéacs	*100*	*91*	*100*	*109*

Foinse: ETRMA, Eurostat Comext

(236) Shuigh an Coimisiún an méid allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat. Tá an sciar den mhargadh atá ag na hallmhairí ar bhonn thomhaltas an Aontais le fáil i dTábla 2.

(237) Tháinig méadú 22 % ar mhéideanna allmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ó thart ar 900 míle bonn in 2020 go dtí thart ar 1,1 milliún bonn le linn na tréimhse imscrúdaithe. Bhí an méadú ar allmhairí ón tSín an-suntasach in 2022 nuair a chuir Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh na bearta bunaidh ar neamhní go páirteach mar a shonraítear in aithris (4). D'fhan méideanna na n-allmhairí ar an leibhéal céanna freisin le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe d'ainneoin an laghdaithe ar an éileamh. Mar thoradh air sin, tháinig méadú ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí Síneacha ó 4,9 % go 5,4 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

(238) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat.

(239) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghas ualaithe na n-allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 3

Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/ítim)

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Daon-Phoblacht na Síne	136	156	208	218
Innéacs	*100*	*115*	*153*	*161*

Foinse: Eurostat Comext, ní raibh dleacht frithdhumpála seachas dleacht frithchúitimh san áireamh

(240) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 61 % ar mheánphraghsanna allmhairiúcháin na Síne isteach san Aontas (gach leibhéal).

(241) Ós rud é gur onnmhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte boinn Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 den chuid is mó, ní raibh faisnéis mhionsonraithe ag an gCoimisiún faoi onnmhairí Síneacha ar Leibhéal 3, i gcás inar tharla an díobháil phríomhúil le linn an imscrúdaithe bunaidh, rud a d'fhág go raibh éifeacht chascáide droim ar ais sa dá leibhéal eile.

(242) Ar an gcúis sin, rinne an Coimisiún meastachán ar an sladghearradh praghais le haghaidh iomlán na n-allmhairí ar bhonn staitisticí allmhairiúcháin.

(243) Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún comparáid idir na nithe seo a leanas:

— meánphraghas díola ualaithe in aghaidh píosa na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas arna ngearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú de réir an phraghais díreach ón monarcha; agus

— meánphraghas allmhairiúcháin na Síne i dtír ar allmhairí Síneacha bunaithe ar staitisticí allmhairiúcháin, lena n-áirítear na dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh, dleachtanna custaim agus costais allmhairiúcháin

(244) Léiríodh sa chomparáid sin go raibh meánphraghas allmhairiúcháin tagtha i dtír na Síne (EUR 270/ítim) faoi bhun mheánphraghas díola thionscal an Aontais (EUR 281/ítim) agus nach raibh sé ach beagáinín os cionn mheánchostas táirgthe thionscal an Aontais (EUR 260/ítim) i gcás na n-allmhairí eile. Dá suífí an praghas tagtha i dtír gan na dleachtanna frithdhumpála, bheadh sé cothrom le EUR 251/ítim, rud a dhéanfadh sladghearradh suntasach ar mheánphraghas díola thionscal an Aontais agus a bheadh faoi bhun chostas táirgthe thionscal an Aontais freisin.

(245) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin, ar an iomlán, go raibh praghsanna allmhairí Síneacha níos ísle ná meánphraghas díola thionscal an Aontais.

(246) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Grúpa Hankook gur athraigh an Coimisiún a mhodheolaíocht ríofa sladghearrtha go mícheart i gcomparáid leis an imscrúdú bunaidh. Mhaígh Grúpa Hankook gur cheart don Choimisiún anailís a dhéanamh ar bhonn cineál ar chineál nó ar bhonn leibhéal ar leibhéal seachas meastachán a dhéanamh ar an sladghearradh praghais maidir le hiomlán na n-allmhairí ar bhonn staitisticí allmhairiúcháin. Sa leagan íogair dá aighneacht, chuir Grúpa Hankook sonraí ar aghaidh freisin maidir lena mhéideanna agus a phraghsanna onnmhairiúcháin agus mhaígh sé go bhféadfadh an Coimisiún, trí úsáid a bhaint as na sonraí sin, na praghsanna allmhairiúcháin a asbhaint le haghaidh gach leibhéil agus gurbh fhéidir leis anailís sladghearrtha de réir leibhéil a dhéanamh.

(247) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis na maímh sin. Ar an gcéad dul síos, mar gheall ar neamh-chomhoibriú tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne a oibríonn i leibhéal 3 agus mar a luaitear in aithris (241), ní raibh faisnéis mhionsonraithe ag an gCoimisiún faoi onnmhairí na Síne, go háirithe i leibhéal 3, agus ní raibh sé in ann anailís sladghearrtha de réir an leibhéil a dhéanamh. Dá bhrí sin, tháinig athrú ar na sonraí bunúsacha a bhí ar fáil don Choimisiún. Ar an dara dul síos, níor leor na sonraí a chuir Grúpa Hankook ar aghaidh maidir lena mhéideanna agus lena phraghsanna onnmhairiúcháin féin chun aon anailís sladghearrtha eile a dhéanamh. Fiú de réir na sonraí sin, is ann fós d'oibreoirí eile i leibhéal 1, i leibhéal 2 agus i leibhéal 3 nach bhfuil aon fhaisnéis mhionsonraithe ar fáil ina leith agus, murab ionann agus an méid a mhaíonn Grúpa Hankook, ní leor na sonraí sin chun aon fhaisnéis bhreise a thabhairt faoin sladghearradh de réir na leibhéal ná chun aon cheann de thorthaí na hanailíse ar shladghearradh a rinne an Coimisiún a chur ó bhailíocht. Dá bhrí sin, diúltaítear don mhaíomh sin.

4.4. **Allmhairí ó thríú tíortha nach an tSín iad**

(248) Is ón Téalainn, ón Tuirc agus ó Vítneam den chuid is mó a allmhairíodh boinn ó thríú tíortha seachas an tSín.

(249) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar mhéid na n-allmhairí isteach san Aontas agus ar an sciar den mhargadh agus treochtaí praghsanna i gcás allmhairí bonn ó thríú tíortha eile:

Tábla 4

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
an Téalainn	Méid (ítimí)	960 744	984 929	1 533 961	1 816 634
	Innéacs	*100*	*103*	*160*	*189*
	Sciar den mhargadh	5,3 %	4,5%	6,8%	8,9%
	Meánphraghas (EUR/mír)	157	175	200	163
	Innéacs	*100*	*111*	*128*	*104*
an Tuirc	Méid (ítimí)	1 105 850	1 487 639	1 773 851	1 696 256
	Innéacs	*100*	*135*	*160*	*153*
	Sciar den mhargadh	6,1 %	6,9%	7,9%	8,3 %
	Meánphraghas (EUR/mír)	178	176	213	239
	Innéacs	*100*	*99*	*120*	*134*
Vítneam	Méid (ítimí)	477 928	541 921	957 806	964 077
	Innéacs	*100*	*113*	*200*	*202*
	Sciar den mhargadh	2,6%	2,5%	4,2%	4,7%
	Meánphraghas (EUR/mír)	155	178	207	193
	Innéacs	*100*	*115*	*134*	*125*
Tríú tíortha eile	Méid (ítimí)	2 287 192	2 898 840	2 849 801	2 340 028
	Innéacs	*100*	*127*	*125*	*102*
	Sciar den mhargadh	12,5%	13,4 %	12,6%	11,5%
	Meánphraghas (EUR/mír)	185	195	222	245
	Innéacs	*100*	*105*	*120*	*132*
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas an tír lena mbaineann	Méid (ítimí)	4 831 594	5 913 076	7 115 419	6 816 995
	Innéacs	*100*	*122*	*147*	*141*
	Sciar den mhargadh	26,5%	27,3 %	31,5%	33,5%
	Meánphraghas (EUR/mír)	175	185	213	214
	Innéacs	*100*	*106*	*122*	*122*

Foinse: Eurostat Comext

(250) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú thart ar 2 mhilliún ítim ar allmhairí ó thríú tíortha eile, i.e. méadú 41 %. Tá sé sin níos tapúla ná dul chun cinn thomhaltas an Aontais agus tháinig méadú ar an sciar den mhargadh ó 26.5 % go 33.5 % mar thoradh air.

(251) Tharla an príomhmhéadú ó allmhairí ón Téalainn (856 mhíle ítim), ón Tuirc (590 míle ítim) agus ó Vítneam (486 mhíle ítim). I gcás tríú tíortha eile, ní raibh sa mhéadú ach méadú measartha (53 mhíle ítim).

(252) Bhí leibhéal praghsanna na n-allmhairí ó thríú tíortha eile, go háirithe ón Téalainn agus ó Vítneam, go mór faoi bhun phraghsanna díola thionscal an Aontais.

4.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(253) Cuimsíodh sa mheasúnú ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais meastóireacht ar gach táscaire eacnamaíoch a raibh tionchar aige ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(254) Mar a luaitear in aithrisí (15) go (17), úsáideadh sampláil chun staid eacnamaíoch thionscal an Aontais a mheasúnú.

(255) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn na sonraí a bhí san iarraidh ar athbhreithniú, i staitisticí Eurostat agus in aighneachtaí ó ETRMA. Na sonraí a bhaineann le táirgeoirí uile an Aontais. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí a thug na táirgeoirí sampláilte san Aontas ar an gceistneoir. Bhain na sonraí leis na táirgeoirí sampláilte san Aontas. Fuarthas go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(256) Seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, méid na ndíolachán, an sciar den mhargadh, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh fóirdheontais agus téarnamh tar éis fóirdheontais a tharla cheana.

(257) Seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus an cumas caipiteal a chruinniú.

(258) Rinneadh anailís san imscrúdú bunaidh ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais ar bhonn comhiomlánaithe agus, i dtáscairí micreacnamaíocha áirithe, ar leibhéal na leibhéal i bhfianaise dheighilt mhargadh an Aontais freisin. San imscrúdú reatha, rinne an Coimisiún anailís ar dtús ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais ar bhonn comhiomlánaithe.

(259) Rinne an Coimisiún anailís freisin ar tháscairí áirithe ar leibhéal na leibhéal. Mar a léirítear in aithrisí (301) go (308), deimhnítear leis an anailís sin go gcomhfhreagraíonn na treochtaí don táirge lena mbaineann a bhreithnítear ina iomláine go ginearálta do na treochtaí do na leibhéil a bhreithnítear ar leithligh.

(260) San imscrúdú bunaidh, rinne an Coimisiún torthaí tháirgeoirí sampláilte an Aontais a ualú i gcomhréir lena sciar de dhíolacháin iomlána an Aontais de tháirgeoirí an Aontais chun a áirithiú go ndearnadh ionadaíocht ar na FBManna de réir a sciar de dhíolacháin iomlána an Aontais i ngach micreatháscaire. Ós rud é nach bhfuil FBManna gníomhach ach i ndeighleog leibhéal 3, bhí mar iarmhairt dhíreach ag an gcoigeartú sin an sciar de dhíolacháin leibhéal 3 laistigh den tacar sonraí de thionscnamh tháirgeoirí sampláilte an Aontais a mhéadú.

(261) San imscrúdú seo, mheas an Coimisiún nach raibh gá leis an ualú bunaidh chun measúnú oibiachtúil a dhéanamh ar staid thionscal an Aontais i gcomhthéacs an athbhreithnithe éaga. Go deimhin, fuarthas amach san imscrúdú go raibh an pictiúr díobhála a bhaineann leis na FBManna nach raibh ag feidhmiú ach i Leibhéal 3 níos measa fós ná an pictiúr díobhála a bhain le Leibhéal 3 ar an iomlán. Thairis sin, fuair an Coimisiún, fiú gan sonraí na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais a ualú, go ndearnadh díobháil do thionscal an Aontais i ngach leibhéal (féach aithrisí (301) go (308)). Dá bhrí sin, go loighciúil, ní mhéadódh aon ualú ach na treochtaí diúltacha a fheictear faoi láthair sa phictiúr foriomlán díobhála.

4.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(262) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
An méid táirgeachta (in ítimí)	18 323 204	21 701 759	20 380 261	18 047 419
Innéacs	*100*	*118*	*111*	*98*
Acmhainneacht táirgeachta (in ítimí)	22 867 574	24 008 277	24 237 586	21 907 693
Innéacs	*100*	*105*	*106*	*96*
Úsáid acmhainneachta	80 %	90 %	84 %	82%
Innéacs	*100*	*113*	*105*	*103*

Foinse: ETRMA, Eurostat Comext agus faisnéis arna soláthar ag an iarratasóir

(263) Mar aon le fás an mhargaidh agus na ndíolachán i margadh an Aontais, tháinig méadú ar na méideanna táirgeachta ó 2020 go 2021. Ina dhiaidh sin, tháinig laghdú ar an táirgeacht in 2022 agus tháinig laghdú breise fós uirthi le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Bhí an laghdú ar na méideanna táirgeachta inchurtha i leith na méideanna díolachán laghdaithe, rud a bhí nasctha leis an laghdú ar thomhaltas an Aontais agus a raibh caillteanas sciar den mhargadh thionscal an Aontais mar thoradh air. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, d'fhill méideanna táirgeachta thionscal an Aontais ar an leibhéal céanna agus a bhí in 2020. Bhí tionscal an Aontais in ann, áfach, a acmhainneacht a oiriúnú do na hathruithe ar mhéideanna táirgeachta, rud a mhaolaigh luaineachtaí an ráta úsáide acmhainneachta – ar tháinig feabhas beag (faoi 3 %) fiú air le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú.

4.5.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(264) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Méid iomlán na ndíolachán ar mhargadh an Aontais (in ítimí)	12 531 905	14 767 288	14 338 944	12 412 930
Innéacs	*100*	*118*	*114*	*99*
Sciar den mhargadh	69%	68%	64 %	61 %
Innéacs	*100*	*99*	*93*	*89*

Foinse: ETRMA, Eurostat Comext

(265) Sa mhargadh atá ag fás, tháinig méadú ar mhéideanna díolacháin thionscal an Aontais ó 2020 go 2021. Le linn 2022, tháinig laghdú ar mhéideanna díolacháin thionscal an Aontais d'ainneoin fhás an mhargaidh agus tháinig laghdú breise orthu le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, d'fhill méideanna díolachán thionscal an Aontais ar an leibhéal céanna le 2020. Ós rud é go raibh díolacháin thionscal an Aontais chun deiridh ar an méadú ar an margadh in 2022 agus gur tháinig meath orthu níos tapúla ná an margadh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, thit an sciar den mhargadh ó 69 % go 61 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(266) Ina bharúlacha maidir le tionscnamh mhaígh Grúpa Hankook gur fhan díolacháin thionscal an Aontais chomh maith lena sciar den mhargadh cobhsaí go bunúsach le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus go bhféadfaí an laghdú beag ó 2022 go tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a mhíniú leis an laghdú ar thomhaltas.

(267) Ní thacaíonn torthaí an imscrúdaithe leis an maíomh sin. Cé go raibh díolacháin thionscal an Aontais ar an leibhéal céanna le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 2020, bhí laghdú tábhachtach (13 %) ann ó 2022 go dtí tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Chomh maith leis sin, tháinig laghdú ar sciar thionscal an Aontais den mhargadh ó 69 % go 61 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(268) Dá bhrí sin, diúltaíodh don maíomh sin.

4.5.2.3. Fás

(269) Tháinig méadú ar thomhaltas an Aontais den chéad uair ó 2020 go 2022 i gcomhréir leis an méadú ar ghníomhaíocht eacnamaíoch tar éis COVID. Tháinig an méadú is mó ar thomhaltas in 2022 agus tháinig moill air le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rud a d'fhág gur tháinig méadú foriomlán 11 % air le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ní fhéadfadh díolacháin thionscal an Aontais treocht dhearfach an mhargaidh a leanúint ach amháin le linn 2021. In 2022, níor tháinig méadú ar dhíolacháin thionscal an Aontais ar an luas céanna leis an margadh agus tháinig meath níos tapúla orthu ná mar a tháinig ar an margadh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú 8 bpointe céatadáin ar an sciar den mhargadh (ó 69 % go 61 %) le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.5.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(270) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
An líon fostaithe	21 148	21 614	20 291	18 425
Innéacs	*100*	*102*	*96*	*87*
Táirgiúlacht (aonad/fostaí)	866	1 004	1 004	979
Innéacs	*100*	*116*	*116*	*113*

Foinse: ETRMA agus faisnéis arna soláthar ag an iarratasóir

(271) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, chaill tionscal an Aontais breis agus 2 700 post díreach. Nuair a tháinig méadú ar mhéideanna táirgeachta thionscal an Aontais ó 2020 go 2021, tháinig méadú ar an bhfostaíocht freisin. Mar sin féin, ós rud é go raibh tionscal an Aontais in ann a tháirgiúlacht a fheabhsú freisin, níor tháinig méadú ar an bhfostaíocht ag an ráta céanna leis na méideanna táirgeachta. Mar thoradh ar na méideanna táirgeachta a bhí ag titim ó 2021 go dtí tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, tháinig laghdú ar phoist agus cailleadh roinnt táirgiúlachta freisin.

4.5.2.5. Méid an fhóirdheonaithe agus an téarnaimh ón bhfóirdheonú roimhe

(272) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, bhí na corrlaigh fóirdheontais aonair a fuarthas le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha fós suntasach (féach aithris (214) thuas).

(273) Mar sin féin, d'ainneoin go raibh dumpáil fós ann ón tSín, léiríonn an anailís ar na táscairí fóirdheonaithe go raibh tionchar dearfach ag na bearta atá i bhfeidhm ar thionscal an Aontais ag tús na tréimhse faoi bhreathnú. D'aisiompaigh an staid dhearfach sin, áfach, in 2022 nuair a chuaigh staid thionscal an Aontais in olcas arís.

4.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.5.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(274) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghsanna díola aonaid na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

Praghsanna díola agus costas táirgthe san Aontas (EUR/mír)

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
An meánphraghas díola aonaid san Aontas (gach leibhéal)	224	241	274	281
Innéacs	*100*	*107*	*122*	*125*
Costas aonaid na táirgeachta	186	193	249	260
Innéacs	*100*	*104*	*134*	*140*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(275) Tháinig méadú 25 % ar phraghsanna díola bonn le custaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ó 2020 go 2021 tharla an méadú ar phraghsanna ag an am céanna le méadú ar an éileamh. Sa chás sin, bhí tionscal an Aontais in ann a phraghsanna díola a mhéadú níos mó (7 %) ná mar a tháinig méadú (4 %) ar chostas an táirgthe.

(276) Tháinig athrú ar an staid fhabhrach sin in 2022, agus ina dhiaidh sin ní raibh tionscal an Aontais in ann na méaduithe ar chostais a chur ar aghaidh chuig a phraghsanna díola. Cé gur tháinig méadú 18 bpointe céatadáin ar na praghsanna díola idir 2021 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, níor leor na méaduithe sin ar phraghsanna chun an méadú ar an gcostas táirgthe a chúiteamh.

(277) Ar an iomlán, tháinig méadú 40 % ar chostas an táirgthe le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tharla an méadú ba shuntasaí ó 2021 go 2022 nuair a tháinig méadú 30 % ar an gcostas táirgthe.

(278) Rinneadh anailís freisin ar na príomhtháscairí díobhála le haghaidh na dtrí leibhéal.

(279) Ar leibhéal 1, tháinig méadú EUR 55 ar an meánphraghas díola aonaid agus tháinig méadú EUR 75 ar chostais aonaid le linn na tréimhse céanna. Tháinig méadú 24 % ar an meánphraghas díola agus tháinig méadú 39 % ar chostas an táirgthe le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

Tábla 9

Praghsanna díola agus costas táirgthe san Aontas (EUR/ítim) — Leibhéal 1

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
An meánphraghas díola aonaid san Aontas ar an margadh iomlán	235	250	283	290
Innéacs	*100*	*106*	*120*	*124*
Costas aonaid na táirgeachta	191	196	256	266
Innéacs	*100*	*102*	*134*	*139*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(280) Ar leibhéal 2, tháinig méadú EUR 60 ar an meánphraghas díola aonaid agus tháinig méadú EUR 68 ar chostais aonaid le linn na tréimhse céanna. Tháinig méadú 29 % ar an meánphraghas díola agus tháinig méadú 39 % ar an gcostas táirgthe le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

Tábla 10

Praghsanna díola agus costas táirgthe san Aontas (EUR/ítim) — Leibhéal 2

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
An meánphraghas díola aonaid san Aontas ar an margadh iomlán	205	224	258	265
Innéacs	*100*	*109*	*126*	*129*
Costas aonaid na táirgeachta	173	184	228	241
Innéacs	*100*	*106*	*132*	*139*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(281) Ar leibhéal 3, tháinig méadú EUR 40 ar an meánphraghas díola aonaid agus tháinig méadú EUR 58 ar chostais aonaid le linn na tréimhse céanna. Tháinig méadú 24 % ar an meánphraghas díola agus tháinig méadú 34 % ar chostas an táirgthe le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

Tábla 11

Praghsanna díola agus costas táirgthe san Aontas (EUR/ítim) — Leibhéal 3

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
An meánphraghas díola aonaid san Aontas ar an margadh iomlán	170	176	206	210
Innéacs	*100*	*104*	*121*	*124*
Costas aonaid na táirgeachta	171	187	223	229
Innéacs	*100*	*109*	*130*	*134*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

4.5.3.2. Costais saothair

(282) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	50 250	54 950	64 650	64 862
Innéacs	*100*	*109*	*129*	*129*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(283) Tháinig méadú 9 % ar an meánchostas saothair in aghaidh an fhostaí ó 2020 go 2021 agus ansin tháinig méadú 20 % air ó 2021 go 2022, agus d'fhan sé ar an leibhéal céanna le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

4.5.3.3. Fardail

(284) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 13

Fardail

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Stoic dheiridh (Innéacs 2020=100)	*100*	*123*	*130*	*155*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht	14 %	15%	16%	21%
Innéacs	*100*	*102*	*110*	*143*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(285) I gcomparáid leis an táirgeadh, d'fhan an stoc deiridh ar an leibhéal céanna ó 2020 go 2022 (is é sin 14 % – 16 % den mhéid táirgeachta). Breathnaíodh méadú (go 21 % den mhéid táirgeachta) nuair a cuireadh an stoc deiridh ag deireadh na tréimhse imscrúdúcháin (an 30 Meitheamh 2023) i gcomparáid le leibhéil stoic deireadh bliana in 2020 – 2022. Is í an tséasúracht is cúis leis an méadú sin den chuid is mó, áfach. Díoltar méideanna níos airde bonn sa dara leath den bhliain i gcomparáid leis an gcéad leath, ach níl an táirgeadh chomh séasúrach céanna. Mar gheall ar an séasúracht seo, is gnách go mbíonn na méideanna stoic níos airde ag deireadh mhí an Mheithimh i gcomparáid le deireadh mhí na Nollag. Dá bhrí sin, ní léiríonn an méadú dealraitheach ar leibhéil stoic le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe staid airgeadais tháirgeoirí an Aontais.

4.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(286) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar an infheistíochtaí ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 14

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	7,9%	13,4 %	1,8%	1,3 %
Innéacs	*100*	*170*	*23*	*16*
Sreabhadh airgid (EUR)	95 814 284	29 530 055	- 57 192 051	- 94 989 994
Innéacs	*100*	*31*	*- 60*	*- 99*
Infheistíochtaí (EUR)	50 269 926	48 233 290	56 308 570	66 447 814
Innéacs	*100*	*96*	*112*	*132*
Toradh ar infheistíochtaí (%)	– 2,1%	3,9%	– 15,2 %	– 16,3 %
Innéacs	*- 100*	*182*	*- 712*	*- 763*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(287) Shuigh an Coimisiún brabúsacht na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin.

(288) Tháinig feabhas ar an mbrabúsacht fhoriomlán den chéad uair ó 2020 go 2021 nuair a tháinig méadú ar an éileamh ar bhoinn tar éis téarnamh an iompair de bhóthar ó ghéarchéim Covid agus nuair nár tháinig méadú foriomlán ar allmhairí go dtí an méid céanna agus a tháinig ina dhiaidh sin. Mar a mhínítear in aithris (275), bhí tionscal an Aontais in ann a phraghsanna díola a mhéadú in 2021 níos mó ná an méadú ar an gcostas táirgthe, rud a chuir le corrlaigh bhrabúis mhéadaithe ó 7,9 % go 13,4 %.

(289) Tháinig athrú ar an staid in 2022, nuair nach raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a mhéadú i gcomhréir leis na méaduithe ar chostais. Mar thoradh air sin, thit brabúsacht thionscal an Aontais go leibhéil ísle (1,8 % in 2022 agus 1,3 % i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe).

(290) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Bhí an treocht maidir le glansreabhadh airgid ag laghdú le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú. Bhí tionchar ag dhá phríomhfhachtóir air. Ar thaobh amháin, rannchuidigh brabúsacht fhoriomlán thionscal an Aontais go dearfach leis an sreabhadh airgid ag tús na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí an ranníocaíocht sin ídithe go praiticiúil tar éis an laghdaithe ar bhrabúsacht in 2022. Ar an taobh eile, d'ionsúigh an méadú ar mhéideanna táirgeachta agus leibhéil na stoc deiridh caipiteal oibre agus, dá bhrí sin, bhí tionchar diúltach aige ar shreabhadh airgid ó 2021 ar aghaidh. Ar an iomlán, tháinig laghdú ar an sreabhadh airgid ó EUR 96 mhilliún dearfach go EUR 95 mhilliún diúltach le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(291) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú ar infheistíochtaí ó EUR 50 milliún go EUR 66 mhilliún, i.e. méadú 32 %. Ar an iomlán, d'fhan a leibhéal faoi bhun 10 % den láimhdeachas iomlán le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú.

(292) Is éard atá sa toradh ar infheistíochtaí an brabús mar chéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Mhéadaigh sé ar dtús ó – 2,1 % go 3,9 % ó 2020 go 2021, i gcomhréir leis an mbrabúsacht fheabhsaithe. Ina dhiaidh sin, nuair a tháinig meath ar bhrabúsacht fhoriomlán thionscal an Aontais, tháinig laghdú ar thoradh na n-infheistíochtaí go – 15,2 % in 2022 agus – 16,3 % i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(293) Tá tionscal an Aontais ilroinnte idir grúpaí móra cuideachtaí ilnáisiúnta agus os cionn 400 FBM ar fud an Aontais agus tá sé ilchineálach maidir lena gcumas caipiteal a thiomsú.

(294) Rinneadh anailís ar leithligh ar an modheolaíocht chéanna a shonraítear maidir le brabúsacht sna trí leibhéal.

(295) Bhí forbairt na brabúsachta ar leibhéal 1 le linn na tréimhse faoi bhreathnú cosúil le luaineacht bhrabúsacht thionscal an Aontais ina iomláine. Tháinig feabhas air ar dtús ó 2020 go 2021 agus ansin thit sé go leibhéil ísle (1,9 % in 2022 agus 1,3 % i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe).

(296) Ar Leibhéal 1, tháinig laghdú ar an nglansreabhadh airgid ó EUR 85 mhilliún deimhneach go EUR 56 mhilliún diúltach le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mhéadaigh toradh na hinfheistíochta ar dtús ó 1,1 % go 7,6 % agus ansin laghdaigh sé go – 14,0 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

Tábla 15

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí – Leibhéal 1

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	9,4 %	15,2 %	1,9%	1,3 %
Innéacs	*100*	*162*	*20*	*14*
Sreabhadh airgid (EUR)	85 042 290	35 716 163	- 43 640 531	- 56 302 048
Innéacs	*100*	*42*	*- 51*	*- 66*
Infheistíochtaí (EUR)	38 607 861	38 181 656	45 748 927	53 222 683
Innéacs	*100*	*99*	*118*	*138*
Toradh ar infheistíochtaí (%)	1,1%	7,6%	– 13,6%	– 14,0 %
Innéacs	*100*	*677*	*- 1 213*	*- 1 252*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(297) Tháinig feabhas ar fhorbairt na brabúsachta ar leibhéal 2 le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar dtús ó 2020 go 2021, agus ansin thit sé go 3.5 % in 2022 agus ina dhiaidh sin go 2.5 % i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(298) Ar leibhéal 2, tháinig laghdú ar an nglansreabhadh airgid ó EUR 5.5 milliún dearfach go EUR 34.5 milliún diúltach le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú ar an toradh ar infheistíocht ó 15,8 % in 2020 go – 28,0 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

Tábla 16

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí – Leibhéal 2

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	4,6%	9,3 %	3,5%	2,5%
Innéacs	*100*	*203*	*76*	*55*
Sreabhadh airgid (EUR)	5 482 431	- 2 889 233	- 13 209 945	- 34 464 853
Innéacs	*100*	*- 53*	*- 241*	*- 629*
Infheistíochtaí (EUR)	9 439 555	9 080 411	9 167 506	11 950 064

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Innéacs	*100*	*96*	*97*	*127*
Toradh ar infheistíochtaí (%)	– 15,8%	– 14,3 %	– 22,5%	– 28,0 %
Innéacs	*- 100*	*- 91*	*- 143*	*- 178*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(299) Bhí Leibhéal 3 neamhbhrabúsach le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú chuaigh an staid in olcas agus tháinig laghdú ar an mbrabúsacht dhiúltach – 1,6 % in 2020 go – 3,5 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Bhí an staid níos measa fós do FBManna a oibríonn i leibhéal 3 a raibh a gcuid brabúsachta idir 4,6 % agus – 7,0 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Léirigh an 'feabhsú' beag idir 2022 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe rath teoranta iarrachtaí an tionscail dul in oiriúint don staid dheacair.

(300) Ar leibhéal 3, tháinig laghdú ar an nglansreabhadh airgid ó EUR 5.3 milliún deimhneach go EUR 4.2 milliún diúltach le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí toradh diúltach ar infheistíocht le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú, ag laghdú ó – 5,9 % go – 20,0 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

Tábla 17

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí – Leibhéal 3

	2020	2021	2022	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	– 1,6%	– 1,5%	– 6,1%	– 3,5%
Innéacs	*- 100*	*- 92*	*- 374*	*- 212*
Sreabhadh airgid (EUR)	5 289 563	- 3 296 875	- 341 574	- 4 223 093
Innéacs	*100*	*- 62*	*- 6*	*- 80*
Infheistíochtaí (EUR)	2 222 510	971 223	1 392 137	1 275 067
Innéacs	*100*	*44*	*63*	*57*
Toradh ar infheistíochtaí (%)	– 5,9%	– 10,8%	– 35,4 %	– 20,0 %
Innéacs	*100*	*17*	*- 401*	*- 139*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

4.6. **Conclúid maidir le díobháil**

(301) Suíodh san imscrúdú gur léirigh tionscal an Aontais ina iomláine téarnamh ó fhóirdheonú roimhe seo le linn 2021. Idir 2022 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, bhí a mhalairt de théarnamh ann.

(302) Is léir é sin go háirithe i mbrabúsacht laghdaithe thionscal an Aontais, caillteanas sciar den mhargadh agus neamhábaltacht praghsanna a mhéadú i gcomhréir le costais atá ag ardú. Ina theannta sin, tháinig meath freisin ar tháscairí a bhaineann leis an mbrabúsacht, amhail sreabhadh airgid agus toradh infheistíochta. Tugadh é sin faoi deara go háirithe i measc tháirgeoirí leibhéal 3, atá neamhchosanta go háirithe ar bhrú praghsanna ó allmhairí ar phraghas íseal, rud a dhéanann dochar do na leibhéil níos airde tríd an éifeacht 'aischascáideach' ar a dtugtar tuairisc san imscrúdú bunaidh ([75]).

(303) Ar bhonn a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún sa deireadh gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 8(5) den bhun-Rialachán le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

5. **CÚISÍOCHT**

(304) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú chaill tionscal an Aontais a sciar den mhargadh d'allmhairí ó thíortha eile, go háirithe an Téalainn, Vítneam, an Tuirc agus an tSín freisin.

(305) Bhí meath ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais inchurtha go páirteach leis an méadú ar allmhairí Síneacha tar éis neamhniú páirteach na ndleachtanna frithdhumpála agus níos tábhachtaí fós mar gheall ar mhéadú ar allmhairí ó thíortha eile ar phraghsanna ísle. Mar gheall ar na hallmhairí ar phraghsanna níos ísle, tá sé deacair do thionscal an Aontais a phraghsanna a mhéadú agus a sciar den mhargadh i dtimpeallacht na gcostas méadaithe a choinneáil ar bun.

(306) Tar éis thús chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tháinig méadú suntasach ar phraghsanna ábhar ionchuir agus fuinnimh, rud a d'fhág gur tháinig méadú tapa ar an gcostas táirgthe. An tráth céanna, tháinig méadú ar mhéideanna allmhairí agus ó 2022 ní raibh tionscal an Aontais in ann na méaduithe costais a chur ar aghaidh chuig a phraghsanna díola. Cé gur tháinig méadú 18 % ar na praghsanna díola idir 2021 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, níor leor na méaduithe sin ar phraghsanna chun an méadú ar chostas an táirgthe a chúiteamh.

(307) Mar thoradh air sin, tugann an Coimisiún dá aire freisin go dtagann an staid dhíobhálach ina bhfaightear tionscal an Aontais tráth a tharla tosca eile amhail méaduithe suntasacha ar chostais agus méadú suntasach ar allmhairí ar phraghas íseal ó thíortha eile, go háirithe an Téalainn, Vítneam agus an Tuirc. Mar a léirítear in aithrisí (248) go (252) thuas, tháinig méadú suntasach ar na hallmhairí ón Téalainn agus ó Vítneam agus bhí a leibhéil praghsanna go mór faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais.

(308) Ar an gcúis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur chuir na hallmhairí fóirdheonaithe ón tSín leis an díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe; mar sin féin, tosca eile, go háirithe an méadú ar chostais agus allmhairí ó thíortha eile, chaith siad amhras ar an ngaol idir na hallmhairí fóirdheonaithe agus na héifeachtaí ar thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún measúnú breise a dhéanamh ar cé acu an dócha go dtarlódh díobháil arís arbh iad na hallmhairí fóirdheonaithe ón tSín ba chúis léi dá ligfí do na bearta dul in éag, nó nach dócha.

(309) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Hankook nach allmhairí ón tSín is cúis leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Mhaígh Hankook nach ndéanann allmhairí na Síne sladghearradh ar phraghsanna thionscal an Aontais i leibhéal 3 ná i leibhéal 1. Chun tacú lena mhaíomh, chuir Hankook sonraí íogaire isteach maidir lena phraghsanna agus méideanna onnmhairiúcháin.

([75]) Féach aithris (242) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1579 ón gCoimisiún an 18 Deireadh Fómhair 2018 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchta, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/163. IO L 263, 22.10.2018, lch. 3.

(310) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an maíomh sin. Mar a luaitear in aithris (247), ní leor na sonraí a sholáthair Hankook chun aon anailís bhreise a dhéanamh ar shladghearradh ós rud é nach bhfuil faisnéis leordhóthanach iontu faoi oibreoirí eile atá gníomhach i leibhéil 1, 2 agus 3. Dá bhrí sin, ní fhéadfadh na sonraí sin aon cheann de thorthaí na hanailíse sladghearrtha a rinne an Coimisiún a chur ó bhail. Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, go bhfuil bunús an mhaímh sin, i.e. nach bhfuil aon sladghearradh ann i leibhéal 1 ná i leibhéal 3, mícheart, agus dá bhrí sin, diúltaítear don mhaíomh sin.

(311) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Hankook freisin nach allmhairí Síneacha ba chúis leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais ach boinn a allmhairíodh ó thríú tíortha eile.

(312) Mar a luaitear in aithris (308), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur chuir allmhairí dumpáilte ón tSín leis an díobháil ábhartha do thionscal an Aontais ach go raibh tosca eile ann freisin, go háirithe an méadú ar chostais agus allmhairí ó thíortha eile, a d'fhéadfadh amhras a chaitheamh ar an ngaol idir na hallmhairí dumpáilte agus na héifeachtaí ar thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún nach gcuireann an maíomh sin an chonclúid thuas ó bhail agus dá bhrí sin diúltaítear dó.

6. AN DÓCHÚLACHT GO nDÉANFAR AN DÍOBHÁIL AN ATHUAIR

(313) Rinne an Coimisiún measúnú, i gcomhréir le hAirteagal 18(2) den bhun-Rialachán, ar an dóchúlacht go ndéanfaí an díobháil an athuair mar gheall ar na hallmhairí fóirdheonaithe ón tSín má ligtear do na bearta dul in éag.

(314) Maidir leis sin, rinne an Coimisiún anailís ar na gnéithe a leanas: an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tSín, tarraingteacht mhargadh an Aontais agus praghsanna onnmhairiúcháin chuig margaí tríú tíortha agus an gaol idir praghsanna san Aontas agus sa tSín, acmhainneacht ionsúcháin fhéideartha margaí tríú tíortha, leibhéil praghsanna dóchúla allmhairí ón tSín in éagmais bearta frith-fhóirdheontais, agus a dtionchar ar thionscal an Aontais, lena n-áirítear leibhéal sladghearrtha agus díobhála agus méadú ar allmhairí ón tSín tar éis neamhniú sealadach na ndleachtanna frithdhumpála.

6.1. Acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sa tSín

(315) Mar a leagtar amach in aithrisí (217) - (219) thuas, tá acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise shuntasach sa tSín chun onnmhairí chuig margadh an Aontais a mhéadú go pras i gcás ina ligfear do na bearta frith-fhóirdheontais dul in éag. Mar a shuitear in aithris (218), is ionann an acmhainneacht neamhúsáidte a bhí ar fáil sa tSín in 2022 agus beagnach 20 milliún aonad, beagnach coibhéiseach leis an tomhaltas iomlán ar mhargadh an Aontais.

6.2. Tarraingteacht mhargadh an Aontais agus praghsanna onnmhairiúcháin chuig margaí tríú tíortha

(316) Mar a leagtar amach in aithrisí (220) - (223), is margadh tarraingteach é margadh an Aontais, arb é an dara margadh is mó ar domhan é i ndiaidh na Stát Aontaithe, ó thaobh a phraghsanna agus a mhéid araon. In 2023, bhí leibhéal praghsanna onnmhairí na Síne chuig an Aontas i bhfad níos airde i gcomparáid le meánphraghsanna onnmhairiúcháin na Síne chuig príomhchinn scríbe eile, lena n-áirítear Stáit Aontaithe Mheiriceá. Thairis sin, d'ainneoin na mbeart frith-fhóirdheontais atá i bhfeidhm, d'fhan allmhairí na Síne isteach san Aontas ag thart ar 30 % de mhéid na n-allmhairí le linn an imscrúdaithe tosaigh.

6.3. Cumas ionsúcháin féideartha margaí tríú tíortha

(317) Mar a leagtar amach in aithris (224) tá bearta cosanta trádála maidir le honnmhairiú an táirge chomhchosúil ón tSín i bhfeidhm i bhformhór na margaí tríú tír ar tomhaltóirí suntasacha bonn trucailí iad. Fágann sé sin nach bhfuil na margaí sin chomh tarraingteach céanna do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne. Is gné bhreise é sin a thacaíonn leis an toradh gur i margadh an Aontais ba dhóichí a thiocfadh deireadh le hacmhainneacht táirgeachta reatha na Síne, dá ndéanfaí bearta a aisghairm.

6.4. **Leibhéil praghsanna dhóchúla allmhairí ón tSín in éagmais bearta frith-fhóirdheontais, agus a dtionchar ar thionscal an Aontais, lena n-áirítear leibhéal an tsladghearrtha agus na díobhála.**

(318) Mar a léirítear i dTábla 3, b'ionann praghsanna allmhairiúcháin isteach san Aontas ón tSín le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus EUR 218/ítim atá níos ísle go hábhartha ná meánphraghas díola thionscal an Aontais EUR 283/ítim a léirítear i dTábla 8, agus faoi bhun a gcostais táirgthe EUR 260/ítim freisin.

(319) Dá bhrí sin, is dócha go ndéanfadh allmhairí na Síne sladghearradh ábhartha ar phraghsanna an Aontais gan dleachtanna frith-fhóirdheontais.

6.5. **Méadú ar allmhairí Síneacha tar éis neamhniú páirteach na ndleachtanna frith-fhóirdheontais**

(320) Mar a léirítear i dTábla 2 agus mar a leagtar amach in aithris (237), bhí an méadú ar allmhairí ón tSín an-suntasach in 2022 nuair a chuir Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh na bearta bunaidh ar neamhní go páirteach.

(321) Léiríonn sé sin go bhfuil suim fós ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne i margadh an Aontais agus gur dócha go dtiocfadh méadú ar allmhairí arís, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm.

(322) Ina bharúlacha tráth an tionscnaimh, mhaígh Grúpa Hankook go léiríonn treochtaí allmhairiúcháin nach bhfuil aon bhagairt ann go leanfar den díobháil nó go dtarlóidh sí arís. De réir Grúpa Hankook, ní fhéadfadh tionchar suntasach a bheith ag an sciar den mhargadh atá ag allmhairí na Síne faoi láthair ar thodhchaí thionscal an Aontais. Chomh maith leis sin, mhaígh an grúpa Hankook nach raibh acmhainneacht táirgeachta mhéadaithe na Síne tiomnaithe do mhargadh an Aontais ach do mhargaí eile.

(323) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an tuairim sin. Fiú más rud é, go pointe áirithe, go dtugann na dleachtanna atá ann faoi láthair cosaint éigin do thionscal an Aontais ar na hallmhairí fóirdheonaithe ón tSín, bhí allmhairí na Síne fós in ann a sciar den mhargadh a mhéadú le linn na tréimhse faoi bhreathnú. I bhfianaise leibhéil praghsanna na Síne gan dleachtanna agus an acmhainneacht bhreise atá ar fáil sa tSín, is dócha go dtiocfadh méadú suntasach ar an sciar den mhargadh atá ag allmhairí na Síne dá ligfí do na bearta dul in éag. Chomh maith leis sin, ní raibh bunús leis an maíomh gur chuig margaí eile den chuid ba mhó a díríodh acmhainneacht mhéadaithe na Síne le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Fiú dá mbeadh sé ceart, measann an Coimisiún go bhfuil margadh an Aontais fós tarraingteach d'allmhairí na Síne.

(324) Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(325) Tar éis an nochta deiridh, mhaígh Hankook nach bhfuil fianaise leordhóthanach ann maidir leis an dóchúlacht go dtarlóidh an díobháil arís. Go háirithe, mhaígh Hankook nach féidir an méadú ar allmhairí in 2022 a nascadh le neamhniú páirteach na mbeart in 2022 agus nach léiriú é ar iompar tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne. Mhaígh Hankook freisin nach ndearnadh aon sladghearradh i leibhéal 3, go méadódh táirgeoirí na Síne a mbrabúis seachas a bpraghsanna a ísliú dá ligfí do na bearta dul in éag agus, ós rud é nach raibh i margadh an Aontais ach 4 % de mhéid iomlán onnmhairiúcháin na Síne, nach féidir a mheas go bhfuil margadh an Aontais tarraingteach.

(326) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis na maímh sin. Ar an gcéad dul síos, le neamhniú páirteach na mbeart ag an gCúirt Ghinearálta, cuireadh in iúl don mhargadh go bhféadfaí dleachtanna a chealú i bpáirt agus a aisíoc ina dhiaidh sin, rud a d'fhéadfadh na hallmhairí a dhéanamh níos tarraingtí. Ar an dara dul síos, mar a mhínítear in aithrisí (247) agus (310) thuas, bunús an mhaímh sin, is é sin nach bhfuil sladghearradh i leibhéal 3, tá sé sin mícheart. Ar an tríú dul síos, níor chuir Hankook aon fhianaise isteach chun tacú lena mhaíomh gurbh fhearr le táirgeoirí na Síne a mbrabúis a mhéadú ná a bpraghsanna a ísliú má ligtear do na bearta dul in éag. Ar deireadh, leibhéal reatha na n-onnmhairí Síneacha chuig an Aontas agus na dleachtanna i bhfeidhm, ní féidir leis an leibhéal sin tarraingteacht leanúnach mhargadh an Aontais a chur ó bhailíocht ar na cúiseanna a liostaítear in aithrisí (220) - (223) agus (316) thuas. Dá bhrí sin, diúltaítear don mhaíomh sin.

6.6. **Conclúid maidir leis an dóchúlacht go ndéanfaí díobháil arís**

(327) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, más rud é go dtéann na bearta in éag, gurb é is dóichí a tharlódh go dtiocfadh méadú suntasach ar allmhairí fóirdheonaithe ón tSín ar leibhéil phraghais dhíobhálacha agus gur measa a bheadh an staid díobhála ina bhfuil tionscal an Aontais dá bharr.

7. **LEAS AN AONTAIS**

(328) I gcomhréir le hAirteagal 31 den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an cheist cé acu a bheadh sé in aghaidh leas an Aontais ina iomláine nó nach mbeadh dá gcoinneofaí na bearta frith-fhóirdheontais atá i bhfeidhm faoi láthair ar bun. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí deiridh.

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(329) Maidir le táirgeoirí de chuid an Aontais a bhfuil níos mó ná 25 % de mhéid táirgeachta an Aontais acu, chomhoibrigh siad leis an imscrúdú.

(330) Léiríodh san imscrúdú go raibh tionscal an Aontais i staid leochaileach nuair nach raibh sé in ann na méaduithe costais a chur ar aghaidh go hiomlán chuig a phraghsanna díola agus gur laghdaíodh a chorrlaigh bhrabúis.

(331) Tagann an Coimisiún ar an gconclúid, ós rud é go bhfuil díobháil á déanamh do thionscal an Aontais cheana féin agus i gcás ina rachaidh na bearta in éag, go bhfuil dóchúlacht láidir ann go dtiocfaidh méadú ar allmhairí fóirdheonaithe ón tSín ar leibhéil praghsanna díobhálacha, rud a d'fhágfadh go mbeadh brú praghsanna ag méadú ar mhargadh an Aontais agus go gcuirfeadh sé leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais a thuilleadh.

(332) Dá bhrí sin, is léir go bhfuil sé chun leas thionscal an Aontais leanúint leis na bearta.

7.2. **Leas na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí neamhchomhlachaithe**

(333) Níor chomhoibrigh aon allmhaireoir ná úsáideoir leis an imscrúdú.

(334) Thángthas ar an gconclúid san imscrúdú bunaidh, cé nach raibh na bearta chun leasa allmhaireoirí a bhíonn ag brath den chuid is mó ar allmhairiú bonn an-saor ón tSín, nach dócha go ndéanfaidh athbhunú na hiomaíochta córa difear mór d'allmhaireoirí a bhfuil punann níos leithne acu.

(335) Dá bhrí sin, in éagmais fianaise nua, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, amhail san imscrúdú bunaidh, nach ndéanfaidh leanúint leis na bearta difear suntasach ar bith d'allmhaireoirí ná d'úsáideoirí.

7.3. **Leasanna eile**

(336) Fuarthas amach san imscrúdú bunaidh go bhfuil bearta lena gcosnaítear príomhmhonaróirí bonn thionscal an Aontais a tháirgeann boinn ardcháilíochta nua atá deartha le boinn ardcháilíochta a bheith acu feadh a saolré agus ar féidir iad a atráchtadh, agus na hatráchtóirí atá gníomhach i margadh leibhéal 3, chun leas bheartas an Aontais dramhaíl a laghdú agus amhábhair a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe. Thairis sin, ós rud é gur FBManna den chuid is mó atá gníomhach sa ghnó atráchta, bheadh forchur na mbeart i gcomhréir freisin leis an gcuspóir tábhachtach atá ag an gCoimisiún tacú le FBManna ([76]).

([76]) Aithris (295) Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1579 ón gCoimisiún an 18 Deireadh Fómhair 2018 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchta, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/163 (IO L 263, 22.10.2018, lch. 3).

(337) San imscrúdú bunaidh, bhí aighneachtaí déanta ag soláthróirí lenar tacaíodh le bearta frith-fhóirdheontais a fhorchur ina líomhnaítear go bhfuil bearta den sórt sin fíor-riachtanach chun go mairfidh an tionscal atráchta agus ina luaitear go ndéanfar difear mór dá ngnó gan gníomhaíochtaí atráchta. Ina dhiaidh sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go mbeadh bearta chun leasa soláthróirí tráchta.

(338) In éagmais fianaise nua, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin, amhail san imscrúdú bunaidh, go mbeadh na bearta chun leasa soláthróirí tráchta.

7.4. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(339) Ar bhonn an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh aon chúis an-láidir ann faoi Airteagal 31 den bhun-Rialachán nach mbeadh sé chun leas an Aontais na bearta atá ann cheana maidir le hallmhairí bonn de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a choinneáil ar bun.

8. **BEARTA FRITH-FHÓIRDHEONTAIS**

(340) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir le leanúint den fhóirdheonú, atarlú díobhála agus leas an Aontais, ba cheart na bearta frith-fhóirdheontais maidir le boinn ón tSín a choinneáil ar bun.

(341) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna frith-fhóirdheontais aonair a áirithiú. Níl cur i bhfeidhm dleachta frithchúitimh aonair infheidhme ach amháin nuair a chuirtear sonrasc tráchtála bailí faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Go dtí go dtíolacfar sonrasc den sórt sin, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithchúitimh is infheidhme maidir le ‘gach cuideachta eile’.

(342) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na rátaí aonair dleachta frithchúitimh a chur i bhfeidhm ar allmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d’údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal [1(3)] den Rialachán seo, ní mór dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(343) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d’fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 23(3) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, inter alia, ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtráta(í) aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

(344) Na rátaí dleachta frithchúitimh le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, is infheidhme go heisiach iad maidir leis an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh na Síne arna tháirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo siúd a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir le ‘gach cuideachta eile’. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na dleachtrátaí frithchúitimh aonair.

(345) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfear na rátaí aonair sin maidir le dleacht frithchúitimh i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an t-iarratas a chur chuig an gCoimisiún ([77]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den dleachtráta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(346) Tugadh fógra do gach páirtí leasmhar faoi na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a beartaíodh a mholadh go gcoinneofaí na bearta atá ann cheana ar bun. Deonaíodh tréimhse dóibh freisin chun uiríll a dhéanamh tar éis dóibh an nochtadh sin a dhéanamh.

(347) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([78]), nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna bhfoilsiú i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(348) Tá na bearta dá bhforáiltear sa rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste arna bhunú le hAirteagal 25(1) de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([79]).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121, atá faoi láthair faoi chóid AC 4011 20 90 agus ex 4012 12 00 (cód TARIC 4012 12 00 10) agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

2. Is mar seo a leanas a bheidh na dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha is infheidhme in euro in aghaidh na hítime den táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Dleacht frithchúitimh	Cód breise TARIC
Xingyuan Tire Group Ltd, Co.; Guangrao Xinhongyuan Tyre Co., Ltd	57,28	C331
GITI Radial Tire (Anhui) Company Ltd.; GITI Tire (Fujian) Company Ltd.; GITI Tire (Hualin) Company Ltd.; GITI Tire (Yinchuan) Company Ltd.	11,07	C332
Chongqing Hankook Tire Co., Ltd; Jiangsu Hankook Tire Co., Ltd	3,75	C334
Aeolus Tyre Co., Ltd, Aeolus Tyre (Taiyuan) Co., Ltd; Qingdao Yellow Sea Rubber Co., Ltd; Pirelli Tyre Co., Ltd.	39,77	C877

([77]) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, Stiúrthóireacht G, Rue de la Loi 170, 1040 An Bhruiséil, an Bheilg.
([78]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú), IO L, 2024/2509, 26.9.2024.
([79]) Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí fóirdheonaithe ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (IO L 176, 30.6.2016, lch. 55).

Cuideachta	Dleacht frithchúitimh	Cód breise TARIC
Cuideachtaí eile a chomhoibríonn san imscrúdú frith-fhóirdheontais agus san imscrúdú frithdhumpála araon atá liostaithe in Iarscríbhinn I	27,69	Féach Iarscríbhinn I
Cuideachtaí eile atá ag comhoibriú in imscrúdú frithdhumpála ach nach bhfuil san imscrúdú frith-fhóirdheontais a liostaítear in Iarscríbhinn II	57,28	Féach Iarscríbhinn II
Cuideachtaí eile atá faoi réir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/738 a chomhoibríonn san imscrúdú frith-fhóirdheontais agus san imscrúdú frithdhumpála araon a liostaítear in Iarscríbhinn III	27,69	Féach Iarscríbhinn III
Zhongce Rubber Group Co., Ltd	57,28	C379
Weifang Yuelong Rubber Co., Ltd	57,28	C875
Hefei Wanli Tire Co., Ltd	57,28	C876
Gach cuideachta eile	57,28	C999

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí frithchúitimh aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2, nó in Iarscríbhinní I, II nó III, coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: 'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (ítim(í)) (an táirge lena mbaineann) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é i nDaon-Phoblacht na Síne. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.' Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an dleachtráta is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

4. I gcásanna ina ndearnadh damáiste d'earraí roimh theacht i saorchúrsaíocht dóibh agus, dá bhrí sin, go ndéantar an praghas iarbhír a íocadh nó an praghas atá iníoctha a chionroinnt chun an luach custaim a chinneadh de bhun Airteagal 131 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún, déanfar céatadán ar leith a chomhfhreagraíonn do chionroinnt an phraghais iarbhír a íocadh nó an phraghais iníoctha a bhaint de mhéid na dleachta frith-fhóirdheontais a leagtar síos i mír 2.

5. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha de chuid na Síne nár sampláladh san imscrúdú frith-fhóirdheontais bunaidh ná san imscrúdú frithdhumpála bunaidh:

Ainm na cuideachta	Cód breise TARIC
Bayi Rubber Co., Ltd	C335
Bridgestone (Huizhou) Tire Co., Ltd	C336
Megalith Industrial Group Co., Ltd	C342
Michelin Shenyang Tire Co., Ltd	C343
Nanjing Kumho Tire Co., Ltd	C344
Qingdao Fudong Tyre Co., Ltd	C348
Qingdao Hairunsen Tyre Co., Ltd	C349
Shaanxi Yanchang Petroleum Group Rubber Co., Ltd	C352
Shandong Changfeng Tyres Co., Ltd	C354
Shandong Haohua Tire Co., Ltd	C355
Shandong Hengfeng Rubber & Plastic Co., Ltd	C357
Shandong Homerun Tires Co., Ltd	C359
Shandong Hugerubber Co., Ltd	C361
Shandong Mirage Tyres Co., Ltd	C364
Shandong Vheal Group Co., Ltd	C365
Shandong Wosen Rubber Co., Ltd	C367
Shandong Yongfeng Tyres Co., Ltd	C368
Shandong Yongsheng Rubber Group Co., Ltd; Shandong Santai Rubber Co., Ltd	C369
Shandong Yongtai Group Co., Ltd	C370
Shengtai Group Co., Ltd	C372
Toyo Tire (Zhucheng) Co., Ltd	C374
Weifang Goldshield Tire Co., Ltd	C376
Xuzhou Armour Rubber Company Ltd	C378

IARSCRÍBHINN II

Cuideachtaí eile atá ag comhoibriú san imscrúdú frithdhumpála bunaidh ach nach bhfuil ag comhoibriú san imscrúdú frithfhóirdheontais bunaidh:

Ainm na cuideachta	Cód breise TARIC
Briway Tire Co., Ltd	C337
Goodyear Dalian Tire Co., Ltd	C339
Shandong Hawk International Rubber Industry Co., Ltd	C356
Sichuan Kalevei Technology Co., Ltd	C373

IARSCRÍBHINN III

Cuideachtaí eile atá faoi réir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/738:

Ainm na cuideachta	Cód breise TARIC
Chaoyang Long March Tyre Co., Ltd	C338
Triangle Tyre Co., Ltd	C375
Shandong Wanda Boto Tyre Co., Ltd	C366
Qingdao Doublestar Tire Industrial Co., Ltd	C347
Ningxia Shenzhou Tire Co., Ltd	C345
Guizhou Tíre Co, Ltd	C340
Shandong Huasheng Rubber Co., Ltd	C360
Prinx Chengshan (Shandong) Tire Co., Ltd	C346
Shandong Linglong Tyre Co., Ltd	C363
Shandong Jinyu Tire Co., Ltd	C362
Sailun Group Co., Ltd	C351
Shandong Kaixuan Rubber Co., Ltd	C353
Weifang Shunfuchang Rubber And Plastic Products Co., Ltd	C377
Shandong Hengyu Science & Technology Co., Ltd	C358
Jiangsu General Science Technology Co., Ltd	C341
Shanghai Huayi Group Corp. Ltd; Double Coin Group (Jiang Su) Tyre Co., Ltd	C878
Qingdao GRT Rubber Co., Ltd	C350